Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

14764/11
ADD 29

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0249 (NLE)

WTO 329
AMLAT 84
SERVICES 96
COMER 193

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile |

**IARSCRÍBHINN VII**

# LIOSTA GEALLTANAS MAIDIR LE BUNAÍOCHT

(dá dtagraítear in Airteagal 114 den Chomhaontú seo)

## ROINN A

## AN CHOLÓIM

1. Léirítear i liosta na ngealltanas thíos na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a gealladh de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo agus, trí bhíthin forchoimeádas, na teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh agus ar chóir náisiúnta a bhfuil feidhm acu maidir le bunaíochtaí agus infheisteoirí ón bPáirtí eile sna hearnálacha sin. Tá an liosta comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

   (a) An chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina nglacann an Páirtí an gealltanas, agus raon feidhme an léirscaoilte a bhfuil feidhm ag na forchoimeádais maidir leis;

(b) an dara colún ina dtugtar tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme agus ar an oibleagáid lena mbaineann (Rochtain ar an Margadh nó Cóireáil Náisiúnta). Tá na gealltanais maidir le Rochtain ar an Margadh agus Cóireáil Náisiúnta neamhspleách; dá bhrí sin, mura bhfuil Rochtain ar an Margadh tiomanta i bhfo-earnáil (atá fágtha 'neamhcheangailte'), ní dhéantar an gealltanas Cóireála Náisiúnta a neamhbhailíochtú leis sin.

Níl gealltanas tugtha maidir leis na hearnálacha nó na fo-earnálacha nach n-áirítear sa liosta seo a leanas.

2. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair a shainaithint:

(a) Ciallaíonn 'ISIC rev. 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002; agus

(b) Ciallaíonn CPC an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991.

3. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilíochta, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta nuair nach ionann iad agus rochtain ar an margadh nó teorannú cóireála náisiúnta de réir bhrí Airteagal 112 agus Airteagal113 den Chomhaontú seo. Ní mór do na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas, oibleagáidí seirbhíse uilíche a fháil, aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, ceanglas neamh-idirdhealaitheach nach bhféadfar gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh i gcriosanna cosanta comhshaoil nó i réimsí ar díol spéise staire agus ealaíne ar leith iad), fiú mura liostaítear iad, a bheith infheidhme in aon chás maidir le hinfheisteoirí an Pháirtí eile.

4. I gcomhréir le hAirteagal 107, mír 3 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais nó deontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

5. I gcomhréir le hAirteagal 112 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos ceanglais neamh-idirdhealaitheacha a mhéid a bhaineann le cineálacha foirme dlíthiúla bunaíochta.

6. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta gealltanas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

NÓTAÍ MAIDIR LEIS NA TEORAINNEACHA A CHUIRTEAR I BHFEIDHM MAIDIR LE GEALLTANAIS SHONRACHA EARNÁLA MAIDIR LE BUNAÍOCHT IN EARNÁLACHA SEIRBHÍSÍ AGUS NEAMHSHEIRBHÍSÍ

Nóta Uimhir. 1: Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de réir cearta nó roghanna do mhionlaigh agus do ghrúpaí eitneacha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch, lena n-áirítear maidir leis na tailte comhchoiteanna atá i seilbh grúpaí eitneacha i gcomhréir le hAirteagal 63 den Constitución Política de Colombia. Iad seo a leanas na grúpaí eitneacha sa Cholóim: daoine dúchasacha agus Róm, pobail Afracacha-Colómacha agus pobal Raizal Oileánra San Andrés, Providencia agus Santa Catalina.

Nóta Uimhir. 2: Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de réir cearta nó fabhar do phobail áitiúla maidir le tacaíocht agus forbairt léirithe a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha dholáimhsithe a dhearbhaítear de bhun Resolución Uimh. 0168 de 2005.

Nóta Uimhir. 3: Má chinneann Stát na Colóime a leas i bhfiontar a dhíol go hiomlán nó go páirteach le duine seachas fiontar de chuid stát na Colóime nó eintiteas eile de chuid rialtas na Colóime, déanfaidh sé ar dtús an leas sin a thairiscint go heisiach ar dtús, agus faoi na coinníollacha atá bunaithe in Airteagail 3 agus 11 de Ley 226 de 1995, do na dreamanna seo a leanas:

(a) fostaithe reatha, fostaithe ar pinsean agus iarfhostaithe (seachas iarfhostaithe a foirceannadh ar chúis chóir) de chuid an fhiontair agus de chuid fiontar eile atá faoi úinéireacht nó faoi rialú an fhiontair;

(b) comhlachais d’fhostaithe agus d’iarfhostaithe an fhiontair;

(c) ceardchumainn fostaithe;

(d) cónaidhmeanna agus cónaidhmeanna ceardchumann;

(e) cistí fostaithe (‘fondos de empleados’);

(f) cistí pinsin agus cistí téarfa; agus

(g) eintitis chomhoibríocha.

A luaithe a aistrítear nó a dhíoltar an leas sin, áfach, ní fhorchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon aistriú nó diúscairt eile ar an leas sin ina dhiaidh sin a rialú.

Nóta Uimhir. 4: Ní foláir do dhuine dlítheanach arna eagrú faoi dhlíthe tíre eile, agus lena phríomh-chónaí i dtír eile, a bhunú mar bhrainse sa Cholóim d’fhonn lamháltas a fhaightear ó Stát na Colóime a fhorbairt.

Nóta Uimhir. 5: Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha nó dlíthiúla lena bpríomhoifig i saorphort San Andrés, Providencia, agus Santa Catalina seirbhísí a sholáthar sa réigiún seo.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Cánacha<br><br>Cóir náisiúnta<br><br>Maidir le corparáidí eachtracha, is ann do cháin ar sheoltáin brabús[1]. |
| GACH EARNÁIL | Réadmhaoin<br><br>Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le húinéireacht maoine réadaí ag eachtrannaigh ar réigiúin teorann, ar chóstaí náisiúnta, nó ar chríoch oileánach na Colóime.<br><br>Chun críocha na hiontrála seo:<br><br>ciallaíonn 'réigiún teorann' crios dhá chiliméadar ar leithead, atá comhthreomhar leis an líne teorann náisiúnta;<br>ciallaíonn 'cósta náisiúnta' crios dhá chiliméadar ar leithead, atá comhthreomhar le líne na taoide is airde; agus<br>ciallaíonn 'críoch oileánach' oileáin, oileáiníní, céanna, cinn tíre, agus tanalaigh ar cuid de chríoch na Colóime iad. |

1 Measann an Cholóim go bhfuil an cháin sin i gcomhréir le forálacha Airteagal XIV de GATS, go háirithe le fonóta mhír (d) agus dá bhrí sin níl sí sonraithe ná sceidealta sa liosta sin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Infheistíocht<br><br>Rochtain ar an Margadh agus Cóireáil Náisiúnta<br><br>Ceadaítear infheistíocht eachtrach i ngach earnáil den gheilleagar cé is moite de thionscadail infheistíochta i ngníomhaíochtaí a bhaineann le cosaint náisiúnta agus dramhaíl thocsaineach, ghuaiseach nó radaighníomhach nach dtáirgtear sa Cholóim a phróiseáil agus a dhiúscairt. |
| 1. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT, FORAOISEACHT | |
| A. Talmhaíocht, sealgaireacht (ISIC rev 3.1: 011, 012, 013, 014, 015) seachas seirbhíse comhairle agus sainchomhairle[2] | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| B. Foraoiseacht agus lománaíocht (ISIC rev 3.1: 020) seachas seirbhísí comhairle agus sainchomhairle[3] | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |

[2] Tá seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin atá gaolmhar le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F(f) agus 6.F(g).

[3] Tá seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin atá gaolmhar le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F(f) agus 6.F(g).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 2. IASCAIREACHT AGUS DOBHARSHAOTHRÚ<br>(ISIC rev. 3.1: 0501, 0502) seachas seirbhísí comhairle agus sainchomhairle[4] | Rochtain ar an Margadh agus Cóireáil Náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh na Colóime gabháil d'iascaireacht cheardaíochta.<br><br>Ní fhéadfaidh soitheach a bhfuil bratach eachtrach ar foluain aige dul i mbun iascaireachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara in uiscí teorann na Colóime ach amháin i gcomhar le fiontar ón gColóim a bhfuil cead aige. Tá costais an cheada agus an cheadúnais iascaireachta níos airde i gcás soithí a bhfuil bratach choigríche ar foluain acu ná i gcás soithí a bhfuil bratach na Colóime ar foluain acu.<br><br>Más rud é gur bratach tíre is páirtí i gcomhaontú déthaobhach eile leis an gColóim í bratach soithigh a bhfuil bratach ar foluain aige, cinnfear le téarmaí an chomhaontaithe dhéthaobhaigh eile sin cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an gceanglas a bheith bainteach le fiontar de chuid na Colóime ar leis cead. |
| 3. MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALÚ | |
| A. Mianadóireacht guail agus lignîte; eastóscadh móna<br>(ISIC rev 3.1: (10) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| B. Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha[5]<br>(ISIC rev 3.1: (1110) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| C. Mianadóireacht ar mhianta miotail<br>(ISIC rev 3.1: (13) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |

[4] Tá seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin atá gaolmhar le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F(f) agus 6.F(g).

[5] Ní áirítear leis seo seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht arna dtabhairt ar bhonn táille nó conartha ag olacheantair agus gáscheantair atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.A.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Mianadóireacht agus cairéalacht eile<br>(ISIC rev 3.1: (14) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| 4. DÉANTÚSAÍOCHT[6] | |
| A. Monarú táirgí bia agus deochanna<br>(ISIC rev 3.1: (15) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| B. Monarú táirgí tobac<br>(ISIC rev 3.1: (16) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| C. Monarú teicstílí<br>(ISIC rev 3.1: (17) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| D. Monarú corpbhirt; treiscíniú agus ruaimniú fionnaidh<br>(ISIC rev 3.1: (18) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| E. Súdaireacht agus treiscíniú leathair; monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaiteoireacht, úmacha agus coisbhirt<br>(ISIC rev 3.1: (19) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| F. Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú rudaí tuí agus ábhar fite<br>(ISIC rev 3.1: (20) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |

6 Ní áirítear leis an earnáil seo seirbhísí comhairle a bhaineann le monaraíocht, atá le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(h).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| G. Monarú páipéir agus táirgí páipéir (ISIC rev 3.1: (21) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| H. Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta[7] (ISIC rev 3.1: (22), seachas foilsiú agus priontáil ar bhonn táille nó conartha[8] | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| I. Monarú táirgí oighinn cóic (ISIC rev 3.1: (231) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| J. Monarú táirgí peitriliam scagtha (ISIC rev 3.1: (232) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| K. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha seachas pléascáin (ISIC rev 3.1: 24 seachas monarú pléascán) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| L. Monarú táirgí rubair agus plaisteach (ISIC rev 3.1: (25) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |

7 Tá an earnáil teoranta do ghníomhaíochtaí monaraíochta. Ní áirítear leis seo gníomhaíochtaí atá gaolmhar leis an gclosamharc nó a léiríonn ábhar cultúrtha.
8 Tá foilsiú agus priontáil ar bhonn táille nó conartha le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(p).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| M. Monarú táirgí eile mianracha neamh-mhiotalacha<br>(ISIC rev 3.1: (26) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| N. Monarú bunmhiotal<br>(ISIC rev 3.1: (27) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| O. Monarú táirgí miotail déanta, seachas innealra agus trealamh<br>(ISIC rev 3.1: (28) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| P. Monarú innealra | |
| (a) Monarú innealra ilchuspóirigh eile<br>(ISIC rev 3.1: (291) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (b) Monarú innealra sainchuspóirigh seachas airm agus muinisin<br>(ISIC rev 3.1: 2921, 2922, 2923, 2924, 2925, 2926, 2929) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (c) Monarú gléasanna teaghlaigh g.a.e.<br>(ISIC rev 3.1: (293) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (d) Monarú innealra oifige, cuntasaíochta agus ríomhaireachta (ISIC rev 3.1: (30) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (e) monarú innealra agus gairis leictrigh g.a.e. (ISIC rev 3.1: (31) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (f) Monarú trealaimh agus gléasra raidió, teilifíse agus cumarsáide (ISIC rev 3.1: (32) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| Q. Monarú ionstraimí míochaine, beachtuirlisí agus ionstraimí optúla, uaireadóirí agus clog (ISIC rev 3.1: (33) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| R. Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí (ISIC rev 3.1: (34) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| S. Monarú trealaimh iompair eile (neamh-mhíleata) (ISIC rev 3.1: 35 seachas longa cogaidh, eitleáin chogaidh agus trealamh iompair eile le haghaidh úsáid mhíleata a mhonarú) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| T. Monarú troscáin; monarú nach n-aicmítear in áit ar bith eile.<br>(ISIC rev 3.1: 361, 369) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| U. Athchúrsáil<br>(ISIC rev 3.1: (37) | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| 5. TÁIRGEADH; TARCHUR AGUS DÁILEADH LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS UISCE THE AR FÉINCHUNTAS (SEACHAS GINIÚINT LEICTREACHAIS NÚICLÉACH-BHUNAITHE) | |
| A. Táirgeadh leictreachais; tarchur agus dáileadh leictreachas ar féinchuntas<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4010)[9] | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Ní fhéadfaidh ach fiontair arna n-eagrú faoi dhlí na Colóime roimh an 12 Iúil 1994 dul i mbun margaíochta (comercialización) agus tarchur cumhachta leictrí nó páirt a ghlacadh i níos mó ná ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas ag an am céanna: cumhacht leictreach a tháirgeadh, a ghineadh, a thraschur, a leithdháileadh nó a sholáthar. |

9 Ní áirítear leis seo oibriú córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais ar bhonn táille nó conartha, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Monarú gáis; dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlíonra ar féinchuntas<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4020)[10] | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| C. Táirgeadh gaile agus uisce the a tháirgeadh; dáileadh gaile agus uisce the ar féinchuntas<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4030)[11] | Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| 6. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. Seirbhísí Gairmiúla | |
| (a) Seirbhísí Dlí<br>(CPC 861)<br>Ní féidir ach le dlíodóirí atá cáilithe go háitiúil seirbhísí a sholáthar i ndáil leis an dlí náisiúnta. | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

10 Ní áirítear leis seo iompar gáis nádúrtha agus breoslaí gásacha trí phíblínte, tarchur agus dáileadh gáis ar bhonn táille nó conartha agus díolacháin gáis nádúrtha agus breoslaí gásacha, atá le fáil in SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

11 Ní áirítear leis seo tarchur agus dáileadh gaile agus uisce the ar bhonn táille nó conartha ná díolacháin gaile agus uisce the, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (b) 1. Seirbhísí Cuntasaíochta agus Leabharchoimeádta<br>(CPC 862) | Cóir náisiúnta<br><br>Is gá clárú mar chuntasóir, agus chuige sin is gá do dhuine a bheith ina náisiúnach den Cholóim a bhfuil cearta sibhialta á bhfeidhmiú aige nó sainchónaí sa Cholóim air ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh an iarratas. Fianaise ar thaithí chuntasaíochta nach lú ná 1 bhliain, a fuarthas sa Cholóim le linn nó ar chríochnú staidéir sa chuntasaíocht phoiblí.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith |
| (c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(CPC 863) | Forchoimeádas ar bith |
| (d) Seirbhísí ailtireachta<br>agus<br>(e) Pleanáil uirbeach agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br>(CPC 8671 agus CPC 8674) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (f) Seirbhísí innealtóireachta<br>agus<br>(g) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(CPC 8672 agus CPC 8673) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (i) Seirbhísí Tréidliachta<br>(CPC 932) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Neamhcheangailte. |
| (k) Miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha<br>(CPC 63211)<br>agus seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí<br><br>– Forálacha atá leagtha amach le haghaidh Earnáil 9. Tá feidhm ag Seirbhísí Dáileacháin | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. An ríomhaireacht agus seirbhísí atá gaolmhar leis an ríomhaireacht (CPC 84) | Le haghaidh CPC 841, CPC 842, CPC 843 agus CPC 844 Forchoimeádas ar bith<br>Le haghaidh CPC 845+ 849 Rochtain ar an Margadh: Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo.<br>Le haghaidh CPC 845+ 849 Cóir Náisiúnta: Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| C. Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta | Tá feidhm ag nótaí 1, 2 agus 3 den Roinn seo mar theorainneacha ar Chóir Náisiúnta maidir leis an earnáil seo. |
| (a) Seirbhísí forbartha taighde agus turgnamhaí sna heolaíochtaí fisiciúla (CPC 85101) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas go mbunaítear sásraí agus dreasachtaí chun aistriú teicneolaíochta agus leithreasú eolais ag gnólachtaí áitiúla a spreagadh, le rannpháirtíocht, i gcás inar féidir, grúpaí agus lárionaid taighde aitheanta.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Neamhcheangailte |
| (b) Seirbhísí forbartha taighde agus turgnamhaí sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí (CPC 852) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas go mbunaítear sásraí agus dreasachtaí chun aistriú teicneolaíochta agus leithreasú eolais ag gnólachtaí áitiúla a spreagadh, le rannpháirtíocht, i gcás inar féidir, grúpaí agus lárionaid taighde aitheanta.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Neamhcheangailte |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (c) Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta Idirdhisciplíneacha (CPC 853) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas go mbunaítear sásraí agus dreasachtaí chun aistriú teicneolaíochta agus leithreasú eolais ag gnólachtaí áitiúla a spreagadh, le rannpháirtíocht, i gcás inar féidir, grúpaí agus lárionaid taighde aitheanta.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Neamhcheangailte |
| D. Seirbhísí réadmhaoine | |
| (a) A bhaineann le maoin faoi úinéireachta nó maoin ar léas (CPC 821) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (b) Ar tháille nó ar bhonn conartha (CPC 822) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Seirbhísí Cíosa/Léasaithe gan Oibreoirí | |
| (a) A bhaineann le Longa<br>(CPC 83103) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (b) A bhaineann le hAerárthaí<br>(CPC 83104) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (c) A bhaineann le Trealamh Iompair Eile<br>(CPC 83101, CPC 83102 agus CPC 83105) | Forchoimeádas ar bith |
| (d) A bhaineann le Trealamh Iompair Eile<br>(CPC 83101, CPC 83102 agus CPC 83105) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (e) A bhaineann le hearraí pearsanta agus earraí tí<br>(CPC 832) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (f) Trealamh teileachumarsáide a chur amach ar cíos<br>(CPC 7541) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| F. Seirbhísí Gnó Eile | |
| (b) Taighde Margaidh agus Pobalbhreitheanna<br>(CPC 864) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (c) Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Bainistíochta<br>(CPC 865) | Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (d) Seirbhísí atá Gaolmhar le Sainchomhairleoireacht Bainistíochta<br>(CPC 866) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (e) Seirbhísí Tástála agus Anailíse Teicniúla<br>(CPC 8676) | Forchoimeádas ar bith |
| (f) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a bhaineann le Talmhaíocht, Sealgaireacht agus Foraoiseacht<br>(cuid de CPC 881) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (g) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a Bhaineann le hIascach<br>(cuid de CPC 882) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh na Colóime gabháil d'iascaireacht cheardaíochta.<br><br>Tá costais an cheada agus an cheadúnais iascaireachta níos airde i gcás soithí a bhfuil bratach choigríche ar foluain acu ná i gcás soithí a bhfuil bratach na Colóime ar foluain acu.<br><br>Más rud é gur bratach tíre is páirtí i gcomhaontú déthaobhach eile leis an gColóim í bratach soithigh a bhfuil bratach ar foluain aige, cinnfear le téarmaí an chomhaontaithe dhéthaobhaigh eile sin cé acu atá nó nach bhfuil feidhm ag an gceanglas a bheith bainteach le fiontar de chuid na Colóime ar leis cead<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Ní fhéadfaidh soitheach a bhfuil bratach eachtrach ar foluain aige dul i mbun iascaireachta agus gníomhaíochtaí gaolmhara in uiscí teorann na Colóime ach amháin i gcomhar le fiontar ón gColóim a bhfuil cead aige. |
| (h) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a bhaineann le Monaraíocht<br>(cuid de CPC 884, cuid de CPC 885, gan na seirbhísí ar cuid de CPC 88442 a chur san áireamh) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (i) Seirbhísí maidir le Socrúchán agus Soláthar Pearsanra<br>(CPC 872) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (k) Seirbhísí Gaolmhara Sainchomhairleoireachta Eolaíochta agus Teicniúla<br>(CPC 8675) | Forchoimeádas ar bith |
| (l) (1). Cothabháil agus deisiú soithí<br>(cuid de CPC 8868) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (l) (2). Cothabháil agus deisiú trealamh iompair iarnróid<br>(cuid de CPC 8868) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (l) (3). Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompar bóthair<br>(CPC 6112, CPC 6122, cuid de CPC 8867 agus cuid de CPC 8868) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (l) (4). Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh<br>(CPC 8868) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (l) (5). Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do tháirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealamh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí<br>(CPC 633, CPC 7545, CPC 8861, CPC 8862, CPC 8864, CPC 8865 agus CPC 8866) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (m) Seirbhísí Glantacháin Foirgneamh<br>(CPC 874) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (o) Seirbhísí Pacáistithe<br>(CPC 876) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (p) Priontáil agus Foilsitheoireacht<br>(CPC 88442) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| (q) Seirbhísí Coinbhinsiúin<br>(CPC 87909) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (r) 1. Seirbhísí Aistriúcháin agus Ateangaireachta<br>(CPC 87905) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (r) 2. Seirbhísí Deartha Intí agus Seirbhísí Deartha Speisialtachta eile<br>(CPC 87907)<br>Ní áirítear dearadh seodra ná dearadh ceardaíochta | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (r) 3. Seirbhísí Gníomhaireachta Bailiúcháin<br>(CPC 87902) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (r) 4. Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa<br>(CPC 87901) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (r) 5. Seirbhísí dúbailte<br>(CPC 87904)[12] | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

[12] Ní áirítear leis seo seirbhísí priontála, a thagann faoi CPC 88442 agus atá le fáil faoi 6.F (p).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (r) 6. Seirbhísí sainchomhairleoireachta teileachumarsáide<br>(CPC 7544) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| (r) 7. Seirbhísí freagartha teileafóin<br>(CPC 87903) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 7. SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE | |
| A. Seirbhísí poist agus cúiréireachta<br>Seirbhísí a bhaineann le hearraí poist[13]a láimhseáil[14] de réir an liosta fo-earnálacha seo a leanas, cibé acu le haghaidh cinn scríbe intíre nó eachtracha: | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo<br>Ní fhéadfaidh ach daoine dlíthiúla arna mbunú faoi dhlí na Colóime arb é is príomhchuspóir corparáideach dóibh seirbhísí poist agus seirbhísí cúiréireachta a sholáthar sa Cholóim<br>Rochtain ar an margadh:<br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo.<br>Sa Cholóim, is é an t-oibreoir poist oifigiúil amháin a sholáthraíonn na seirbhísí poist a luaitear in (i) go (iv). |

[13] Ba cheart glacadh leis go n-áirítear imréiteach, sórtáil, iompar agus seachadadh leis an téarma ‘láimhseáil.’

[14] Tagraíonn ‘earra poist’ d'earraí a láimhseálann oibreoir tráchtála de chineál ar bith, bíodh sé poiblí nó príobháideach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (i) teachtaireachtaí scríofa dírithe a láimhseáil ar aon chineál meáin fhisiciúil[15], lena n-áirítear<br>- Seirbhís poist hibrideach<br>- Post díreach<br>(ii) beartáin agus pacáistí a mbeidh seoladh chucu a láimhseáil[16]<br>(iii) láimhseáil táirgí preasa ar a bhfuil seoladh[17],<br>(iv) láimhseáil na n-earraí<br>dá dtagraítear in (i) go (ii) thuas<br>mar phost cláraithe nó árachaithe<br>(v) seirbhísí mearsheachadta[18] le haghaidh earraí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas,<br>(vi) earraí nach bhfuil seoladh orthu a láimhseáil,<br>(vii) Malartú doiciméad[19] | |

15 E.g. litir, cártaí poist.

16 Tá leabhair, catalóga san áireamh anseo thíos.

17 Irisleabhair, nuachtáin, tréimhseacháin.

18 Féadfaidh eilimintí breisluacha a bheith san áireamh sna seirbhísí mearsheachadta, chomh maith le luas agus iontaofacht níos fearr, eilimintí amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú agus lorgaireacht, an fhéidearthacht an ceann scríbe agus an seolaí a athrú faoi bhealach, dearbhú fála.

19 Modhanna a sholáthar, lena n-áirítear áitreabh ad hoc a sholáthar chomh maith le hiompar ag tríú páirtí, lena gceadaítear féinseachadadh trí mhalartú frithpháirteach earraí poist idir úsáideoirí a shuibscríobhann leis an tseirbhís sin. Tagraíonn earra poist d'earraí a láimhseálann oibreoir tráchtála de chineál ar bith, bíodh sé poiblí nó príobháideach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí teileachumarsáide[20]<br>Ní chumhdaíonn na seirbhísí sin an ghníomhaíocht eacnamaíoch arb é atá inti ábhar a sholáthar a éilíonn seirbhísí teileachumarsáide le haghaidh a iompair. | |
| (a) Gach seirbhís arb éard atá inti comharthaí a tharchur agus a ghlacadh ar aon mhodha leictreamaighnéadach[21], seachas craoltóireacht[22] | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith, seachas go soláthraíonn *Colombia Telecomunicaciones S.A. E.S.P.* seirbhísí teileafónaíochta poiblí aistrithe fadraoin faoi na coinníollacha rialála céanna leis na hoibreoirí eile, seachas an íocaíocht tosaigh ceadúnais agus fad bailíochta an cheadúnais.<br>Rochtain ar an margadh<br>Forchoimeádas ar bith |
| (b) Seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith<br>Rochtain ar an margadh<br>Forchoimeádas ar bith |

20 Sa Cholóim, tá soláthar líonraí agus seirbhísí teileachumarsáide, ar seirbhís phoiblí é a chuirtear de chúram ar an stát, forleathan agus ní mór íoc as trí ranníocaíocht a dhéanamh leis an gCiste um Theicneolaíocht Faisnéise agus Teileachumarsáide. (Airteagal 10 Dlí 1341)

21 Ní áirítear sna seirbhísí sin faisnéis ar líne agus/nó próiseáil sonraí (lena n-áirítear próiseáil idirbheart) a áirítear i Roinn 1.B. Seirbhísí Ríomhaireachta.

22 Sainmhínítear craoltóireacht mar an slabhra tarchurtha gan bhriseadh a theastaíonn chun comharthaí cláir teilifíse agus raidió a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne, ach ní chumhdaítear léi naisc inneachair idir oibreoirí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA INNEALTÓIREACHTA (CPC 511, CPC 512, CPC 513, CPC 514, CPC 515, CPC 516, CPC 517 agus CPC 518) | Le haghaidh CPC 511, CPC 512, CPC 513, CPC 514, CPC 515 agus CPC 516: Forchoimeádas ar bith<br><br>Le haghaidh CPC 517 agus 518: Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Le haghaidh CPC 517 agus 518: Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| 9. SEIRBHÍSÍ DÁILEACHÁIN (seachas dáileadh arm, muinisean, pléascán agus ábhar cogaidh eile) | Ní áirítear leis na gealltanais sin earnálacha ina mbunaíonn an rialtas monaplacht, de bhun Airteagal 336 den *Constitución Política de Colombia*, le hioncam le tiomnú do sheirbhísí poiblí nó sóisialta.[23] Ní dhéanann an teorannú sin difear do Chóir Náisiúnta.<br><br>Ní áirítear leis na gealltanais sin na nithe seo a leanas a dháileadh ná a dhíol: leabhair, irisí, foilseacháin thréimhsiúla, nuachtáin chlóite nó leictreonacha; taifeadtaí de scannáin nó d'fhíseáin; taifeadtaí ceoil i bhformáid fuaime nó físe; scóir cheoil chlóite nó as scóir atá inléite ag meaisíní; ceardaíocht.<br><br>Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

[23] Ar dháta sínithe an Chomhaontaithe seo, níl monaplachtaí i bhfeidhm ag an gColóim ach amháin i leith deochanna meisciúla agus cluichí áidh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| A. Seirbhísí Gníomhairí Coimisiúin | |
| (a) Seirbhísí Gníomhairí Coimisiúin ar mhótarfheithiclí, gluaisrothair, mótair shneachta agus páirteanna díobh agus gabhálais dóibh<br>(cuid de CPC 61111, cuid de CPC 6113 agus cuid de CPC 6121) | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Seirbhísí Eile Gníomhairí Coimisiúin<br>(CPC 621) | Forchoimeádas ar bith. |
| B. Seirbhísí Trádála Mórdhíola | |
| (a) Seirbhísí Gníomhairí Coimisiúin ar mhótarfheithiclí, gluaisrothair, mótair shneachta agus páirteanna díobh agus gabhálais dóibh<br>(cuid de CPC 61111, cuid de CPC 6113 agus cuid de CPC 6121) | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Seirbhísí Trádála Mórdhíola i dtrealaimh teirminéil teileachumarsáide<br>(cuid de CPC 7542) | Forchoimeádas ar bith. |
| (c) Seirbhísí trádála mórdhíola eile<br>(CPC 622 seachas seirbhísí trádála mórdhíola táirgí fuinnimh) | Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí Miondíola | |
| (a) Seirbhísí Miondíola ar mhótarfheithiclí, gluaisrothair, mótair shneachta agus páirteanna díobh agus gabhálais dóibh<br>(CPC 61112, cuid de CPC 6113 agus cuid de CPC 6121) | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Seirbhísí Miondíola i dtrealamh teirminéil teileachumarsáide<br>(cuid de CPC 7542) | Forchoimeádas ar bith. |
| (c) Seirbhísí miondíola bia<br>(CPC 631) | Forchoimeádas ar bith. |
| (d) Seirbhísí miondíola earraí eile (neamhfhuinnimh), seachas miondíol earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha<br>(CPC 632 seachas CPC 63211 agus 63297) | Forchoimeádas ar bith. |
| D. Saincheadú<br>(CPC 8929) | Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 10. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS (seirbhísí arna maoiniú go príobháideach amháin) | |
| D. Seirbhísí Oideachais Aosaigh (CPC 924)[24] | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| 11. SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL | Ní áirítear leis na gealltanais sin seirbhísí poiblí bíodh siad faoi úinéireacht rialtais áitiúil, réigiúnaigh nó láir nó bíodh siad á n-oibriú nó ar conradh acu.<br><br>Ní mór d'fhiontar seirbhíse poiblí baile seirbhísí séarachais, seirbhísí diúscartha bruscair agus seirbhísí sláintíochta agus seirbhísí comhchosúla a sholáthar, agus ní mór iad a eagrú faoin gcóras 'Empresas de Servicios Públicos' nó 'ESP', ní mór sainchónaí a bheith orthu sa Cholóim agus iad a bheith eagraithe faoi dhlí na Colóime mar scairchuideachta (*sociedad por acciones*).<br><br>Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

[24] Tuigeann an Cholóim go gciallaíonn an gnáthchóras oideachais an córas oideachais foirmiúil dá bhforáiltear ina reachtaíocht.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| A. Seirbhísí Fuíolluisce (CPC 9401) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas go dtabharfar tús áite d'fhiontar ina bhfuil leas rialaithe ag pobal eagraithe áitiúil ar fhiontair a bhfuil tairiscintí coibhéiseacha acu i ndeonú lamháltais nó ceadúnais chun seirbhísí poiblí baile a sholáthar don phobal sin.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |
| B. Bainistíocht dramhaíola soladaí/ghuaisí, seachas iompar trasteorann dramhaíola guaisí | |
| (a) Seirbhísí diúscartha bruscair (CPC 9402) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas go dtabharfar tús áite d'fhiontar ina bhfuil leas rialaithe ag pobal eagraithe áitiúil ar fhiontair a bhfuil tairiscintí coibhéiseacha acu i ndeonú lamháltais nó ceadúnais chun seirbhísí poiblí baile a sholáthar don phobal sin.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (b) Sláintíocht agus Seirbhísí Comhchosúla<br>(CPC 9403) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas go dtabharfar tús áite d’fhiontar ina bhfuil leas rialaithe ag pobal eagraithe áitiúil ar fhiontair a bhfuil tairiscintí coibhéiseacha acu i ndeonú lamháltais nó ceadúnais chun seirbhísí poiblí baile a sholáthar don phobal sin.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |
| C. Cosaint an aeir chomhthimpeallaigh agus na haeráide<br>(CPC 9404)[25] | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |
| D. Feabhsú agus glanadh suas ithreach agus uiscí | |
| (a) Cóireáil, feabhsú ithreach agus uisce éillithe/truaillithe<br>(cuid de CPC 9406) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |

[25] Comhfhreagraíonn an méid seo do Sheirbhísí Glantacháin Gás Sceite.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Laghdú torainn agus creathaidh<br>(CPC 9405) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |
| F. Cosaint bithéagsúlachta agus tírdhreacha | |
| (a) Seirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha<br>(cuid de CPC 9406) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |
| G. Seirbhísí comhshaoil agus coimhdeacha eile<br>(CPC 94090) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas seirbhísí arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 12. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | |
| Gach seirbhís airgeadais | Cé is moite d'athárachas agus d'aisghéilleadh, níl feidhm ag aon ní sna gealltanais seo maidir le seirbhísí airgeadais atá mar chuid de chóras reachtúil slándála sóisialta nó pleananna scoir phoiblí.<br><br>Agus sealúchais Stáit i bhfiontair á ndiúscairt, tairgtear coinníollacha speisialta do dhaoine nádúrtha nó dlítheanacha na Colóime amháin.<br><br>Ní cheadaítear soláthróirí seirbhísí airgeadais a bhunú ón gcoigríoch ach amháin i bhfoirm cuideachtaí cleamhnaithe nó fochuideachtaí cleamhnaithe. Ní mór soláthar seirbhísí airgeadais a bheith ag freagairt don chuspóir atá údaraithe go sonrach, agus ní mór dó an fhoirm chorparáideach a cheanglaítear le reachtaíocht na Colóime a ghlacadh. Ní fhéadfaidh gníomhaireachtaí eintiteas eachtrach airgeadais seirbhísí airgeadais a sholáthar sa Cholóim.<br><br>I gcás Bainc agus Cuideachtaí Árachais agus tráth nach déanaí ná ceithre (4) bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ceadóidh an Cholóim bunú trí bhrainsí |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun roghnú conas rialáil a dhéanamh ar chineálacha bunaíochta brainsí den sórt sin, lena n-áirítear, i measc nithe eile, a saintréithe, a struchtúr, a ngaol lena máthairchuideachta, ceanglais chaipitil, cúlchistí teicniúla, agus oibleagáidí maidir le patrúin riosca agus a n-infheistíochtaí[26]. Eisiatar módúlachtaí eile.<br><br>Chun na críche sin, féadfaidh an Cholóim a cheangal go ndéanfar an caipiteal a shanntar do bhrainsí bhainc an Pháirtí eile sa Cholóim a thabhairt go héifeachtach isteach sa Cholóim agus é a chomhshó in airgeadra áitiúil, i gcomhréir le dlí na Colóime. Beidh oibríochtaí bhrainsí bhainc an Pháirtí eile teoranta ag an gcaipiteal a shannfar agus a thabharfar isteach sa Cholóim.<br><br>Is gá réamhúdarú Rialtais a bheith ann chun seirbhísí airgeadais a sholáthar sa Cholóim. Deonaítear an t-údarú sin i gcomhréir leis na ceanglais ábhartha i reachtaíocht na Colóime agus leis na prionsabail rialála a nglactar leo go ginearálta ar an leibhéal idirnáisiúnta. |

[26] Féadfaidh an Cholóim na ceanglais seo a leanas a bhunú, i measc nithe eile:
(a) ceangal a chur ar bhrainsí na hoibleagáidí céanna a cheanglaítear faoi láthair nó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtodhchaí na mbanc atá bunaithe faoi dhlí na Colóime a chomhlíonadh;
(b) a áirithiú go bhfuil sásraí ann chun a áirithiú go mbeidh faisnéis a bhaineann le banc ar leith de chuid an Pháirtí eile ar fáil don Cholóim ó údaráis mhaoirseachta agus/nó rialála airgeadais an Pháirtí eile sin sula gceadófar don bhanc sin brainse a bhunú;
(c) a cheangal ar bhanc a fhéachann lena bhunú trí bhrainse chun a léiriú go gcomhlíonann sé na ceanglais maoirseachta rialála agus stuamachta ina thír thionscnaimh, i gcomhréir le cleachtais idirnáisiúnta;
(d) a cheangal go mbeidh na gníomhartha a dhéanfar sa Cholóim agus na conarthaí a dhéanfaidh brainsí de bhainc an Pháirtí eile atá bunaithe sa Cholóim faoi réir dhlí agus údaráis na Colóime;
(e) Rialacháin a eisiúint le haghaidh na mbrainsí, a bhféadfadh baint a bheith acu leis na gnéithe seo a leanas dá gcuid oibriúcháin, i measc nithe eile; an córas ceadúnúcháin; cuntasaíocht; freagracht na riarthóirí; na hoibríochtaí údaraithe, lena n-áirítear oibríochtaí leis an mbanc ceannais; freagracht i leith creidiúnaithe áitiúla;
(f) a cheangal go gcaithfear mar an gcéanna le caipiteal tosaigh an bhrainse agus gach caipitliú ina dhiaidh sin;
(g) a cheangal, chun críoch idirbheart idir brainse atá bunaithe sa Cholóim agus a mháthairchuideachta nó cuideachtaí gaolmhara eile, go measfar gur institiúid neamhspleách gach ceann de na heintitis sin agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, go mbeidh institiúid airgeadais de chuid an Pháirtí eile faoi dhliteanas i leith na n-oibleagáidí a chonraíonn a brainse sa Cholóim;
(h) a cheangal ar úinéirí agus ar ionadaithe brainsí atá bunaithe sa Cholóim na ceanglais maidir le sócmhainneacht agus sláine morálta arna mbunú leis an dlí sa Cholóim agus nach mór do scairshealbhóirí na n-eintiteas airgeadais arna n-eagrú sa Cholóim a chomhlíonadh; agus
(i) cead a thabhairt do bhrainsí atá bunaithe sa Cholóim a nglanbhrabúis a aistriú, ar choinníoll nach bhfuil aon easnamh ina gcorrlach sócmhainneachta ná easnamh i gceanglais chaipitil eile atá beartaithe i rialacháin áitiúla.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| | Go háirithe, an t-údarú lena gceadaítear do sholáthróirí seirbhísí airgeadais oibriú sa Cholóim, tá sé faoi réir fhíorú ag an Maoirseoir Airgeadais (*Superintendencia Financiera de Colombia*) ar charachtar, freagracht agus cáilíochtaí na ndaoine atá rannpháirteach san oibríocht mar úinéirí, stiúrthóirí nó bainisteoirí.<br><br>Ina theannta sin, fíoraíonn an Maoirseoir Airgeadais go bhfuil rialuithe sásúla ag na heintitis is iarrthóirí chun sciúradh sócmhainní a chosc agus chun rioscaí a bhainistiú, agus go bhfuil maoirseacht chomhdhlúite acu i gcomhréir le prionsabail a nglactar go ginearálta leo ina leith sin ar an leibhéal idirnáisiúnta.<br><br>Tráth nach déanaí ná ceithre (4) bliana tar éis theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, ceadóidh an Cholóim do bhainc agus do chuideachtaí árachais an Pháirtí eile bunú ina chríoch trí bhíthin brainsí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| A. Árachas agus seirbhísí atá gaolmhar leis an árachas | |
| 1. árachas díreach (comhárachas san áireamh) | Forchoimeádas ar bith, seachas go bhforchoimeádann an Cholóim an ceart chun roghnú conas bunú brainsí a rialáil, lena n-áirítear, i measc nithe eile, a saintréithe, a struchtúr, a ngaol lena máthairchuideachta, an córas ceadúnúcháin; cuntasaíocht; freagracht na riarthóirí; na hoibríochtaí údaraithe, lena n-áirítear oibríochtaí leis an mbanc ceannais; freagracht i leith creidiúnaithe áitiúla; ceanglais chaipitil, cúlchistí teicniúla, agus oibleagáidí maidir le oidhreacht riosca agus a n-infheistíochtaí[27].<br><br>Chun na críche sin, féadfaidh an Cholóim a cheangal go ndéanfar an caipiteal a shanntar do bhrainsí cuideachtaí árachais an Pháirtí eile sa Cholóim a thabhairt go héifeachtach isteach sa Cholóim agus é a chomhshó in airgeadra áitiúil, i gcomhréir le dlí na Colóime. Beidh oibríochtaí chuideachta árachais an Pháirtí eile teoranta ag an gcaipiteal a shannfar agus a thabharfar isteach sa Cholóim |

---

[27] Féadfaidh an Cholóim na ceanglais seo a leanas a bhunú, i measc nithe eile:

(a) ceangal a chur ar bhrainsí na hoibleagáidí céanna a cheanglaítear faoi láthair nó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtodhchaí cuideachtaí árachais arna mbunú faoi dhlí na Colóime a chomhlíonadh;

(b) a áirithiú go bhfuil sásraí ann chun a áirithiú go mbeidh faisnéis a bhaineann le cuideachta árachais ar leith de chuid an Pháirtí eile ar fáil don Cholóim ó údaráis mhaoirseachta agus/nó rialála airgeadais an Pháirtí eile sin sula gceadófar don chuideachta árachais sin brainse a bhunú;

(c) a cheangal ar chuideachta árachais a fhéachann le bhunú trí bhrainse a léiriú go gcomhlíonann sí na ceanglais maoirseachta rialála agus stuamachta ina tír thionscnaimh, i gcomhréir le cleachtais idirnáisiúnta;

(d) a cheangal go mbeidh na gníomhartha a dhéanfar sa Cholóim agus na conarthaí a dhéanfaidh brainsí de chuideachta árachais an Pháirtí eile atá bunaithe sa Cholóim faoi réir dhlí agus údaráis na Colóime;

(e) a cheangal go gcaithfear mar an gcéanna le caipiteal agus cúlchistí tosaigh an bhrainse agus gach caipitliú ina dhiaidh sin;

(f) a cheangal, chun críoch idirbheart idir brainse atá bunaithe sa Cholóim agus a mháthairchuideachta nó cuideachtaí gaolmhara eile, go measfar gur institiúid neamhspleách gach ceann de na heintitis sin agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, go mbeidh institiúid airgeadais de chuid an Pháirtí eile faoi dhliteanas i leith na n-oibleagáidí a chonraíonn a brainse sa Cholóim;

(g) a cheangal ar úinéirí agus ar ionadaithe brainsí atá bunaithe sa Cholóim na ceanglais maidir le sócmhainneacht agus sláine morálta arna mbunú leis an dlí sa Cholóim agus nach mór do scairshealbhóirí na n-eintiteas airgeadais arna n-eagrú sa Cholóim a chomhlíonadh; agus

(h) cead a thabhairt do bhrainsí atá bunaithe sa Cholóim a nglanbhrabúis a aistriú, ar choinníoll nach mbeidh aon easnamh in infheistíocht a gcúlchistí teicniúla a d'fhéadfadh a bheith ina sárú ar a n-oibleagáidí conarthacha, ná easnamh ina gcorrlach sócmhainneachta nó cúlchistí teicniúla arb ionann iad agus cumhdach neamhleor ó chúlchiste diallta ráta na n-éileamh agus rioscaí eile a d'fhéadfadh teacht chun cinn ina n-oibriú, ná easnamh i gceanglais chaipitil eile atá beartaithe i rialacháin áitiúla.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 2. atharachas agus aisghéilleadh<br><br>3. idirghabháil árachais, amhail bróicéireacht agus gníomhaireacht<br><br>4. seirbhísí atá tánaisteach i leith árachais, cuir i gcás sainchomhairleoireacht, seirbhísí achtúireacha, measúnú riosca, agus seirbhísí maidir le héilimh a shocrú | Forchoimeádas ar bith. |
| B. Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas) | |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 1. glacadh le taiscí agus cistí inaisíoctha eile ón bpobal<br><br>2. iasachtú de gach cineál, lena n-áirítear creidmheas tomhaltóra, creidmheas morgáiste, fachtóireacht, agus idirbhearta tráchtála a mhaoiniú<br><br>3. léasú airgeadais | Forchoimeádas ar bith, seachas go bhforchoimeádann an Cholóim an ceart chun roghnú conas bunú brainsí a rialáil, lena n-áirítear, i measc nithe eile, a saintréithe, a struchtúr, a ngaol lena máthairchuideachta, an córas ceadúnúcháin; cuntasaíocht; freagracht na riarthóirí; na hoibríochtaí údaraithe, lena n-áirítear oibríochtaí leis an mbanc ceannais; freagracht i leith creidiúnaithe áitiúla; ceanglais chaipitil, cúlchistí teicniúla, agus oibleagáidí maidir le oidhreacht riosca agus a n-infheistíochtaí, ceanglais chaipitil, cúlchistí teicniúla, agus oibleagáidí maidir le oidhreacht riosca agus a n-infheistíochtaí[28].<br><br>Chun na críche sin, féadfaidh an Cholóim a cheangal go ndéanfar an caipiteal a shanntar do bhrainsí bhainc an Pháirtí eile sa Cholóim a thabhairt go héifeachtach isteach sa Cholóim agus é a chomhshó in airgeadra áitiúil, i gcomhréir le dlí na Colóime. Beidh oibríochtaí bhrainsí bhainc an Pháirtí eile teoranta ag an gcaipiteal a shannfar agus a thabharfar isteach sa Cholóim. |

[28] Féadfaidh an Cholóim na ceanglais seo a leanas a bhunú, i measc nithe eile:
(a) ceangal a chur ar bhrainsí na hoibleagáidí céanna a cheanglaítear faoi láthair nó a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil i dtodhchaí na mbanc atá bunaithe faoi dhlí na Colóime a chomhlíonadh;
(b) a áirithiú go bhfuil sásraí ann chun a áirithiú go mbeidh faisnéis a bhaineann le banc ar leith de chuid an Pháirtí eile ar fáil don Cholóim ó údaráis mhaoirseachta agus/nó rialála airgeadais an Pháirtí eile sin sula gceadófar don bhanc sin brainse a bhunú;
(c) a cheangal ar bhanc a fhéachann lena bhunú trí bhrainse chun a léiriú go gcomhlíonann sé na ceanglais maoirseachta rialála agus stuamachta ina thír thionscnaimh, i gcomhréir le cleachtais idirnáisiúnta;
(d) a cheangal go mbeidh na gníomhartha agus na conarthaí a dhéanfaidh brainsí de bhainc an Pháirtí eile sa Cholóim, atá bunaithe sa Cholóim faoi réir dhlí agus údaráis na Colóime;
(e) rialacháin a eisiúint le haghaidh na mbrainsí dá dtagraítear sna gealltanais, a bhféadfadh baint a bheith acu leis na gnéithe seo a leanas dá gcuid oibriúcháin, i measc nithe eile; an córas ceadúnúcháin; cuntasaíocht; freagracht na riarthóirí; na hoibríochtaí údaraithe, lena n-áirítear oibríochtaí leis an mbanc ceannais; freagracht i leith creidiúnaithe áitiúla;
(f) a cheangal go gcaithfear mar an gcéanna le caipiteal tosaigh an bhrainse agus aon chaipitliú ina dhiaidh sin;
(g) a cheangal, chun críoch idirbheart idir brainse atá bunaithe sa Cholóim agus a mháthairchuideachta nó cuideachtaí gaolmhara eile, go measfar gur institiúid neamhspleách gach ceann de na heintitis sin agus, gan dochar don mhéid sin roimhe seo, go mbeidh institiúid airgeadais de chuid an Pháirtí eile faoi dhliteanas i leith na n-oibleagáidí a chonraíonn a brainse sa Cholóim;
(h) a cheangal ar úinéirí agus ar ionadaithe brainsí atá bunaithe sa Cholóim na ceanglais maidir le sócmhainneacht agus sláine morálta arna mbunú leis an dlí sa Cholóim agus nach mór do scairshealbhóirí na n-eintiteas airgeadais arna n-eagrú sa Cholóim a chomhlíonadh; agus
(i) Cead a thabhairt do bhrainsí atá bunaithe sa Cholóim a nglanbhrabúis a aistriú, ar choinníoll nach dtagann aon easnamh chun cinn sa corrlach sócmhainneachta agus sna ceanglais chaipitil eile atá beartaithe i rialacháin áitiúla.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 4. gach seirbhís íocaíochta agus tarchuir airgid, lena n-áirítear cártaí creidmheasa, cártaí muirir agus cártaí dochair, seiceanna taistil, agus dréachtaí baincéirí<br><br>5. ráthaíochtaí agus gealltanais<br><br>6. trádáil a dhéanamh ar a gcuntas féin nó ar chuntas custaiméirí, cibé acu ar mhalartán, i margadh thar an gcuntar nó ar shlí eile, ar na nithe seo a leanas:<br><br>(a) ionstraimí margaidh airgid (lena n-áirítear seiceanna, billí, deimhnithe taisce);<br><br>(b) malairt eachtrach; | |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (c) táirgí díorthacha, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta dóibh, todhchaíochtaí agus roghanna;<br><br>(d) ionstraimí ráta malairte agus ionstraimí ráta úis, lena n-áirítear táirgí amhail babhtálacha agus comhaontuithe ar réamhráta;<br><br>(e). urrúis inaistrithe; agus<br><br>(f) ionstraimí agus sócmhainní airgeadais soshannta eile, lena n-áirítear buillean.<br><br>7. rannpháirtíocht in eisiúintí de gach cineál urrús, lena n-áirítear frithghealladh agus socrú mar ghníomhaire (go poiblí nó go príobháideach) agus soláthar seirbhísí a bhaineann le heisiúintí den chineál sin<br><br>8. bróicéireacht airgid | |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 9. bainistíocht sócmhainní, amhail bainistíocht airgid thirim nó punainne, gach cineál comhbhainistíochta, bainistíocht cistí pinsin, seirbhísí coimeádta, taisclainne agus iontaobhais, cé is moite de chistí pinsin, bainistíocht cistí íocaíochta bainistíochta agus téarfa (Sociedades Administradoras de Fondos de Pensiones y Cesantias) agus bainistíocht sócmhainní eile a bhaineann leis an gcóras slándála sóisialta. | Forchoimeádas ar bith, gan iad seo a leanas a áireamh:<br><br>seirbhísí coimeádta, ach amháin má bhaineann siad le scéim comhinfheistíochta a bhainistiú;<br>seirbhísí iontaobhais, ach gan sealbhú iontaobhais infheistíochtaí ag scéim comhinfheistíochta arna bunú mar iontaobhas a eisiamh ; agus;<br>seirbhísí forghníomhúcháin, ach amháin má bhaineann siad le scéim comhinfheistíochta a bhainistiú. |
| 10. seirbhísí socraíochta agus imréitigh le haghaidh sócmhainní airgeadais, lena n-áirítear urrúis, táirgí díorthacha, agus ionstraimí soshannta eile<br><br>11. soláthar agus aistriú faisnéise airgeadais, agus próiseáil sonraí airgeadais agus bogearraí gaolmhara. | Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 12. seirbhísí comhairleacha, idirghabhála agus seirbhísí airgeadais cúntacha eile maidir leis na gníomhaíochtaí a liostaítear i bhfomhíreanna 1 go 11, lena n-áirítear teistiméireacht chreidmheasa agus anailís airgeadais, taighde agus comhairle faoi infheistíocht agus punanna, comhairle maidir le héadálacha agus maidir le hathstruchtúrú corparáideach agus straitéisí corparáideacha | |
| 14. SEIRBHÍSÍ ATÁ GAOLMHAR LE TAISTEAL AGUS TURASÓIREACHT | |
| A. Óstáin, Bialanna agus Lónadóireacht<br>(CPC 641, CPC 642 agus CPC 643) | Le haghaidh CPC 641<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Le haghaidh CPC 642 agus CPC 643 Cóir Náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Le haghaidh CPC 642 agus CPC 643 Rochtain ar an Margadh<br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí Gníomhaireachta Taistil agus Tionscnóra Turas (CPC 7471) | Forchoimeádas ar bith. |
| C. Seirbhísí Treoraithe Turasóireachta (CPC 7472) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| 15. SEIRBHÍSÍ ÁINEASA, CULTÚIR AGUS SPÓIRT (seachas seirbhísí closamhairc) | |
| A. Seirbhísí Siamsaíochta | |
| Seirbhísí sorcais, páirce siamsaíochta agus tarraingtí comhchosúla (CPC 96194) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí bálseomra, dioscó agus teagascóirí damhsa (CPC 96195) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| B. Seirbhísí Gníomhaireachtaí Preasa agus Nuachta (CPC 962) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Caithfidh stiúrthóir nó bainisteoir ginearálta nuachtáin arna fhoilsiú sa Cholóim a dhíríonn ar pholaitíocht na Colóime a bheith ina náisiúnach den Cholóim. |
| C. Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim agus seirbhísí cultúir eile (seirbhísí arna maoiniú go príobháideach amháin) (CPC 963) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Neamhcheangailte. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí spóirt<br>(CPC 9641) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Neamhcheangailte. |
| E. Seirbhísí Páirceanna Áineasa agus Trá<br>(CPC 96491) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| 16. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| A. Iompar muirí | Tugann an Cholóim gealltanais de réir Liosta na Seirbhísí Muiriompair. |
| B. Iompar ar uiscebhealaí inmheánacha | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7221) | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Iompar lasta<br>(CPC 7222) | Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Iompar d'iarnród | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7111) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí. |
| (b) Iompar lasta<br>(CPC 7112) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí. |
| D. Iompar de bhóthar | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7121 agus CPC 7122) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí. |
| (b) Iompar lasta<br>(CPC 7123, seachas iompar poist ar féinchuntas) | Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Iompar earraí seachas breosla ar phíblíne<br>(CPC 7139) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí. |
| 17. SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Neamhcheangailte maidir le líon na lamháltas agus líon iomlán na n-oibríochtaí. |
| A. Seirbhísí cúnta don Mhuiriompar | |
| (g) Soithí a Ligean ar Cíos le Criú<br>(CPC 7213) | Forchoimeádas ar bith. |
| (h) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7214) | Cóir Náisiúnta agus Rochtain ar an Margadh<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sealbhóir lamháltais chun seirbhísí calafoirt a sholáthar a eagrú faoi dhlí na Colóime mar chorparáid (*sociedad anónima*) a bhfuil sé mar chuspóir corparáideach aige calafoirt a thógáil, a chothabháil agus a riar. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (j) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de CPC 749) | Forchoimeádas ar bith. |
| B. Seirbhísí cúnta don iompar ar uiscebhealaí intíre | |
| (a) Seirbhísí láimhseála lastais<br>(cuid de CPC 741) | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Seirbhísí stórála agus trádstórais<br>(cuid de CPC 742) | Forchoimeádas ar bith. |
| (c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta<br>(cuid de CPC 748) | Forchoimeádas ar bith. |
| (d) Soithí a Ligean ar Cíos le Criú<br>(CPC 7223) | Forchoimeádas ar bith. |
| (e) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7224) | Cóir Náisiúnta agus Rochtain ar an Margadh<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sealbhóir lamháltais chun seirbhísí calafoirt a sholáthar a eagrú faoi dhlí na Colóime mar chorparáid (*sociedad anónima*) a bhfuil sé mar chuspóir corparáideach aige calafoirt a thógáil, a chothabháil agus a riar. |
| (g) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de CPC 749) | Forchoimeádas ar bith. |
| C. Seirbhísí cúnta don iompar iarnróid | |
| (a) Seirbhísí láimhseála lastais<br>(cuid de CPC 741) | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Seirbhísí stórála agus trádstórais<br>(cuid de CPC 742) | Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta<br>(cuid de CPC 748) | Forchoimeádas ar bith. |
| (d) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7113) | Forchoimeádas ar bith. |
| (e) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh seirbhísí iompair iarnróid<br>(CPC 743) | Forchoimeádas ar bith. |
| (f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile B<br>(cuid de CPC 749) | Forchoimeádas ar bith. |
| Seirbhísí Imréitigh Custaim (mar a shainmhínítear i bpointe 5 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sainchónaí a bheith ar dhuine sa Cholóim nó ionadaí sainchónaitheach a bheith aige atá freagrach de réir dlí as a chuid gníomhaíochtaí sa Cholóim chun na seirbhísí custaim seo a leanas a fheidhmiú: idirghabháil chustaim, idirghabháil le haghaidh seirbhísí poist (‘*intermediación para servicios postales*’) agus *mensajeria especializada* (lena n-áirítear mearsheachadadh), marsantacht a thaisceadh, marsantacht a iompar faoi rialú custaim, nó seirbhísí lastais idirnáisiúnta, nó gníomhú mar Bhuanúsáideoirí Custaim (‘*Usuarios Aduaneros Permanentes*’) nó Úsáideoirí Móronnmhairiúcháin (‘*Usuarios Altamente Exportadores*’).<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith[29], seachas srianta ar líon na lamhháltas le haghaidh na gcineálacha seo seirbhíse. |

[29] Féadfaidh feidhm a bheith ag nósanna imeachta lamhháltais fóntais phoiblí nó nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás an fearann poiblí a bheith á áitiú.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí cúnta don iompar de bhóthar | |
| (a) Seirbhísí láimhseála lastais<br>(cuid de CPC 741) | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Seirbhísí stórála agus trádstórais<br>(cuid de CPC 742) | Forchoimeádas ar bith. |
| (c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta<br>(cuid de CPC 748) | Forchoimeádas ar bith. |
| (d) Feithiclí Tráchtála Bóthair a Ligean ar Cíos le hOibreoirí<br>(CPC 7124) | Forchoimeádas ar bith. |
| (e) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh trealamh iompair de bhóthar<br>(CPC 744) | Forchoimeádas ar bith. |
| (f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de CPC 749) | Forchoimeádas ar bith. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí Imréitigh Custaim (mar a shainmhínítear i bpointe 5 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sainchónaí a bheith ar dhuine sa Cholóim nó ionadaí sainchónaitheach a bheith aige atá freagrach de réir dlí as a chuid gníomhaíochtaí sa Cholóim chun na seirbhísí custaim seo a leanas a fheidhmiú: idirghabháil chustaim, idirghabháil le haghaidh seirbhísí poist ('*intermediación para servicios postales*') agus *mensajeria especializada* (lena n-áirítear mearsheachadadh), marsantacht a thaisceadh, marsantacht a iompar faoi rialú custaim, nó seirbhísí lastais idirnáisiúnta, nó gníomhú mar Bhuanúsáideoirí Custaim ('*Usuarios Aduaneros Permanentes*') nó Úsáideoirí Móronnmhairiúcháin ('*Usuarios Altamente Exportadores*').<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith[30], seachas srianta ar líon na lamháltas le haghaidh na gcineálacha seo seirbhíse. |
| E. Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair | |
| (a) seirbhísí láimhseála ar an talamh | Forchoimeádas ar bith. |
| (b) Seirbhísí stórála agus trádstórais (cuid de CPC 742) | Forchoimeádas ar bith. |
| (c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta<br>(cuid de CPC 748) | Forchoimeádas ar bith. |
| (e) Díolachán agus Margaíocht | Forchoimeádas ar bith, seachas forálacha maidir le coimisiúin agus/nó íocaíochtaí a chuireann iompróirí i bhfeidhm maidir le gníomhairí taistil agus le hidirghabhálaithe i gcoitinne. |
| (f) Córas Áirithinte ar Ríomhaire | Forchoimeádas ar bith. |
| (g) Bainistíocht aerfoirt | Forchoimeádas ar bith. |

30 Féadfaidh feidhm a bheith ag nósanna imeachta lamháltais fóntais phoiblí nó nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás an fearann poiblí a bheith á áitiú.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí Imréitigh Custaim (mar a shainmhínítear i bpointe 5 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sainchónaí a bheith ar dhuine sa Cholóim nó ionadaí sainchónaitheach a bheith aige atá freagrach de réir dlí as a chuid gníomhaíochtaí sa Cholóim chun na seirbhísí custaim seo a leanas a fheidhmiú: idirghabháil chustaim, idirghabháil le haghaidh seirbhísí poist ('*intermediación para servicios postales*') agus *mensajeria especializada* (lena n-áirítear mearsheachadadh), marsantacht a thaisceadh, marsantacht a iompar faoi rialú custaim, nó seirbhísí lastais idirnáisiúnta, nó gníomhú mar Bhuanúsáideoirí Custaim ('*Usuarios Aduaneros Permanentes*') nó Úsáideoirí Móronnmhairiúcháin ('*Usuarios Altamente Exportadores*').<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith[31], seachas srianta ar líon na lamháltas le haghaidh na gcineálacha seo seirbhíse. |
| F. Seirbhísí cúnta d'iompar earraí trí phíblíne seachas breosla | |
| (a) Seirbhísí stórála agus trádstórais le haghaidh earraí seachas breosla a iompraítear trí phíblínte,<br>(cuid de CPC 742) | Forchoimeádas ar bith. |
| 18. SEIRBHÍSÍ FUINNIMH | |
| A. Seirbhísí a Bhaineann leis an Mianadóireacht<br>(CPC 883) | Forchoimeádas ar bith |

[31] Féadfaidh feidhm a bheith ag nósanna imeachta lamháltais fóntais phoiblí nó nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás an fearann poiblí a bheith á áitiú.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha<br>(CPC 71310) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Neamhcheangailte maidir le líon na lamháltas agus líon iomlán na n-oibríochtaí. |
| C. Stóráil agus seirbhísí trádstórais le haghaidh breoslaí arna n-iompar trí phíblínte<br>(cuid de CPC 742)<br><br>Seirbhísí bulcstórála do leachtanna nó gás<br>(CPC 74220) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo. |
| D. Seirbhísí trádála mórdhíola breoslaí soladacha, leachta agus gásacha agus táirgí gaolmhara<br>(CPC 62271)<br><br>agus seirbhísí trádála mórdhíola i leictreachas, gaile agus uisce te<br><br>Beidh feidhm ag an méid a leagtar amach in Earnáil 9. Seirbhísí dáileacháin | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach bhféadfaidh ach fiontair arna n-eagrú faoi dhlí na Colóime roimh an 12 Iúil 1994 dul i mbun margaíochta (*comercialización*) agus tarchur cumhachta leictrí nó páirt a ghlacadh i níos mó ná ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas ag an am céanna: cumhacht leictreach a tháirgeadh, a ghineadh, a thraschur, a leithdháileadh nó a sholáthar. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. Seirbhísí Miondíola breosla mótair<br>(CPC 613)<br><br>Beidh feidhm ag an méid a leagtar amach in Earnáil 9. Seirbhísí dáileacháin | Forchoimeádas ar bith. |
| F. Miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid<br>(CPC 63297)<br><br>agus miondíol seirbhísí leictreachais (gáis neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the<br><br>Beidh feidhm ag an méid a leagtar amach in Earnáil 9. Seirbhísí dáileacháin | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach bhféadfaidh ach fiontair arna n-eagrú faoi dhlí na Colóime roimh an 12 Iúil 1994 dul i mbun margaíochta (*comercialización*) agus tarchur cumhachta leictrí nó páirt a ghlacadh i níos mó ná ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas ag an am céanna: cumhacht leictreach a tháirgeadh, a ghineadh, a thraschur, a leithdháileadh nó a sholáthar. |
| G. Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh (lena n-áirítear tarchur/dáileadh leictreachais a oibriú)<br>(CPC 887) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Ní fhéadfaidh ach fiontair arna n-eagrú faoi dhlí na Colóime roimh an 12 Iúil 1994 dul i mbun margaíochta (*comercialización*) agus tarchur cumhachta leictrí nó páirt a ghlacadh i níos mó ná ceann amháin de na gníomhaíochtaí seo a leanas ag an am céanna: cumhacht leictreach a tháirgeadh, a ghineadh, a thraschur, a leithdháileadh nó a sholáthar.<br><br>Neamhcheangailte i ndáil le limistéir eisiacha a bhunú le haghaidh seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh chun seirbhís uilíoch a áirithiú |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| SEIRBHÍSÍ POBAIL, SÓISIALTA AGUS PEARSANTA<br>SEIRBHÍSÍ EILE | |
| Seirbhísí sochraide, créamtha agus adhlacóireachta<br>(CPC 97030) | Cóir náisiúnta<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nótaí uimhir 1, 2 agus 3 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Rochtain ar mhargaí<br><br>Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear i nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo.<br><br>Is féidir le heintitis de chineál comhoibritheach nó frithpháirteach, eintitis neamhbhrabúis (*entidades sin ánimo de lucro*) agus corparáidí (*sociedades comerciales*), dá dtagraítear in Airteagal 86 de Dhlí 1328 de 2009, seirbhísí sochraide a sholáthar, beag beann ar cé hiad a scairshealbhóirí. |

LIOSTA NA SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR

NÓTAÍ A GHABHANN LE LIOSTA NA SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR IDIRNÁISIÚNTA

I gcás nach gcumhdaítear seirbhísí bóthair, iarnróid, uiscebhealaí intíre agus seirbhísí cúntacha gaolmhara go hiomlán ar shlí eile sa liosta seo, beidh an cumas ag oibreoir iompair ilmhódúil (a shainmhínítear i bpointe 3 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) trucailí, carráistí iarnróid nó báirsí, agus trealamh gaolmhar, a ligean ar cíos nó a léasú, chun lastas a chur ar aghaidh intíre, nó rochtain a bheith aige ar na cineálacha gníomhaíochtaí ilmhódacha sin agus úsáid a bhaint astu ar théarmaí agus coinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha chun oibríochtaí iompair ilmhódaigh a dhéanamh.

Ciallaíonn 'téarmaí agus coinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha', chun críche oibríochtaí iompair ilmhódaigh agus an ghealltanais bhreise seo, cumas an oibreora iompair ilmhódaigh socrú a dhéanamh chun a mharsantacht a iompar go tráthúil, lena n-áirítear tosaíocht ar mharsantacht eile a tháinig isteach sa chalafort ar dháta níos déanaí.

SAINMHÍNITHE

1. I gcás na Colóime, mar gheall ar a suíomh geografach, is é a chiallaíonn 'cabatáiste' an cabatáiste a dhéantar idir calafoirt ilchríochacha na Colóime nó calafoirt oileánacha na Colóime, i gcomhréir le hAirteagal 143 d'Fhoraithne 2324 de 1984[32] agus Airteagal 2 d'Fhoraithne 804 de 2001[33].

2. Ciallaíonn 'cineálacha eile láithreachta tráchtála chun seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a sholáthar' an cumas atá ag soláthróirí seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta de chuid Comhaltaí eile tabhairt faoi na gníomhaíochtaí go léir atá riachtanach chun seirbhís iompair atá comhtháite go páirteach nó go hiomlán a sholáthar dá gcustaiméirí, ar gné shubstaintiúil di laistigh di an t-iompar muirí. (Ní fhorléireofar an gealltanas sin, áfach, mar ghealltanas a chuireann teorainn ar bhealach ar bith leis na gealltanais a gabhadh de láimh faoin modh seachadta trasteorann).

---

32 FORAITHNE 2324, 1984: (....). 'AIRTEAGAL 143.- IOMPAR IDIRNÁISIÚNTA AGUS CABATÁISTE: D'fhéadfadh seirbhísí iompair mhuirí a bheith idirnáisiúnta nó cabatáiste a bheith i gceist leo. Soláthraítear na seirbhísí idirnáisiúnta idir calafoirt eachtracha agus calafoirt na Colóime, agus na seirbhísí cabatáiste idir calafoirt na Colóime.
*PARÁGRAFO* [MÍR]:-Nuair a dhéantar an lastas a luchtú/a urscaoileadh in oibríocht chabatáiste iompair nó nuair a dhéantar paisinéirí a luchtú/a dhíluchtú i gcalafort eachtrach, breithneofar an méid sin, gona éifeachtaí uile, mar iompar idirnáisiúnta.'

33 FORAITHNE 804, 2001: 'Airteagal 2: Sainmhínithe: (...) Iompar muirí cabatáiste: An t-iompar a dhéantar idir calafoirt ilchríochacha na Colóime nó calafoirt oileánacha na Colóime'

Áirítear ar na gníomhaíochtaí sin na nithe seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

(a) margaíocht agus díolacháin iompair mhuirí agus seirbhísí gaolmhara trí theagmháil dhíreach le custaiméirí, ó luachan go sonrascadh, arb iad na seirbhísí sin iad siúd atá á n-oibriú nó á dtairiscint ag an soláthróir seirbhíse féin nó ag soláthróirí seirbhíse a bhfuil buansocruithe gnó bunaithe ag an díoltóir seirbhíse leo;

(b) aon seirbhísí iompair agus seirbhísí gaolmhara a fháil, ar a gcuntas féin nó thar ceann a gcustaiméirí (agus a n-athdhíol lena gcustaiméirí), lena n-áirítear seirbhísí iompair isteach de réir modh ar bith, go háirithe uiscebhealaí intíre, de bhóthar agus d’iarnród, atá riachtanach chun an tseirbhís chomhtháite a sholáthar;

(c) doiciméid a ullmhú a bhaineann le doiciméid iompair, doiciméid chustaim, nó doiciméid eile a bhaineann le tionscnamh agus cineál na n-earraí a iompraítear;

(d) faisnéis ghnó a sholáthar ar aon mhodh, lena n-áirítear córais faisnéise ríomhairithe agus idirmhalartú leictreonach sonraí (faoi réir fhorálacha Roinn 4, Caibidil 5, Teideal IV den Chomhaontú seo);

(e) aon socruithe gnó a bhunú (lena n-áirítear rannpháirtíocht i stoc cuideachta) agus pearsanra a earcaítear go háitiúil a cheapadh (nó, i gcás pearsanra eachtrach, faoi réir an ghealltanais chothrománaigh maidir le gluaiseacht pearsanra) le haon ghníomhaireacht loingseoireachta a bhunaítear go háitiúil;

(f) gníomhú thar ceann na gcuideachtaí a eagraíonn glao na loinge nó a ghlacfaidh lastaí nuair is gá.

3. Ciallaíonn 'oibreoir iompair ilmhódach' an duine a n-eisítear an bille luchta/doiciméad iompair ilmhódaigh thar a cheann, nó aon doiciméad eile lena bhfianaítear conradh iompair ilmhódaigh earraí, agus atá freagrach as iompar earraí de bhun an chonartha iompair.

4. ciallaíonn 'seirbhísí láimhseála lasta mhuirí' gníomhaíochtaí a fheidhmíonn cuideachtaí stíbheadóra, lena n-áirítear oibreoirí críochfoirt ach nach ndéanann gníomhaíochtaí díreacha dugairí a áireamh nuair a dhéantar na hoibrithe a eagrú go neamhspleách ar na cuideachtaí stíbheadóra nó ar na cuideachtaí oibreora críochfoirt. Ar na seirbhísí a chumhdaítear tá eagrú agus maoirseacht na nithe a leanas:

– lasta a luchtú ar shoitheach nó a dhíluchtú as soitheach;

– lasta a cheangal nó a dhícheangal;

– glacadh le lasta nó é a sheachadadh agus é a choimeád slán roimh loingsiú nó tar éis a dhíluchtaithe.

5. ciallaíonn 'seirbhísí imréitigh custaim' ('seirbhísí bróicéirí tithe custaim' mar mhalairt air sin), gníomhaíochtaí arb é atá iontu foirmiúlachtaí custaim a dhéanamh, thar ceann páirtí eile, cinn a bhaineann le hallmhairiú, onnmhairiú nó tré-iompar lastas, cibé acu an í an tseirbhís sin príomhghníomhaíocht an tsoláthróra seirbhíse nó gníomhaíocht thánaisteach a ghabhann leis an bpríomhghníomhaíocht sin.

6. ciallaíonn 'seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta' gníomhaíochtaí arb é atá iontu coimeádáin a stóráil, bíodh sin i limistéir chalafoirt nó go hintíre d'fhonn iad a phacáil/a nochtadh, a dheisiú, a iad a chur ar fáil lena loingsiú.

7. ciallaíonn 'seirbhísí gníomhaireachta muirí' gníomhaíochtaí lena ndéantar ionadaíocht, mar ghníomhaire, laistigh de limistéar geografach ar leith, ar leasanna gnó líne loingseoireachta amháin nó níos mó nó cuideachta loingseoireachta amháin nó níos mó, chun na gcríoch seo a leanas:

– margaíocht agus díolachán a dhéanamh ar sheirbhísí muiriompair agus seirbhísí gaolmhara, ó luachan go heisiúint sonrasc, billí luchta a eisiúint thar ceann na gcuideachtaí, na seirbhísí gaolmhara is gá a fháil agus a athdhíol, doiciméadacht a ullmhú, agus faisnéis ghnó a sholáthar;

– gníomhú thar ceann na gcuideachtaí a eagraíonn glao na loinge nó a ghlacfaidh lastaí nuair is gá.

8. ciallaíonn ‘seirbhísí seolta lasta’ an ghníomhaíocht arb í oibríochtaí loingseoireachta a eagrú agus faireachán a dhéanamh orthu thar ceann seoltóirí, trí iompar a shealbhú agus seirbhísí gaolmhara a shocrú, trí dhoiciméid a ullmhú agus trí fhaisnéis ghnó a sholáthar.

9. Gluaiseacht trealaimh. Féadfaidh soláthróirí iompair mhuirí idirnáisiúnta trealamh (coimeádáin fholmha, leapacha leata, etc.) a aistriú/a athlonnú ina longa idir calafoirt na Colóime[34].

[34] De réir reachtaíocht na Colóime, ní áirítear *cabotaje* sna gníomhaíochtaí sin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| SEIRBHÍSÍ IOMPAIR | |
| SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR | |
| Iompar Idirnáisiúnta (lasta agus paisinéirí) CPC 7211 agus 7212 lúide iompar cabatáiste (mar a shainmhínítear i bpointe 1 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | (a) Bunú cuideachta cláraithe chun cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta<br>Cóir náisiúnta<br>Neamhcheangailte<br>Rochtain ar mhargaí<br>Neamhcheangailte<br>(b) Cineálacha eile láithreachta tráchtála chun seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta a sholáthar (mar a shainmhínítear i bpointe 2 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo):<br>Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith<br>Rochtain ar mhargaí<br>Forchoimeádas ar bith<br>Cuirtear na seirbhísí seo a leanas ag an gcalafort ar fáil do sholáthróirí iompair mhuirí idirnáisiúnta ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha:<br>1. Píolótaíocht<br>2. Tarraingt agus cúnamh tugaí<br>3. Soláthar, breoslú agus uisciú<br>4. Bailiú dramhaíola agus diúscairt dramhaíola<br>5. Seirbhísí captaein calafoirt<br>6. Áiseanna loingseoireachta<br>7. Seirbhísí oibríochtúla ar tír atá riachtanach d’oibríochtaí long lena n-áirítear cumarsáid, uisce agus soláthairtí leictreacha<br>8. Saoráidí éigeandála deisiúcháin<br>9. Seirbhísí ancaireachta, calaithe agus feistithe |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí cúnta muiriompair | |
| Seirbhísí láimhseála lasta mhuirí (mar a shainmhínítear i bpointe -4 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sealbhóir lamháltais chun seirbhísí calafoirt a sholáthar a eagrú faoi dhlí na Colóime mar chorparáid (*sociedad anónima*) a bhfuil sé mar chuspóir corparáideach aige calafoirt a thógáil, a chothabháil agus a riar.<br><br>Ní fhéadfaidh ach soithí brataí de chuid na Colóime seirbhísí calafoirt a sholáthar in uiscí na Colóime. I gcásanna eisceachtúla, áfach, féadfaidh an *Dirección General Marítima* soláthar seirbhísí den sórt sin ag soithí eachtracha brataí a údarú mura bhfuil sé d'acmhainn ag aon soitheach de chuid na Colóime an tseirbhís sin a sholáthar. Eiseofar an t-údarú ar feadh 6 mhí, ach féadfar síneadh bliana a chur leis.<br>Rochtain ar mhargaí<br>Forchoimeádas ar bith[35], seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí le haghaidh na gcineálacha sin seirbhísí.<br><br>Ní mór sealbhóir lamháltais chun seirbhísí calafoirt a sholáthar a eagrú faoi dhlí na Colóime mar chorparáid (*sociedad anónima*) a bhfuil sé mar chuspóir corparáideach aici calafoirt a thógáil, a chothabháil agus a riar. |
| Seirbhísí Stórála agus Trádstórála(CPC 742) | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sealbhóir lamháltais chun seirbhísí calafoirt a sholáthar a eagrú faoi dhlí na Colóime mar chorparáid (*sociedad anónima*) a bhfuil sé mar chuspóir corparáideach aige calafoirt a thógáil, a chothabháil agus a riar.<br>Ní fhéadfaidh ach soithí brataí de chuid na Colóime seirbhísí calafoirt a sholáthar in uiscí na Colóime. I gcásanna eisceachtúla, áfach, féadfaidh an *Dirección General Marítima* soláthar seirbhísí den sórt sin ag soithí eachtracha brataí a údarú mura bhfuil sé d'acmhainn ag aon soitheach de chuid na Colóime an tseirbhís sin a sholáthar. Eiseofar an t-údarú ar feadh 6 mhí, ach féadfar síneadh bliana a chur leis.<br>Rochtain ar mhargaí<br>Forchoimeádas ar bith[36], seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí le haghaidh na gcineálacha sin seirbhísí.<br>Ní mór sealbhóir lamháltais chun seirbhísí calafoirt a sholáthar a eagrú faoi dhlí na Colóime mar chorparáid (*sociedad anónima*) a bhfuil sé mar chuspóir corparáideach aici calafoirt a thógáil, a chothabháil agus a riar. |

[35] Féadfaidh feidhm a bheith ag nósanna imeachta lamháltais fóntais phoiblí nó nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás an fearann poiblí a bheith á áitiú.
[36] Féadfaidh feidhm a bheith ag nósanna imeachta lamháltais fóntais phoiblí nó nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás an fearann poiblí a bheith á áitiú.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| Seirbhísí Imréitigh Custaim (mar a shainmhínítear i bpointe 5 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór sainchónaí a bheith ar dhuine sa Cholóim nó ionadaí sainchónaitheach a bheith aige atá freagrach de réir dlí as a chuid gníomhaíochtaí sa Cholóim chun na seirbhísí custaim seo a leanas a fheidhmiú: idirghabháil chustaim, idirghabháil le haghaidh seirbhísí poist ('*intermediación para servicios postales*') agus mensajeria especializada (lena n-áirítear mearsheachadadh), marsantacht a thaisceadh, marsantacht a iompar faoi rialú custaim, nó seirbhísí lastais idirnáisiúnta, nó gníomhú mar Bhuanúsáideoirí Custaim ('*Usuarios Aduaneros Permanentes*') nó Úsáideoirí Móronnmhairiúcháin ('*Usuarios Altamente Exportadores*').<br>Rochtain ar mhargaí<br>Forchoimeádas ar bith[37], seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí le haghaidh na gcineálacha sin seirbhísí. |
| Seirbhísí stáisiún coimeádáin agus iosta (mar a shainmhínítear i bpointe 6 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith<br>Rochtain ar mhargaí<br>Forchoimeádas ar bith[38], seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí le haghaidh na gcineálacha sin seirbhísí. |
| Seirbhísí gníomhaireachta muirí (mar a shainmhínítear i bpointe 7 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith<br>Rochtain ar mhargaí<br>Forchoimeádas ar bith, seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí le haghaidh na gcineálacha sin seirbhísí. |
| Seirbhísí seolta lasta mhuirí (mar a shainmhínítear i bpointe 8 de na sainmhínithe atá sna nótaí a ghabhann le liosta na seirbhísí iompair mhuirí idirnáisiúnta sa Roinn seo) | Cóir náisiúnta<br>Forchoimeádas ar bith<br>Rochtain ar mhargaí<br>Forchoimeádas ar bith, seachas srianta ar líon na lamháltas agus ar líon iomlán na n-oibríochtaí le haghaidh na gcineálacha sin seirbhísí. |

[37] Féadfaidh feidhm a bheith ag nósanna imeachta lamháltais fóntais phoiblí nó nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás an fearann poiblí a bheith á áitiú.

[38] Féadfaidh feidhm a bheith ag nósanna imeachta lamháltais fóntais phoiblí nó nósanna imeachta ceadúnúcháin i gcás an fearann poiblí a bheith á áitiú.

ROINN B

PÁIRTÍ AE

Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas:

| | |
|---|---|
| AT | An Ostair |
| BE | An Bheilg |
| BG | An Bhulgáir |
| CY | An Chipir |
| CZ | Poblacht na Seice |
| DE | An Ghearmáin |
| DK | An Danmhairg |
| ES | An Spáinn |
| EE | An Eastóin |
| AE | an tAontas Eorpach, lena Bhallstáit uile san áireamh |
| FI | An Fhionlainn |
| FR | An Fhrainc |
| EL | An Ghréig |
| HU | An Ungáir |
| IE | Éire |
| IT | An Iodáil |
| LV | an Laitvia |
| LT | An Liotuáin |
| LU | Lucsamburg |
| MT | Málta |
| NL | an Ísiltír |
| PL | An Pholainn |

| | |
|---|---|
| PT | An Phortaingéil |
| RO | An Rómáin |
| SK | Poblacht na Slóvaice |
| SI | An tSlóivéin |
| SE | An tSualainn |
| UK | an Ríocht Aontaithe |

1. Léirítear i liosta na ngealltanas thíos na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a léirscaoileadh de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo agus, trí bhíthin forchoimeádas, na teorainneacha ar rochtain ar an margadh agus ar chóir náisiúnta a bhfuil feidhm acu maidir le bunaíochtaí agus infheisteoirí na dtíortha Aindéacha is sínitheoirí sna gníomhaíochtaí sin. Tá na liostaí comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

   (a) An chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina nglacann an Páirtí an gealltanas, agus raon feidhme an léirscaoilte a bhfuil feidhm ag na forchoimeádais maidir leis; agus

   (b) an dara colún lena ndéantar tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme.

I gcás nach n-áirítear sa cholún dá dtagraítear faoi fhomhír (b) ach forchoimeádais a bhaineann go sonrach le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, tugann na Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nach luaitear ann gealltanais faoi leith san earnáil lena mbaineann gan forchoimeádais[1].

Níl na hearnálacha ná na fo-earnálacha nach luaitear sa liosta thíos faoi ghealltanas.

2. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair a shainaithint:

(a) Ciallaíonn 'ISIC rev 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002;

(b) Ciallaíonn CPC an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991;agus

(c) Ciallaíonn 'CPC leagan 1.0' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC ver. 1.0 1998.

1 Ní dochar easpa forchoimeádas Ballstát-shonrach in earnáil ar leith d'fhorchoimeádais chothrománacha nó d'fhorchoimeádais earnála uile-Aontais a bhféadfadh feidhm a bheith acu.

3. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta nuair nach rochtain ar an margadh ná teorannú ar chóir náisiúnta iad de réir bhrí Airteagail 112 agus 113 den Chomhaontú seo. Na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas a fháil, oibleagáidí seirbhíse uilíche a fháil, an gá aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, ceanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna cosanta comhshaoil nó i limistéir a bhfuil leas stairiúil nó ealaíonta ar leith ag baint leo), fiú mura liostaítear iad, beidh feidhm acu in aon chás maidir le hinfheisteoirí na dtíortha Aindéacha is sínitheoirí.

4. I gcomhréir le hAirteagal 107, mír 3 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

5. I gcomhréir le hAirteagal 112 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos ceanglais neamh-idirdhealaitheacha a mhéid a bhaineann le cineálacha foirme dlíthiúla bunaíochta.

6. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta gealltanas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Réadmhaoin<br>AT, BG, CY, CZ, DK, EE, ES, EL, FI, HU, IE, IT, LT, LV, MT, PL, RO, SI, SK: Teorainneacha ar thalamh agus réadmhaoin a bheith á bhfáil ag infheisteoirí coigríche[2] |
| GACH EARNÁIL | Fóntais phoiblí<br>AE: Gníomhaíochtaí eacnamaíocha a mheastar a bheith ina bhfóntais phoiblí ar an leibhéal náisiúnta nó an leibhéal áitiúil, féadfaidh siad a bheith faoi réir monaplachtaí poiblí nó faoi réir cearta eisiacha a dheonaítear d'oibreoirí príobháideacha[3]. |
| GACH EARNÁIL | Cineálacha bunaíochta<br>AE: An chóir a thugtar d'fhochuideachtaí (cuideachtaí tríú tír) arna mbunú i gcomhréir le dlí Ballstáit den Aontas Eorpach agus a bhfuil a n-oifig chláraithe, a riarachán lárnach nó a bpríomháit ghnó acu laistigh de chríoch an Aontais Eorpaigh, ní dhéantar í a leathnú chuig brainsí ná gníomhaireachtaí arna mbunú i mBallstát den Aontas Eorpach ag cuideachta tríú tír.<br>BG: Tá bunú brainsí faoi réir údaraithe<br>EE: Beidh cónaí ar leath de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí ar a laghad san Aontas Eorpach.<br>FI: Tá cead trádála ag teastáil ó eachtrannach atá i mbun trádála mar chomhpháirtí i gcomhpháirtíocht theoranta nó ghinearálta san Fhionlainn agus ní mór dó a bheith ina chónaí go buan san Aontas Eorpach. I gcás gach earnála, seachas seirbhísí teileachumarsáide, tá coinníoll náisiúntachta agus ceanglas cónaitheachta i gceist i gcás leath de ghnáthchomhaltaí agus de leaschomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí ar a laghad. Féadfar díolúintí cuideachta a dheonú, áfach. Má tá sé ar intinn ag eagraíocht eachtrach gabháil do ghnó nó cheird trí bhrainse a bhunú san Fhionlainn, tá cead trádála ina cheanglas. Tá cead chun gníomhú mar bhunaitheoir cuideachta teoranta ina cheangal ar eagraíocht eachtrach nó ar dhuine príobháideach, nach saoránach den Aontas Eorpach é. I gcás seirbhísí teileachumarsáide, ceanglaítear buanchónaí a bheith ar leath na mbunaitheoirí agus leath na gcomhaltaí den bhord stiúrthóirí. Más duine dlítheanach é an bunaitheoir, bíonn ceanglas cónaithe i gceist freisin maidir leis an duine dlítheanach sin.<br>IT: Tá rochtain ar ghníomhaíochtaí tionsclaíocha, tráchtála agus ceardaíochta faoi réir cead cónaithe agus údarú sonrach chun an ghníomhaíocht a shaothrú<br>BG, PL: Ní fhéadfaidh raon feidhme oibríochtaí de chuid oifige ionadaíche a chuimsiú ach fógraíocht na máthairchuideachta eachtraí. |

[2] A mhéid a bhaineann le hearnálacha seirbhísí, ní théann na teorainneacha sin thar na teorainneacha a léirítear sna gealltanais atá ann cheana faoi GATS.

[3] Ós rud é gur minic a bhíonn fóntais phoiblí ann ar an leibhéal fo-lárnach freisin, níl liostú earnáilsonrach uileghabhálach praiticiúil. Chun tuiscint a éascú, léireofar i bhfonótaí sonracha sa liosta gealltanas seo ar bhealach léiritheach neamh-uileghabhálach na hearnálacha sin ina bhfuil ról tábhachtach ag fóntais phoiblí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | PL: Cé is moite de sheirbhísí airgeadais, neamhcheangailte i ndáil le brainsí. Ní féidir le hinfheisteoirí nach de chuid an Aontais Eorpaigh iad tabhairt faoi ghníomhaíocht eacnamaíoch ná í a sheoladh ach amháin i bhfoirm comhpháirtíocht theoranta, comhpháirtíocht chomhstoic theoranta, cuideachta faoi dhliteanas teoranta, agus cuideachta comhstoic (i gcás seirbhísí dlí i bhfoirm comhpháirtíocht chláraithe agus comhpháirtíocht theoranta amháin).<br>RO: Is saoránaigh den Rómáin a bheidh sa riarthóir aonair nó i gcathaoirleach an Bhoird Stiúrthóirí chomh maith le leath de líon iomlán riarthóirí na gcuideachtaí tráchtála mura sonraítear a mhalairt i gconradh na cuideachta nó ina reachtanna. Saoránaigh den Rómáin a bheidh i bhformhór iniúchóirí na gcuideachtaí tráchtála agus a n-ionadaithe.<br>SE: Maidir le cuideachta eachtrach nach bhfuil eintiteas dlítheanach bunaithe aici sa tSualainn, déanfaidh sí a cuid oibríochtaí tráchtála trí bhrainse, atá cláraithe sa tSualainn, ag a bhfuil bainistíocht neamhspleách agus cuntais ar leithligh. Tionscadail tógála a mhaireann níos lú ná bliain, díolmhaítear iad ó na ceanglais maidir le brainse a bhunú nó ionadaí cónaitheach a cheapadh. Féadfaidh bunaitheoir amháin nó bunaitheoir leithleach cuideachta faoi dhliteanas teoranta (cuideachta chomhstoic) a bhunú. Beidh cónaí ar pháirtí bunaidh sa tSualainn nó beidh sé ina eintiteas dlítheanach Sualannach. Ní fhéadfaidh comhpháirtíocht a bheith ina páirtí bunaidh ach amháin má tá cónaí ar gach comhpháirtí sa tSualainn. Tá coinníollacha comhfhreagracha i gceist chun gach cineál eile eintitis dhlíthiúil a bhunú. Beidh 50 faoin gcéad ar a laghad de chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí ina gcónaí sa tSualainn. Déanfaidh saoránaigh eachtracha nó Sualannacha nach bhfuil cónaí orthu sa tSualainn, ar mian leo oibríochtaí tráchtála a sheoladh sa tSualainn, ionadaí cónaitheach a bheidh freagrach as na gníomhaíochtaí sin a cheapadh agus a chlárú leis an údarás áitiúil. D'fhéadfaí coinníollacha cónaitheachta a tharscaoileadh más féidir a chruthú nach bhfuil gá leo i gcás ar leith.<br>SI: Tá bunú brainsí ag cuideachtaí eachtracha faoi choinníoll go gclárófar an mháthairchuideachta i gclár cúirte sa tír thionscnaimh ar feadh bliana amháin ar a laghad.<br>SK: Duine nádúrtha eachtrach a mbeidh a ainm le clárú sa Chlár Tráchtála iomchuí mar dhuine atá údaraithe chun gníomhú thar ceann fiontraí, tá ceangal ar an duine sin cead cónaithe a chur isteach le haghaidh Phoblacht na Slóvaice. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Infheistíocht<br>ES: Ní mór réamhúdarú a fháil ón rialtas roimh ré má dhéanann rialtas eachtrach agus eintitis phoiblí eachtracha infheistíocht sa Spáinn (a thugann le tuiscint, seachas leasanna eacnamaíocha, leasanna neamheacnamaíocha freisin), go díreach nó trí chuideachtaí nó eintitis eile atá á rialú go díreach nó go hindíreach ag rialtais eachtracha.<br>BG: I bhfiontair ina bhfuil an sciar poiblí (Stát nó bardasach) sa chaipiteal cothromais níos mó ná 30 faoin gcéad, ní mór údarú a fháil chun na scaireanna sin a aistriú chuig tríú páirtithe. Gníomhaíochtaí eacnamaíocha áirithe a bhaineann le réadmhaoin Stáit nó réadmhaoin phoiblí a shaothrú nó a úsáid, tá siad faoi réir lamhháltais a dheonaítear faoi fhorálacha Acht na Lamhháltas. Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche páirt a ghlacadh i bpríobháidiú. Teastaíonn cead ó infheisteoirí coigríche agus ó dhaoine dlíthiúla Bulgáracha a bhfuil rannpháirtíocht eachtrach á rialú acu chun (a) acmhainní nádúrtha a shirtheoireacht, a fhorbairt nó a eastóscadh ón bhfarraige chríche, ón scairbh ilchríochach nó ón limistéar eacnamaíoch eisiach agus (b) rannpháirtíocht rialaithe a fháil i gcuideachtaí atá ag gabháil d'aon cheann de na gníomhaíochtaí a shonraítear faoi (a).<br>FR: Ceannacháin eachtracha is mó ná 33,33 faoin gcéad de na scaireanna caipitil nó de na cearta vótála i bhfiontar Francach atá ann cheana, nó 20 faoin gcéad i gcuideachtaí Francacha a luaitear go poiblí, tá siad faoi réir na rialachán seo a leanas:<br>- infheistíochtaí níos lú ná 7.6 milliún euro i bhfiontair Fhrancacha ag a bhfuil láimhdeachas nach mó ná 76 mhilliún euro atá, tá siad saor, tar éis moill 15 lá tar éis fógra agus fíorú roimh ré gur comhlíonadh na méideanna sin;<br>- tar éis tréimhse aon mhíosa tar éis fógra a thabhairt roimh ré, go ndeonófar údarú go hintuigthe le haghaidh infheistíochtaí eile mura rud é go mbeidh an tAire Gnóthaí Eacnamaíocha tar éis a cheart a fheidhmiú, in imthosca eisceachtúla, chun an infheistíocht a chur siar.<br>Féadfar rannpháirtíocht eachtrannach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe a theorannú ionas gurb éard bheidh ann méid athraitheach den chothromas a chuirtear ar fáil don phobal, méid a chinnfidh rialtas na Fraince de réir an cháis.<br>I gcás gníomhaíochtaí áirithe tráchtála, tionscail nó ceardaíochta, tá gá le húdarú sonrach maidir le bunaíocht mura bhfuil cead buanchónaithe ag an stiúrthóir bainistíochta.<br>FI: Tá fáil scaireanna ag úinéirí eachtracha a thugann níos mó ná aon trian de na cearta vótála atá ag mórchuideachta Fhionlannach nó ag mórghnóthas gnó (le níos mó ná 1000 fostaí nó ag a bhfuil láimhdeachas níos mó ná 168 milliún euro nó a bhfuil iomlán a gcláir chomhardaithe níos mó ná 168 milliún euro) faoi réir a ndaingnithe ag údaráis na Fionlainne; ní fhéadfar an deimhniú a dhiúltú ach amháin dá gcuirfí leas tábhachtach náisiúnta i mbaol. Níl feidhm ag na teorainneacha sin maidir le seirbhísí teileachumarsáide. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | HU: Neamhcheangailte i ndáil le rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí nuaphríobháidithe.<br>IT: Féadfar cearta eisiacha a dheonú nó a choinneáil do chuideachtaí nuaphríobháidithe. D'fhéadfadh sé go gcuirfí srian i gcásanna áirithe le cearta vótála i gcuideachtaí nuaphríobháidithe. Ar feadh tréimhse 5 bliana, féadfaidh fáil bunanna móra cothromais cuideachtaí atá ag feidhmiú i réimsí na cosanta, na seirbhísí iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh a bheith faoi réir fhormheas na n-údarás inniúil. |
| GACH EARNÁIL | Criosanna geografacha<br>FI: In Oileáin Åland, srianta leis an gceart bunaíochta do dhaoine nádúrtha, nach bhfuil saoránacht réigiúnach acu in Åland, agus d'aon duine dlítheanach, réadmhaoin a fháil agus seilbh a choinneáil uirthi in Oileáin Åland gan cead a fháil ó údaráis inniúla Oileáin Åland. |
| 1. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT, FORAOISEACHT | |
| A. Talmhaíocht, sealgaireacht (ISIC rev 3.1: 011, 012, 013, 014, 015) seachas seirbhíse comhairle agus sainchomhairle[4] | AT, HU, MT, RO: Neamhcheangailte le haghaidh gníomhaíochtaí talmhaíochta.<br>CY: Ní cheadaítear rannpháirtíocht nach rannpháirtíocht de chuid an Aontais Eorpaigh í ach suas le 49 faoin gcéad.<br>FR: Tá bunú fiontar talmhaíochta ag náisiúnaigh nach náisiúnaigh den Aontas Eorpach iad agus fáil fíonghort ag infheisteoirí nach infheisteoirí den Aontas Eorpach iad faoi réir údaraithe.<br>IE: Tá bunaíocht daoine nach cónaitheoirí san Aontas Eorpach iad i ngníomhaíochtaí muilleoireachta plúir faoi réir údaraithe. |
| B Foraoiseacht agus lománaíocht (ISIC rev 3.1: 020) seachas seirbhísí comhairle agus sainchomhairle | BG: Neamhcheangailte i ndáil le gníomhaíochtaí lománaíochta. |
| 2. IASCAIREACHT AGUS DOBHARSHAOTHRÚ (ISIC rev. 3.1: 0501, 0502) seachas seirbhísí comhairle agus sainchomhairle | AT: Ní mór 25 faoin gcéad ar a laghad de na soithí a bheith cláraithe san Ostair.<br>BE, FI, IE, LV, NL, PT, SK: Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche nach bhfuil corpraithe ná nach bhfuil a bpríomhoifig sa Bheilg, san Fhionlainn, in Éirinn, sa Laitvia, san Ísiltír, sa Phortaingéil ná i bPoblacht na Slóvaice faoi seach a bheith ina n-úinéirí ar shoithí brataí de chuid na Beilge, na Fionlainne, na hÉireann, na Laitvia, na hÍsiltíre, na Portaingéile agus na Slóvaice faoi seach<br>CY, EL: Ní cheadaítear rannpháirtíocht nach rannpháirtíocht de chuid an Aontais Eorpaigh í ach suas le 49 faoin gcéad.<br>DK: Ní féidir le daoine nach cónaitheoirí san Aontas Eorpach iad a bheith ina n-úinéirí ar aon trian nó níos mó de ghnólacht atá ag gabháil d'iascaireacht tráchtála. Ní féidir le cónaitheoirí daoine nach cónaitheoirí san Aontas Eorpach iad a bheith ina n-úinéirí ar shoithí brataí de chuid na Danmhairge seachas trí fhiontar atá corpraithe sa Danmhairg.<br>FR: Ní féidir le daoine nach náisiúnaigh den Aontas Eorpach iad páirt a ghlacadh i maoin mhuirí an Stáit le haghaidh feirmeoireacht éisc/sliogéisc/algaí. Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche nach bhfuil corpraithe agus nach bhfuil a bpríomhoifig sa Fhrainc níos mó ná 50 faoin gcéad d'árthach de bhratach na Fraince a bheith ina n-úinéireacht acu. |

[4] Tá seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin atá gaolmhar le talmhaíocht, sealgaireacht, foraoiseacht agus iascaireacht le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F(f) agus 6.F(g).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | DE: Ní dheonaítear ceadúnas iascaireachta mara ach do shoithí atá i dteideal bratach na Gearmáine a bheith ar foluain acu. Is soithí iascaireachta iad sin a bhfuil formhór a scaireanna faoi úinéireacht shaoránaigh an Aontais Eorpaigh nó cuideachtaí arna mbunú i gcomhréir le rialacha an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a bpríomháit ghnó i mBallstát den Aontas Eorpach acu. Ní mór úsáid na soithí a bheith faoi cheannas agus faoi mhaoirseacht daoine a bhfuil cónaí orthu sa Ghearmáin. Chun ceadúnas iascaireachta a fháil, ní mór do gach soitheach iascaireachta clárú leis na stáit chósta ábhartha ina bhfuil a gcalafoirt bhaile ag na longa.<br>EE: Tá longa i dteideal bratach na hEastóine a bheith ar foluain acu má tá siad lonnaithe san Eastóin agus má tá úinéireacht tromlaigh ag náisiúnaigh Eastónacha i gcomhpháirtíocht ghinearálta agus i gcuideachtaí comhpháirtíochta teoranta nó in eintitis dhlíthiúla eile atá lonnaithe san Eastóin le tromlach vótála i seilbh náisiúnaigh na hEastóine ar an mBord Stiúrthóirí.<br>BG, HU, LT, MT, RO: Neamhcheangailte.<br>IT: Ní féidir le heachtrannaigh seachas cónaitheoirí san Aontas Eorpach a bheith in n-úinéirí ar leas tromlaigh i soithí faoi bhrat na hIodáile ná ar leas rialaitheach acu i gcuideachtaí long ag a bhfuil a gceanncheathrú san Iodáil. Tá iascaireacht in uiscí teorann na hIodáile forchoimeádta do shoithí faoi brat na hIodáile.<br>SE: Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche nach bhfuil corpraithe agus nach bhfuil a bpríomhoifig sa tSualainn níos mó ná 50 faoin gcéad d'árthach faoi bhratach na Sualainn a bheith ina n-úinéireacht acu. Tá údarú de dhíth chun infheisteoirí coigríche d'fháil 50 faoin gcéad nó níos mó de scaireanna i ngnólachtaí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála in uiscí na Sualainne.<br>SI: Tá longa i dteideal bratach na Slóivéine a bheith ar foluain acu más le saoránaigh den Aontas Eorpach nó daoine dlíthiúla a bhfuil a gceanncheathrú acu i mBallstát den Aontas Eorpach níos mó ná leath na loinge.<br>UK: Forchoimeádas maidir le soithí faoi bhratach na Ríochta Aontaithe a fháil, mura rud é go bhfuil an infheistíocht faoi úinéireacht 75 faoin gcéad ar a laghad ag saoránaigh Bhriotanacha agus/nó ag cuideachtaí atá ar a laghad 75 faoin gcéad faoi úinéireacht shaoránaigh na Breataine, i ngach cás ina bhfuil cónaí agus sainchónaí sa Ríocht Aontaithe. Ní mór soithí a bhainistiú, a stiúradh agus a rialú ó laistigh den Ríocht Aontaithe. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 3. MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALÚ[5]<br>A. Mianadóireacht guail agus ligníte; eastóscadh móna<br>(ISIC rev 3.1: (10)<br>B. Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha[6]<br>(ISIC rev 3.1: (1110)<br>C. Mianadóireacht ar mhianta miotail<br>(ISIC rev 3.1: (13)<br>D. Mianadóireacht agus cairéalacht eile<br>(ISIC rev 3.1: (14) | AE: Féadfar cosc a chur ar infheisteoirí ó thíortha ar soláthróirí fuinnimh iad smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). Neamhcheangailte i ndáil le heastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha.<br>ES: Neamhcheangailte i ndáil le hinfheistíocht choigríche i mianraí straitéiseacha. |
| 4. DÉANTÚSAÍOCHT[7] | |
| A. Monarú táirgí bia agus deochanna<br>(ISIC rev 3.1: (15) | Forchoimeádas ar bith |
| B. Monarú táirgí tobac<br>(ISIC rev 3.1: (16) | Forchoimeádas ar bith |
| C. Monarú teicstílí<br>(ISIC rev 3.1: (17) | Forchoimeádas ar bith |
| D. Monarú corpbhirt; treiscíniú agus ruaimniú fionnaidh<br>(ISIC rev 3.1: (18) | Forchoimeádas ar bith |
| E. Súdaireacht agus treiscíniú leathair; monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaiteoireacht, úmacha agus coisbhirt<br>(ISIC rev 3.1: (19) | Forchoimeádas ar bith |

[5] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

[6] Ní áirítear leis seo seirbhísí a bhaineann le mianadóireacht arna dtabhairt ar bhonn táille nó conartha ag olacheantair agus gáscheantair atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.A.

[7] Ní áirítear leis seo seirbhísí comhairle a bhaineann le monaraíocht, atá le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(h).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| F. Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú rudaí tuí agus ábhar fite (ISIC rev 3.1: (20) | Forchoimeádas ar bith |
| G. Monarú páipéir agus táirgí páipéir (ISIC rev 3.1: (21) | Forchoimeádas ar bith |
| H. Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta[8] (ISIC rev 3.1: 22, seachas foilsiú agus priontáil ar bhonn táille nó conartha[9]) | IT: Coinníoll náisiúntachta d'úinéir na cuideachta foilsitheoireachta agus clódóireachta. |
| I. Monarú táirgí oighinn cóic (ISIC rev 3.1: (231) | Forchoimeádas ar bith |
| J. Monarú táirgí peitriliam scagtha[10] (ISIC rev 3.1: (232) | AE: Féadfar cosc a chur ar infheisteoirí ó thíortha ar soláthróirí fuinnimh iad smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). |
| K. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha seachas pléascáin (ISIC rev 3.1: 24 seachas monarú pléascán) | Forchoimeádas ar bith |
| L. Monarú táirgí rubair agus plaisteach (ISIC rev 3.1: (25) | Forchoimeádas ar bith |
| M. Monarú táirgí eile mianracha neamh-mhiotalacha (ISIC rev 3.1: (26) | Forchoimeádas ar bith |
| N. Monarú bunmhiotal (ISIC rev 3.1: (27) | Forchoimeádas ar bith |

8 Tá an earnáil teoranta do ghníomhaíochtaí monaraíochta. Ní áirítear leis seo gníomhaíochtaí atá gaolmhar leis an gclosamharc nó a léiríonn ábhar cultúrtha.

9 Tá foilsiú agus priontáil ar bhonn táille nó conartha le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(p).

10 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| O. Monarú táirgí miotail déanta, seachas innealra agus trealamh<br>(ISIC rev 3.1: (28) | Forchoimeádas ar bith |
| P. Monarú innealra | |
| (a) Monarú innealra ilchuspóirigh eile<br>(ISIC rev 3.1: (291) | Forchoimeádas ar bith |
| (b) Monarú innealra sainchuspóirigh seachas airm agus muinisin<br>(ISIC rev 3.1: 2921, 2922, 2923, 2924, 2925, 2926, 2929) | Forchoimeádas ar bith |
| (c) Monarú gléasanna teaghlaigh g.a.e.<br>(ISIC rev 3.1: (293) | Forchoimeádas ar bith |
| (d) Monarú innealra oifige, cuntasaíochta agus ríomhaireachta<br>(ISIC rev 3.1: (30) | Forchoimeádas ar bith |
| (e) monarú innealra agus gairis leictrigh g.a.e.<br>(ISIC rev 3.1: (31) | Forchoimeádas ar bith |
| (f) Monarú trealaimh agus gléasra raidió, teilifíse agus cumarsáide<br>(ISIC rev 3.1: (32) | Forchoimeádas ar bith |
| Q. Monarú ionstraimí míochaine, beachtuirlisí agus ionstraimí optúla, uaireadóirí agus clog<br>(ISIC rev 3.1: (33) | Forchoimeádas ar bith |
| R. Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí<br>(ISIC rev 3.1: (34) | Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| S. Monarú trealaimh iompair eile (neamh-mhíleata)<br>(ISIC rev 3.1: 35 seachas longa cogaidh, eitleáin chogaidh agus trealamh iompair eile le haghaidh úsáid mhíleata a mhonarú) | Forchoimeádas ar bith |
| T. Monarú troscáin; monarú nach n-aicmítear in áit ar bith eile.<br>(ISIC rev 3.1: 361, 369) | Forchoimeádas ar bith |
| U. Athchúrsáil<br>(ISIC rev 3.1: (37) | Forchoimeádas ar bith |
| 5. TÁIRGEADH; TARCHUR AGUS DÁILEADH LEICTREACHAIS, GÁIS, GAILE AGUS UISCE THE AR FÉINCHUNTAS[11]<br>(SEACHAS GINIÚINT LEICTREACHAIS NÚICLÉACH-BHUNAITHE) | |
| A. Táirgeadh leictreachais; tarchur agus dáileadh leictreachas ar féinchuntas<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4010)[12] | AE: Féadfar cosc a chur ar infheisteoirí ó thíortha ar soláthróirí fuinnimh iad smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). |
| B. Monarú gáis; dáileadh breoslaí gásacha trí phríomhlíonra ar féinchuntas<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4020)[13] | AE: Féadfar cosc a chur ar infheisteoirí ó thíortha ar soláthróirí fuinnimh iad smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). |
| C. Táirgeadh gaile agus uisce the a tháirgeadh; dáileadh gaile agus uisce the ar féinchuntas<br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4030)[14] | AE: Féadfar cosc a chur ar infheisteoirí ó thíortha ar soláthróirí fuinnimh iad smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). |

[11] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

[12] Ní áirítear leis seo oibriú córas tarchurtha agus dáileacháin leictreachais ar bhonn táille nó conartha, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

[13] Ní áirítear leis seo iompar gáis nádúrtha agus breoslaí gásacha trí phíblínte, tarchur agus dáileadh gáis ar bhonn táille nó conartha agus díolacháin gáis nádúrtha agus breoslaí gásacha, atá le fáil in SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

[14] Ní áirítear leis seo tarchur agus dáileadh gaile agus uisce the ar bhonn táille nó conartha ná díolacháin gaile agus uisce the, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 6. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. Seirbhísí Gairmiúla | |
| (a) Seirbhísí Dlí<br>(CPC 861)[15]<br>seachas doiciméid dlí agus doiciméid dlí agus seirbhísí deimhniúcháin arna soláthar ag gairmithe dlí a bhfuil feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, *huissiers de justice* nó *officiers publics et ministériels* eile | AT: Ní fhéadfaidh rannpháirtíocht chothromais agus scaireanna i dtoradh oibriúcháin aon dlíghnólachta a bheith níos mó ná 25 faoin gcéad ag dlíodóirí eachtracha (nach mór dóibh a bheith láncháilithe ina dtír dhúchais). Ní fhéadfaidh tionchar cinntitheach a bheith acu sa chinnteoireacht.<br>BE: Baineann cuótaí le teacht os comhair an '*Cour de cassation*' i gcásanna neamhchoiriúla.<br>FR: Tá rochtain dlíodóirí ar ghairm 'avocat auprès de la Cour de Cassation' agus 'avocat auprès du Conseil d'Etat' faoi réir cuótaí.<br>DK: Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach acu chun cleachtadh agus gnólachtaí dlí atá cláraithe sa Danmhairg scaireanna a bheith acu i ngnólacht dlí Danmhargach. Ní fhéadfaidh ach dlíodóirí ag a bhfuil ceadúnas Danmhargach chun cleachtadh suí ar an mBord Stiúrthóirí nó bheith ina gcuid de bhainistíocht comhlacht dlí Dhanmhargaigh. Ceanglas maidir le scrúdú dlí Danmhargach d'fhonn ceadúnas Danmhargach a fháil.<br>FR: Forchoimeádtar cineálacha áirithe foirme dlíthiúla ('association d'avocats' agus 'société en participation d'avocat') do dhlíodóirí a ghlaoitear go hiomlán chun an Bharra in FR. I gcomhlacht dlí a sholáthraíonn seirbhísí i dtaobh dhlí na Fraince nó dhlí an Aontais Eorpaigh, ní mór go mbeadh 75 faoin gcéad ar a laghad de na comhpháirtithe ag a bhfuil 75 faoin gcéad de na scaireanna ina ndlíodóirí atá glactha go hiomlán sa Bharra sa Fhrainc.<br>HU: Ba cheart go mbeadh láithreachas trádála i bhfoirm comhpháirtíochta le habhcóide Ungárach (ügyvéd) nó oifig abhcóide (ügyvédi iroda), nó oifig ionadaíochta.<br>PL: Cé go mbíonn cineálacha eile foirmeacha dlíthiúla ar fáil do dhlíodóirí de chuid Aontais Eorpaigh, níl rochtain ag dlíodóirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla de chomhpháirtíocht chláraithe agus comhpháirtíocht theoranta. |

[15] Áirítear leis seo seirbhísí comhairle dlí, seirbhísí ionadaíochta dlí, seirbhísí eadrána dlíthiúla, seirbhísí idir-réitigh/idirghabhála, agus seirbhísí doiciméadachta agus deimhniúcháin dlí. Ní údaraítear soláthar seirbhísí dlí ach amháin i gcomhlíonadh an dlí idirnáisiúnta phoiblí, dhlí an Aontais Eorpaigh agus dhlí aon dlínse ina bhfuil an t-infheisteoir nó a phearsanra cáilithe chun cleachtadh mar dhlíodóir, agus, amhail soláthar seirbhísí eile, tá sé faoi réir ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Le haghaidh dlíodóirí a sholáthraíonn seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus leis an dlí eachtrach, d'fhéadfadh sé gurb é a bheadh iontu *inter alia* cóid eitice áitiúla a chomhlíonadh, teideal baile a úsáid (ach amháin má tá aitheantas leis an teideal óstach faighte) ceanglais árachais, clárú simplí le Barra na tíre óstaí nó ligean isteach simplithe i mBarra na tíre óstaí trí thástáil inniúlachta agus sainchónaí dlíthiúil nó gairmiúil sa tír óstach. I bprionsabal, is dlíodóir lánchálilithe a glaodh chun an Bharra san Aontas Eorpach agus é ag gníomhú go pearsanta a dhéanfaidh seirbhísí dlí i ndáil le dlí an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích, agus is é dlíodóir lánchálilithe a glaodh chun an Bharra sa Bhallstát sin den Aontas Eorpach agus é ag gníomhú go pearsanta a chuirfidh seirbhísí dlí i gcrích i bprionsabal, nó is trí dhlíodóir lánchálilithe a chuirfear i gcrích iad i bprionsabal. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh glaoch iomlán chun an Bharra sa Bhallstát ábhartha den Aontas Eorpach riachtanach le haghaidh ionadaíocht os comhair Cúirteanna agus údarás inniúil eile san Aontas Eorpach ós rud é go mbaineann sé le cleachtas dhlí nós imeachta an Aontais Eorpaigh agus dlí nós imeachta náisiúnta. I roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, áfach, ceadaítear do dhlíodóirí eachtracha nár glaoch isteach go hiomlán chun an Bharra iad ionadaíocht a dhéanamh in imeachtaí sibhialta do pháirtí ar náisiúnach é nó ar de chuid an Stáit é ina bhfuil an dlíodóir i dteideal cleachtadh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (b) 1. Seirbhísí Cuntasaíochta agus Leabharchoimeádta (CPC 86212 seachas 'seirbhísí iniúchóireachta', CPC 86213, CPC 86219 agus CPC 86220) | AT: Maidir le cuntasóirí eachtracha (nach mór dóibh a bheith údaraithe de réir dhlí a dtíre baile), ní fhéadfaidh a rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtorthaí oibriúcháin aon eintitis dhlíthiúil Ostaraigh a bheith níos mó ná 25 faoin gcéad, mura bhfuil siad ina gcomhaltaí den Chomhlacht Gairmiúil Ostarach.<br>CY: Tá rochtain faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an staid fostaíochta san fho-earnáil.<br>DK: Chun dul isteach i gcomhpháirtíochtaí le cuntasóirí údaraithe sa Danmhairg, ní mór do chuntasóirí eachtracha cead a fháil ó Ghníomhaireacht Tráchtála agus Cuideachtaí na Danmhairge. |
| (b) 2. Seirbhísí iniúchóireachta (CPC 86211 agus 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta) | AT: Maidir le hiniúchóirí eachtracha (nach mór dóibh a bheith údaraithe de réir dhlí a dtíre baile), ní fhéadfaidh a rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtorthaí oibriúcháin aon eintitis dhlíthiúil Ostaraigh a bheith níos mó ná 25 faoin gcéad, mura bhfuil siad ina gcomhaltaí den Chomhlacht Gairmiúil Ostarach.<br>CY: Tá rochtain faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an staid fostaíochta san fho-earnáil.<br>CZ, SK: Forchoimeádtar 60 faoin gcéad ar a laghad den scair chaipitil nó de na cearta vótála do náisiúnaigh.<br>DK: Chun dul isteach i gcomhpháirtíochtaí le cuntasóirí údaraithe sa Danmhairg, ní mór do chuntasóirí eachtracha cead a fháil ó Ghníomhaireacht Tráchtála agus Cuideachtaí na Danmhairge.<br>FI: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh duine amháin ar a laghad d'iniúchóirí ar chuideachta Fionlannach Dliteanais.<br>LV: I gcuideachta tráchtála iniúchóirí faoi bhrí mionna is mó ná 50 faoin gcéad de na scaireanna caipitil vótála a bheidh faoi úinéireacht iniúchóirí faoi bhrí mionna nó cuideachtaí tráchtála iniúchóirí faoi bhrí mionna de chuid an Aontais Eorpaigh.<br>LT: Níor cheart níos lú ná 75 faoin gcéad de scaireanna gur cheart a bheith ag iniúchóirí nó cuideachtaí iniúchóireachta de chuid an Aontais Eorpaigh.<br>SE: Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá formheasta sa tSualainn seirbhísí iniúchóireachta dlí a dhéanamh in eintitis dhlítheanacha áirithe, a.o. i ngach cuideachta theoranta. Ní fhéadfaidh ach na daoine sin a bheith ina scairúinéirí nó ina gcomhpháirtíochtaí i gcuideachtaí a chleachtann iniúchóireacht cháilithe (chun críoch oifigiúil). Ní mór cónaí a dhéanamh chun formheas a fháil.<br>SI: Ní fhéadfaidh scair daoine coigríche i gcuideachtaí iniúchóireachta a bheith níos mó ná 49 faoin gcéad den chothromas. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| (c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(CPC 863)[16] | AT: Maidir le comhairleoirí cánacha eachtracha (nach mór dóibh a bheith údaraithe de réir dhlí a dtíre baile), ní fhéadfaidh a rannpháirtíocht cothromais agus scaireanna i dtorthaí oibriúcháin aon eintitis dhlíthiúil Ostaraigh a bheith níos mó ná 25 faoin gcéad; ní bhaineann sé seo ach le daoine nach comhaltaí den Chomhlacht Gairmiúil Ostarach iad.<br>CY: Tá rochtain faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an staid fostaíochta san fho-earnáil. |
| (d) Seirbhísí ailtireachta agus<br>(e) Pleanáil uirbeach agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br>(CPC 8671 agus CPC 8674) | BG: Maidir le tionscadail a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo, ní mór d'infheisteoirí coigríche gníomhú i gcomhpháirtíocht le fochonraitheoirí infheisteoirí áitiúla.<br>LV: I gcás seirbhísí ailtireachta, chun ceadúnas a fháil lena gcumasófar dul i mbun gníomhaíocht ghnó le raon iomlán freagrachta dlíthiúla agus ceart chun tionscadal a shíniú, tá gá le cleachtas 3 bliana sa Laitvia i réimse an tionscadail, agus céim ollscoile. |
| (f) Seirbhísí innealtóireachta agus<br>(g) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(CPC 8672 agus CPC 8673) | BG: Maidir le tionscadail a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo, ní mór d'infheisteoirí coigríche gníomhú i gcomhpháirtíocht le fochonraitheoirí infheisteoirí áitiúla. |
| (h) Seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus Seirbhísí fiaclóireachta<br>(CPC 9312 agus cuid de CPC 85201) | AT: Neamhcheangailte, seachas le haghaidh seirbhísí fiaclóireachta agus le haghaidh síceolaithe agus síciteiripeoirí, agus sna cásanna sin: forchoimeádas ar bith<br>DE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch nuair atá dochtúirí agus fiaclóirí údaraithe chun cóir leighis a chur ar chomhaltaí de scéimeanna árachais phoiblí. Na príomhchritéir: ganntanas dochtúirí agus fiaclóirí sa réigiún ar leith.<br>FI: Neamhcheangailte<br>FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société d'exercice liberal' agus 'société civile professionnelle'.<br>LV: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. Na príomhchritéir: ganntanas dochtúirí agus fiaclóirí sa réigiún ar leith.<br>BG, LT: Tá an soláthar seirbhíse faoi réir údarú atá bunaithe ar phlean seirbhísí sláinte arna bhunú de réir riachtanas, agus an daonra agus seirbhísí leighis agus fiaclóireachta atá ann cheana á gcur san áireamh.<br>SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí míochaine sóisialta, seirbhísí sláintíochta, seirbhísí eipidéimeolaíochta, seirbhísí míochaine/éiceolaíocha; soláthar fola, ullmhóidí fola agus trasphlanduithe; scrúduithe iarbháis<br>UK: Tá bunaíocht maidir le dochtúirí faoin tSeirbhís Náisiúnta Sláinte faoi réir pleanáil daonchumhachta míochaine. |

[16] Ní áirítear leis seo seirbhísí comhairle dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlí maidir le cúrsaí cánach, atá le fáil faoi 1.A.(a). Seirbhísí dlí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (i) Seirbhísí Tréidliachta<br>(CPC 932) | AT: Neamhcheangailte<br>BG: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnónna atá ann cheana.<br>HU: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. Príomhchritéir: dálaí an mhargadh saothair san earnáil.<br>FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société d'exercice liberal' agus 'société civile professionnelle'. |
| (j) 1. Seirbhísí cnáimhseachais<br>(cuid de CPC 93191) | BG, FI, MT, SI: Neamhcheangailte.<br>FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société d'exercice liberal' agus 'société civile professionnelle'.<br>LT: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a chur i bhfeidhm. Príomhchritéir: an staid fostaíochta san fho-earnáil. |
| (j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn Altraí, Fisiteiripeoirí agus Pearsanra paraimhíochaine<br>(cuid de CPC 93191) | AT: Ní cheadaítear infheisteoirí coigríche ach amháin sna gníomhaíochtaí seo a leanas: altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí ceirde, teiripeoirí lógó, diaitéiteoirí agus saineolaithe cothúcháin.<br>BG, MT: Neamhcheangailte.<br>FI, SI: Neamhcheangailte i ndáil le Fisiteiripeoirí agus Pearsanra Paramhíochaine.<br>FR: Cé go mbíonn cineálacha eile foirme dlíthiúla ar fáil d'infheisteoirí de chuid an Aontais Eorpaigh, níl rochtain ag infheisteoirí eachtracha ach ar na foirmeacha dlíthiúla 'société d'exercice liberal' agus 'société civile professionnelle'.<br>LT: Féadfar tástáil riachtanas eacnamaíoch a chur i bhfeidhm. Príomhchritéir: an staid fostaíochta san fho-earnáil.<br>LV: Tástáil riachtanas eacnamaíoch le haghaidh fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine eachtracha. Príomhchritéir: an staid fostaíochta sa réigiún ar leith. |
| (k) Miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha<br>(CPC 63211)<br>agus seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí[17] | AT, BG, CY, FI, MT, PL, RO, SE, SI: Neamhcheangailte<br>BE, DE, DK, EE, ES, FR, IT, HU, IE, LV, PT, SK: Tá údarú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an daonra agus dlús geografach na ngnónna atá ann cheana. |

[17] Tá soláthar cógas don phobal i gcoitinne, amhail soláthar seirbhísí eile, faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnaithe agus cáilíochta is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Mar riail ghinearálta, tá an ghníomhaíocht seo forchoimeádta do chógaiseoirí. I roinnt Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh, ní fhorchoimeádtar do chógaiseoirí ach soláthar drugaí ar oideas.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. An ríomhaireacht agus seirbhísí atá gaolmhar leis an ríomhaireacht<br>(CPC 84) | Forchoimeádas ar bith |
| C. Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta[18]<br>(a) Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta sna heolaíochtaí nádúrtha<br>(CPC 851)<br>(b) Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta sna heolaíochtaí sóisialta agus sna daonnachtaí<br>(CPC 852 (seachas seirbhísí síceolaithe)[19]<br>(c) Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta Idirdhisciplíneacha<br>(CPC 853) | I gcás (a) agus (c):<br>AE: Le haghaidh Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta a mhaoinítear go poiblí, ní féidir cearta eisiacha agus/nó údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach acu.<br>I gcás (b):<br><br>Forchoimeádas ar bith |
| D. Seirbhísí Réadmhaoine[20] | |
| (a) A bhaineann le maoin faoi úinéireachta nó maoin ar léas<br>(CPC 821) | Forchoimeádas ar bith |
| (b) Ar tháille nó ar bhonn conartha<br>(CPC 822) | Forchoimeádas ar bith |
| E. Seirbhísí Cíosa/Léasaithe gan Oibreoirí | |
| (a) A bhaineann le Longa<br>(CPC 83103) | LT: Ní mór longa a bheith faoi úinéireacht daoine nádúrtha Liotuánach nó cuideachtaí atá bunaithe sa Liotuáin.<br>SE: Chun bratach na Sualainne a chur ar foluain, ní mór cruthúnas ar thionchar oibriúcháin ceannasach na Sualainne i gcás leasanna úinéireachta eachtraí i longa |
| (b) A bhaineann le hAerárthaí<br>(CPC 83104) | AE: Ní mór aerárthaí a úsáideann iompróirí de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith cláraithe sa Bhallstát den Aontas Eorpach a bhfuil an t-iompróir á cheadúnú aige nó in aon áit eile san Aontas Eorpach. Ní mór an t-aerárthach a bheith faoi úinéireacht daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir náisiúntachta sonracha nó ag daoine dlítheanacha a chomhlíonann critéir shonracha maidir le húinéireacht caipitil agus rialú (lena n-áirítear náisiúntacht stiúrthóirí). Is féidir tarscaoiltí a dheonú le haghaidh conarthaí léasa ghearrthéarmaigh nó in imthosca eisceachtúla. |

18 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

19 Cuid de CPC 85201, a thagann faoi 6.A.h - Seirbhísí leighis agus fiaclóireachta.

20 Baineann an tseirbhís lena mbaineann le gairm an ghníomhaire réadmhaoine agus ní dhéanann sí difear d'aon chearta agus/nó srianta ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a cheannaíonn réadmhaoin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (c) A bhaineann le Trealamh Iompair Eile (CPC 83101, CPC 83102 agus CPC 83105) | Forchoimeádas ar bith |
| (d) A bhaineann le hInnealra agus Trealamh Eile (CPC 83106, CPC 83107, CPC 83108 agus CPC 83109) | Forchoimeádas ar bith |
| (e) A bhaineann le hearraí pearsanta agus earraí tí (CPC 832) | AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, FI, FR, EL, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SI, SE, SK, UK: Neamhcheangailte i ndáil le CPC 83202 |
| (f) Trealamh teileachumarsáide a chur amach ar cíos (CPC 7541) | Forchoimeádas ar bith |
| F. Seirbhísí Gnó Eile | |
| (a) Fógraíocht (CPC 871) | Forchoimeádas ar bith |
| (b) Taighde Margaidh agus Pobalbhreitheanna (CPC 864) | Forchoimeádas ar bith |
| (c) Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Bainistíochta (CPC 865) | Forchoimeádas ar bith |
| (d) Seirbhísí atá Gaolmhar le Sainchomhairleoireacht Bainistíochta (CPC 866) | HU: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí eadrána agus idir-réitigh (CPC 86602). |
| (e) Seirbhísí Tástála agus Anailíse Teicniúla[21] (CPC 8676) | Forchoimeádas ar bith |
| (f) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a bhaineann le Talmhaíocht, Sealgaireacht agus Foraoiseacht (cuid de CPC 881) | CY, CZ, EE, LT, MT, SK, SI: Neamhcheangailte |
| (g) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a Bhaineann le hIascach (cuid de CPC 882) | Forchoimeádas ar bith |

21 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le seirbhísí tástála teicniúla agus anailíse atá éigeantach chun údaruithe margaíochta le haghaidh údaruithe úsáide a dheonú (e.g. cigireacht ar charranna, cigireacht bia).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (h) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a bhaineann le Monaraíocht<br>(cuid de CPC 884 agus cuid de CPC 885) | Forchoimeádas ar bith |
| (i) Seirbhísí maidir le Socrúchán agus Soláthar Pearsanra | |
| (i) 1. Cuardach feidhmiúcháin<br>(CPC 87201) | BG, CY, CZ, DE, EE, FI, LV, LT, MT, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte |
| (i) 2. Seirbhísí Socrúcháin<br>(CPC 87202) | AT, BG, CY, CZ, EE, FI, LV, LT, MT, PL, PT, RO, SK: Neamhcheangailte<br>BE, FR, IT: Monaplacht stáit<br>DE: Tá údarú faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Na príomhchritéir: staid agus forbairt an mhargaidh saothair |
| (i) 3. Seirbhísí pearsanra tacaíochta oifige a sholáthar<br>(CPC 87203) | AT, BG, CY, CZ, DE, EE, FI, LV, LT, MT, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte<br>IT: Monaplacht stáit |
| (i) 4 Seirbhísí gníomhaireachta mainicíneachta<br>(cuid de CPC 87209) | Forchoimeádas ar bith. |
| (j) 1. Seirbhísí Imscrúdúcháin<br>(CPC 87301) | BE, BG, CY, CZ, DE, ES, EE, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI: Neamhcheangailte |
| (j) 2. Seirbhísí Slándála<br>(CPC 87302, CPC 87303, CPC 87304 agus CPC 87305) | DK: Ceanglas náisiúntachta agus cónaitheacht do chomhaltaí an Bhoird Stiúrthóirí. Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí garda aerfoirt a sholáthar<br>BG, CY, CZ, EE, FI, LV, LT, MT, PL, RO, SI, SK: Ní fhéadfar ceadúnas a dheonú ach do náisiúnaigh agus d'eagraíochtaí cláraithe náisiúnta.<br>ES: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). Tá rochtain faoi réir réamhúdarú. |
| (k) Seirbhísí Gaolmhara Sainchomhairleoireachta Eolaíochta agus Teicniúla[22]<br>(CPC 8675) | FR: Ceanglaítear ar infheisteoirí eachtracha údarú sonrach a bheith acu le haghaidh seirbhísí taiscéalaíochta agus sirtheoireachta. |
| (l) (1). Cothabháil agus deisiú soithí<br>(cuid de CPC 8868) | Forchoimeádas ar bith |
| (l) (2). Cothabháil agus deisiú trealamh iompair iarnróid<br>(cuid de CPC 8868) | LV: Monaplacht stáit.<br>SE: Bíonn tástálacha riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm nuair a bhíonn sé ar intinn ag infheisteoirí a saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Na príomhchritéir: srianta spáis agus toillte. |

22 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le gníomhaíochtaí áirithe atá gaolmhar le mianadóireacht (mianraí, ola, gás, etc.).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (l) (3). Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompar bóthair (CPC 6112, CPC 6122, cuid de CPC 8867 agus cuid de CPC 8868) | SE: Bíonn tástálacha riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm nuair a bhíonn sé ar intinn ag infheisteoirí a saoráidí bonneagair críochfoirt féin a bhunú. Na príomhchritéir: srianta spáis agus toillte |
| (l) (4). Cothabháil agus deisiú aerárthaí agus páirteanna díobh (cuid de CPC 8868) | Forchoimeádas ar bith |
| (l) (5). Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do tháirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealamh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí[23] (CPC 633, CPC 7545, CPC 8861, CPC 8862, CPC 8864, CPC 8865 agus CPC 8866) | Forchoimeádas ar bith |
| (m) Seirbhísí Glantacháin Foirgneamh (CPC 874) | Forchoimeádas ar bith |
| (n) Seirbhísí Grianghrafadóireachta (CPC 875) | CY, EE, MT: Neamhcheangailte |
| (o) Seirbhísí Pacáistithe (CPC 876) | Forchoimeádas ar bith |
| (p) Priontáil agus Foilsitheoireacht (CPC 88442) | LT, LV: Ní dheonaítear cearta bunaíochta san earnáil foilsitheoireachta ach do dhaoine dlíthiúla atá ionchorpraithe go náisiúnta (murab ionann agus brainsí).<br>PL: Ceanglas náisiúntachta do phríomheagarthóir nuachtán agus irisí.<br>SE: Ceanglais chónaitheachta le haghaidh foilsitheoirí agus úinéirí cuideachtaí foilsitheoireachta agus clódóireachta. |
| (q) Seirbhísí Coinbhinsiúin (cuid de CPC 87909) | Forchoimeádas ar bith |
| (r) 1. Seirbhísí Aistriúcháin agus Ateangaireachta (CPC 87905) | DK: Féadfaidh údarú le haghaidh aistritheoirí agus ateangairí poiblí údaraithe raon feidhme na gníomhaíochta a theorannú.<br>PL: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ateangaireachta faoi bhrí mionna a sholáthar.<br>BG, HU, SK: Neamhcheangailte i ndáil le haistriúchán agus ateangaireacht oifigiúil. |

[23] Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealaimh iompair (CPC 6112, 6122, 8867 agus CPC 8868) le fáil faoi 6.F.(l) 1 go 6.F.(l) 4.
Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe innealra agus trealamh oifige lena n-áirítear ríomhairí (CPC 845) le fáil faoi 6.B. Seirbhísí Ríomhaireachta.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (r) 2. Seirbhísí Deartha Intí agus Seirbhísí Deartha Speisialtachta eile (CPC 87907) | Forchoimeádas ar bith |
| (r) 3. Seirbhísí Gníomhaireachta Bailiúcháin (CPC 87902) | IT, PT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh infheisteoirí. |
| (r) 4. Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa (CPC 87901) | BE: Maidir le bainc sonraí creidmheasa tomhaltóirí, coinníoll náisiúntachta le haghaidh infheisteoirí.<br>IT, PT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh infheisteoirí. |
| (r) 5. Seirbhísí dúbailte (CPC 87904)[24] | Forchoimeádas ar bith |
| (r) 6. Seirbhísí sainchomhairleoireachta teileachumarsáide (CPC 7544) | Forchoimeádas ar bith |
| (r) 7. Seirbhísí freagartha teileafóin (CPC 87903) | Forchoimeádas ar bith |

24 Ní áirítear leis seo seirbhísí priontála, a thagann faoi CPC 88442 agus atá le fáil faoi 6.F p).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 7. SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE | |
| A. Seirbhísí Poist agus Cúiréireachta<br>Seirbhísí a bhaineann le hearraí poist[25] a láimhseáil[26] de réir an liosta fo-earnálacha seo a leanas, cibé acu le haghaidh cinn scríbe intíre nó eachtracha: (i) Teachtaireachtaí scríofa a bhfuil seoladh orthu a láimhseáil ar aon chineál meáin fhisiciúil[27], lena n-áirítear seirbhís poist Hibrideach agus Post díreach, (ii) beartáin agus pacáistí a bhfuil seoladh orthu a láimhseáil[28], (iii) Táirgí preasa a bhfuil seoladh orthu a láimhseáil[29], (iv) earraí dá dtagraítear in (i) go (iii) a láimhseáil mar phost cláraithe nó árachaithe, (v) Seirbhísí mearsheachadta[30] le haghaidh earraí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas, (vi) Láimhseáil earraí nach bhfuil seoladh orthu, (vii) Malartú doiciméad[31] | Forchoimeádas ar bith[32] |

[25] Ba cheart glacadh leis go n-áirítear imréiteach, sórtáil, iompar agus seachadadh leis an téarma 'láimhseáil.'

[26] Tagraíonn 'earra poist' d'earraí a láimhseálann oibreoir tráchtála de chineál ar bith, bíodh sé poiblí nó príobháideach.

[27] E.g. litir, cártaí poist.

[28] Tá leabhair, catalóga san áireamh anseo thíos.

[29] Irisleabhair, nuachtáin, tréimhseacháin.

[30] Féadfaidh eilimintí breisluacha a bheith san áireamh sna seirbhísí mearsheachadta, chomh maith le luas agus iontaofacht níos fearr, eilimintí amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú agus lorgaireacht, an fhéidearthacht an ceann scríbe agus an seolaí a athrú faoi bhealach, dearbhú fála.

[31] Modhanna a sholáthar, lena n-áirítear áitreabh ad hoc a sholáthar chomh maith le hiompar ag tríú páirtí, lena gceadaítear féinseachadadh trí mhalartú frithpháirteach earraí poist idir úsáideoirí a shuibscríobhann leis an tseirbhís sin. Tagraíonn earra poist d'earraí a láimhseálann oibreoir tráchtála de chineál ar bith, bíodh sé poiblí nó príobháideach.

[32] I gcás fho-earnálacha (i) go (iv), féadfar ceadúnais aonair lena bhforchuirtear oibleagáidí seirbhísí uilíocha áirithe agus/nó ranníocaíocht airgeadais le ciste cúitimh a éileamh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Eisiatar fo-earnálacha (i), (iv) agus (v), áfach, nuair a thagann siad faoi raon feidhme na seirbhísí a d'fhéadfaí a fhorchoimeád, is é sin: le haghaidh earraí comhfhreagrais ar lú a bpraghas ná 2.5 oiread na buntaraife poiblí, ar choinníoll go bhfuil meáchan níos lú ná 50 gram[33] iontu, móide an tseirbhís phoist chláraithe a úsáidtear le linn nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin.) (cuid de CPC 751, cuid de CPC 71235[34] agus cuid de CPC 73210[35] ) | |
| B. Seirbhísí teileachumarsáide Ní chumhdaíonn na seirbhísí sin an ghníomhaíocht eacnamaíoch arb é atá inti ábhar a sholáthar a éilíonn seirbhísí teileachumarsáide le haghaidh a iompair. | |

33 'Earraí comhfhreagrais': teachtaireacht i bhfoirm scríofa ar aon chineál meáin fhisiciúil atá le hiompar agus le seachadadh chuig an seoladh a léiríonn an seoltóir ar an earra féin nó ar an gclúdach atá air. Ní fhéachtar ar leabhair, catalóga, nuachtáin ná tréimhseacháin mar earraí comhfhreagrais.

34 Iompar poist ar féinchuntas trí mhodh talún ar bith.

35 Iompar poist ar féinchuntas d'aer.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (a) Gach seirbhís arb éard atá inti comharthaí a tharchur agus a ghlacadh ar aon mhodha leictreamaighnéadach[36], seachas craoltóireacht[37] | Forchoimeádas ar bith[38] |
| (b) Seirbhísí tarchurtha craolacháin satailíte[39] | AE: féadfaidh soláthróirí seirbhíse san earnáil seo a bheith faoi réir oibleagáidí chun cuspóirí leasa ghinearálta atá gaolmhar le hiompar inneachair trína líonra a chosaint i gcomhréir le creat rialála an Aontais Eorpaigh maidir le cumarsáid leictreonach.<br>BE: Neamhcheangailte |
| 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA INNEALTÓIREACHTA (CPC 511, CPC 512, CPC 513, CPC 514, CPC 515, CPC 516, CPC 517 agus CPC 518) | BG: Maidir le tionscadail a bhfuil tábhacht náisiúnta nó réigiúnach ag baint leo, ní mór d'infheisteoirí coigríche gníomhú i gcomhpháirtíocht le fochonraitheoirí infheisteoirí áitiúla.<br>CY, CZ, HU, MT, SK: Neamhcheangailte |
| 9. SEIRBHÍSÍ DÁILEACHÁIN (seachas dáileadh arm, muinisean, pléascán agus ábhar cogaidh eile) Gach fo-earnáil a luaitear thíos[40] | AT: Neamhcheangailte i ndáil le dáileadh earraí piriteicniúla, earraí inadhainte agus feistí pléasctha agus substaintí tocsaineacha. Le haghaidh dáileadh earraí cógaisíochta a dháileadh agus táirgí tobac, ní féidir cearta eisiacha agus/nó údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach acu.<br>FI: Neamhcheangailte i ndáil le deochanna alcólacha agus táirgí cógaisíochta a dháileadh. |

36 Ní áirítear sna seirbhísí sin faisnéis ar líne agus/nó próiseáil sonraí (lena n-áirítear próiseáil idirbheart) (cuid de CPC 843) atá le fáil faoi 1.B. Seirbhísí Ríomhaireachta.

37 Sainmhínítear craoltóireacht mar an slabhra tarchurtha gan bhriseadh a theastaíonn chun comharthaí cláir teilifíse agus raidió a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne, ach ní chumhdaítear léi naisc inneachair idir oibreoirí.

38 Fonóta chun críoch soiléiriúcháin: Coinníonn roinnt Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh rannpháirtíocht phoiblí in oibreoirí áirithe teileachumarsáide. Forchoimeádann Ballstáit an Aontais Eorpaigh a gcearta chun rannpháirtíocht phoiblí den sórt sin a choinneáil sa todhchaí. Ní teorannú ar rochtain ar an margadh é sin. Sa Bheilg, déantar rannpháirtíocht an rialtais agus cearta vótála in Belgacom a chinneadh faoi shaoirse faoi chumhachtaí reachtacha mar a dhéantar faoi láthair faoi dhlí an 21 Márta 1991 maidir le hathchóiriú a dhéanamh ar fhiontair eacnamaíocha atá faoi úinéireacht an rialtais.

39 Cumhdaítear leis na seirbhísí sin an tseirbhís teileachumarsáide arb é atá inti tarchur agus glacadh craoltóireachta raidió agus teilifíse trí shatailít (an slabhra tarchuir gan bhriseadh trí shatailít is gá chun comharthaí clár teilifíse agus raidió a dháileadh ar an bpobal i gcoitinne). Cumhdaítear leis seo úsáid seirbhísí satailíte, ach ní áirítear leis seo pacáistí clár teilifíse a dhíol le teaghlaigh.

40 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le dáileadh táirgí ceimiceacha, táirgí cógaisíochta, táirgí le haghaidh úsáid leighis amhail feistí leighis agus máinliachta, substaintí leighis agus nithe le haghaidh úsáid leighis, trealamh míleata agus miotail lómhara (agus clocha) agus i roinnt Ballstát den Aontas Eorpach maidir le dáileadh tobac agus táirgí tobac agus deochanna alcólacha freisin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| A. Seirbhísí Gníomhairí Coimisiúin | |
| (a) Seirbhísí Gníomhairí Coimisiúin ar mhótarfheithiclí, gluaisrothair, mótair shneachta agus páirteanna díobh agus gabhálais dóibh<br>(cuid de CPC 61111, cuid de CPC 6113 agus cuid de CPC 6121) | Forchoimeádas ar bith |
| (b) Seirbhísí Eile Gníomhairí Coimisiúin<br>(CPC 621) | Forchoimeádas ar bith |
| B. Seirbhísí Trádála Mórdhíola | |
| (a) Seirbhísí Gníomhairí Coimisiúin ar mhótarfheithiclí, gluaisrothair, mótair shneachta agus páirteanna díobh agus gabhálais dóibh<br>(cuid de CPC 61111, cuid de CPC 6113 agus cuid de CPC 6121) | Forchoimeádas ar bith |
| (b) Seirbhísí Trádála Mórdhíola i dtrealaimh teirminéil teileachumarsáide<br>(cuid de CPC 7542) | Forchoimeádas ar bith |
| (c) Seirbhísí trádála mórdhíola eile<br>(CPC 622 seachas seirbhísí trádála mórdhíola táirgí fuinnimh)[41] | FR, IT: Monaplacht stáit ar thobac.<br>FR: Tá údarú cógaslann mórdhíola faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch. Príomhchritéir: an daonra agus dlús geografach na ngnónna atá ann cheana. |

41 Tá na seirbhísí seo, lena n-áirítear CPC 62271, le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.D.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí Miondíola[42]<br>Seirbhísí Miondíola ar mhótarfheithiclí, gluaisrothair, mótair shneachta agus páirteanna díobh agus gabhálais dóibh<br>(CPC 61112, cuid de CPC 6113 agus cuid de CPC 6121)<br>Seirbhísí Miondíola i dtrealamh teirminéil teileachumarsáide<br>(cuid de CPC 7542)<br>Seirbhísí miondíola bia<br>(CPC 631)<br>Seirbhísí miondíola earraí eile (neamhfhuinnimh), seachas miondíol earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha[43]<br>(CPC 632 seachas CPC 63211 agus 63297) | ES, FR, IT: Monaplacht stáit ar thobac.<br>BE, BG, DK, FR, IT, MT, PT: Tá údarú le haghaidh siopaí ilrannacha (i gcás FR le haghaidh siopaí móra amháin) faoi réir tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. Príomhchritéir: líon na siopaí ilrannacha agus an tionchar orthu, dlús daonra, scaipeadh geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíocht nua a chruthú.<br>IE, SE: Neamhcheangailte i ndáil le deochanna alcólacha a mhiondíol.<br>SE: D'fhéadfadh údarú le haghaidh trádáil shealadach in éadaí, bróga agus earraí bia nach gcaitear ag an díolphointe a bheith faoi réir tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. Na príomhchritéir: tionchar ar na siopaí atá ann cheana sa limistéar geografach atá i gceist. |
| D. Saincheadú<br>(CPC 8929) | Forchoimeádas ar bith |

[42] Ní áirítear leis seo seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.B. agus 6.F.(l). Ní áirítear leis seo seirbhísí miondíola táirgí fuinnimh atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.E agus 18.F.

[43] Tá miondíol earraí cógaisíochta, leighis agus ortaipéideacha le fáil faoi SEIRBHÍSÍ GAIRMIÚLA in 1.A.(k).

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 10. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS (seirbhísí arna maoiniú go príobháideach amháin) | |
| A. Seirbhísí Bunoideachais (CPC 921)<br>B. Seirbhísí Meánoideachais (CPC 922)<br>C. Seirbhísí Ardoideachais (CPC 923)<br>D. Seirbhísí Oideachais Aosaigh (CPC 924) | AE: Tá rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra oideachais faoi réir lamháltais.<br>AT: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ardoideachais. Neamhcheangailte i ndáil le Seirbhísí oideachais neamhcheangailte d'aosaigh trí chraoladh raidió nó teilifíse.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí bunoideachais agus/nó meánoideachais a bheith á soláthar ag daoine nádúrtha agus comhlachais eachtracha agus i ndáil le seirbhísí ardoideachais a sholáthar.<br>CZ, SK: Coinníoll náisiúntachta maidir le tromlach na gcomhaltaí den Bhord Stiúrthóirí. Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ardoideachais a sholáthar ach amháin i ndáil le seirbhísí iar-mheánscoile teicniúla agus gairmoideachais (CPC 92310).<br>CY, FI, MT, RO, SE: Neamhcheangailte<br>EL: Coinníoll náisiúntachta maidir le tromlach na gcomhaltaí den Bhord Stiúrthóirí i mbunscoileanna agus i meánscoileanna. Neamhcheangailte i ndáil le hinstitiúidí ardoideachais a dheonaíonn dioplómaí aitheanta Stáit.<br>ES, IT: Tástáil ar riachtanais chun ollscoileanna príobháideacha a oscailt atá údaraithe chun dioplómaí nó céimeanna aitheanta a eisiúint; comhairle ón bParlaimint i gceist leis an nós imeachta. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na mbunaíochtaí atá ann cheana.<br>HU, SK: Féadfaidh na húdaráis áitiúla (nó na húdaráis lárnacha i gcás ardscoileanna agus institiúidí ardoideachais eile) atá i gceannas ar cheadúnais a dheonú teorainn a chur le líon na scoileanna atá á mbunú.<br>LV: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí oideachais a bhaineann le seirbhísí oideachasúla teicniúla agus gairmiúla de chineál meánscoile a sholáthar do mhic léinn faoi mhíchumas (CPC 9224).<br>SI: Neamhcheangailte i ndáil le bunscoileanna. Coinníoll náisiúntachta maidir le tromlach na gcomhaltaí den Bhord Stiúrthóirí i meánscoileanna agus in ardscoileanna. |
| E. Seirbhísí oideachais eile (CPC 929) | AT, BE, BG, CY, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SI, SE, UK: Neamhcheangailte<br>CZ, SK: Tá rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra oideachais faoi réir lamháltais. Coinníoll náisiúntachta maidir le tromlach na gcomhaltaí den Bhord Stiúrthóirí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 11. SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL[44]<br>A.) Seirbhísí Fuíolluisce<br>(CPC 9401)[45]<br>B. Bainistíocht dramhaíola soladaí/ghuaisí, seachas iompar trasteorann dramhaíola guaisí<br>(a) Seirbhísí diúscartha bruscair<br>(CPC 9402)<br>(b) Sláintíocht agus Seirbhísí Comhchosúla<br>(CPC 9403)<br>C. Cosaint an aeir chomhthimpeallaigh agus na haeráide<br>(CPC 9404)[46]<br>D. Feabhsú agus glanadh suas ithreach agus uiscí<br>(a) Cóireáil, feabhsú ithreach agus uisce éillithe/truaillithe<br>(cuid de CPC 9406)[47]<br>E. Laghdú torainn agus creathaidh<br>(CPC 9405)<br>F. Cosaint bithéagsúlachta agus tírdhreacha<br>(a) Seirbhísí cosanta dúlra agus tírdhreacha<br>(cuid de CPC 9406)<br>G. Seirbhísí comhshaoil agus coimhdeacha eile<br>(CPC 9409) | Forchoimeádas ar bith |

44 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.
45 Comhfhreagraíonn an méid seo do Sheirbhísí séarachais.
46 Comhfhreagraíonn an méid seo do Sheirbhísí Glantacháin Gás Sceite.
47 Comhfhreagraíonn an méid seo do Sheirbhísí Cosanta Dúlra agus Tírdhreacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 12. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | |
| A. Árachas agus seirbhísí atá gaolmhar leis an árachas | AT: Ní mór an ceadúnas le haghaidh oifigí brainse árachóirí eachtracha a dhiúltú más rud é nach bhfuil foirm dhlíthiúil ag an árachóir, sa tír bhaile, atá comhfhreagrach nó inchomparáide le cuideachta chomhstoic nó comhlachas árachais fhrithpháirtigh.<br>BG, ES: Sula mbunaítear brainse nó gníomhaireacht sa Bhulgáir nó sa Spáinn chun aicmí áirithe árachais a sholáthar, ní mór don árachóir eachtrach a bheith údaraithe chun oibriú sna haicmí céanna árachais ina dtír tionscnaimh le 5 bliana ar a laghad.<br>EL: Ní chlúdaíonn an ceart bunaíochta cruthú oifigí ionadaíocha ná láithreacht bhuan eile ag cuideachtaí árachais, ach áit a bhfuil na hoifigí sin bunaithe mar ghníomhaireachtaí, brainsí nó ceannoifigí.<br>FI: Leathchuid ar a laghad de thionscnóirí agus de chomhaltaí an bhoird stiúrthóirí agus de bhord maoirseachta cuideachta árachais, beidh a n-áit chónaithe acu san Aontas Eorpach, murab é go bhfuil díolúine deonaithe ag na húdaráis inniúla. Ní féidir le hárachóirí eachtracha ceadúnas a fháil san Fhionlainn mar bhrainse chun bheith ag gabháil d'árachas pinsin reachtúil.<br>IT: I ndeireadh na dála, bíonn údarú bunú brainsí faoi réir meastóireacht ó údaráis mhaoirseachta.<br>BG, PL: Corprú áitiúil (gan bhrainsí) ina cheangal le haghaidh idirghabhálaithe árachais.<br>PT: Chun brainse a bhunú sa Phortaingéil, ní mór do chuideachtaí árachais eachtracha taithí oibriúcháin 5 bliana ar a laghad a léiriú. Níl brainsí díreacha ceadaithe d'idirghabháil árachais, atá forchoimeádta do chuideachtaí arna mbunú i gcomhréir le dlí Ballstáit den Aontas Eorpach.<br>SK: Féadfaidh náisiúnach eachtrach cuideachta árachais a bhunú i bhfoirm cuideachta comhstoic nó gnó árachais a stiúradh trína bhfochuideachtaí a bhfuil oifig chláraithe acu i bPoblacht na Slóvaice.<br>SE: Is trí bhrainse amháin a fhéadfaidh gnóthais bróicéireachta árachais nach bhfuil corpraithe sa tSualainn a bhunú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas) | AE: Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí ag a bhfuil a n-oifig chláraithe san Aontas Eorpach gníomhú mar thaisclanna le haghaidh sócmhainní cistí infheistíochta. Ceanglaítear ar bhunaíocht cuideachta bainistíochta speisialaithe, ag a bhfuil a ceannoifig agus a hoifig chláraithe sa Bhallstát céanna den Aontas Eorpach, gníomhaíocht bainistíochta iontaobhais aonaid agus cuideachtaí infheistíochta a fheidhmiú.<br>BG: Cuirfear árachas pinsin chun feidhme trí rannpháirtíocht i gcuideachtaí árachais pinsean corpraithe (gan bhrainsí). Tá cónaí buan sa Bhulgáir ina cheangal le haghaidh chathaoirleach an bhoird bainistíochta agus chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí.<br>CY: Ní féidir ach le comhaltaí (bróicéirí) de Stocmhalartán na Cipire gnó a dhéanamh a bhaineann le bróicéireacht urrús sa Chipir. Ní fhéadfar gnólacht bróicéireachta a chlárú mar chomhalta de Stocmhalartán na Cipire ach amháin má tá sé bunaithe agus cláraithe i gcomhréir le Dlí Cuideachtaí na Cipire (gan bhrainsí).<br>FI: Beidh a mbuanáit chónaithe san Aontas Eorpach ag leath na mbunaitheoirí ar a laghad, ag gnáthchomhalta amháin agus ag leaschomhalta amháin den bhord maoirseachta agus ag an duine atá i dteideal ainm na hinstitiúide creidmheasa a shíniú. Féadfaidh na húdaráis inniúla díolúine a dheonú maidir ó na ceanglais sin.<br>HU: Ní cheadaítear do bhrainsí institiúidí eachtracha seirbhísí bainistíochta sócmhainní a sholáthar le haghaidh cistí pinsin príobháideacha ná bainistíocht caipitil fiontair. Ba cheart go mbeadh beirt chomhaltaí ar a laghad ar bhord institiúide airgeadais, ar saoránaigh den Ungáir iad, ar cónaitheoirí iad de réir bhrí na rialachán ábhartha maidir le malairt eachtrach agus a bhfuil buanchónaí orthu san Ungáir le 1 bhliain amháin ar a laghad.<br>IE: I gcás scéimeanna comhinfheistíochta atá comhdhéanta mar iontaobhais aonad agus cuideachtaí caipitil athraithigh (seachas gnóthais le haghaidh comhinfheistíochta in urrúis inaistrithe, GCUI), ceanglaítear go n-ionchorprófaí an t-iontaobhaí/an taisce agus an chuideachta bainistíochta in Éirinn nó i mBallstát eile den Aontas Eorpach (gan bhrainsí). I gcás comhpháirtíocht theoranta infheistíochta, ní mór comhpháirtí ginearálta amháin ar a laghad a bheith corpraithe in Éirinn. Le bheith ina chomhalta de stocmhalartán in Éirinn, ní mór d’eintiteas (I) a bheith údaraithe in Éirinn, rud a cheanglaíonn go ndéanfaí é a chorprú nó a bheith ina chomhpháirtíocht, le ceannoifig/oifig chláraithe in Éirinn, nó (II) a bheith údaraithe i mBallstát eile den Aontas Eorpach i gcomhréir leis an Treoir ón Aontas Eorpach um Sheirbhísí Infheistíochta. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | IT: Chun bheith údaraithe chun an córas um shocrú urrús a bhainistiú le bunaíocht san Iodáil, ceanglaítear ar chuideachta bheith corpraithe san Iodáil (gan bhrainsí). Chun bheith údaraithe chun seirbhísí lárnacha um thaiscí urrúis a bhainistiú le bunaíocht san Iodáil, ceanglaítear ar chuideachta a bheith corpraithe san Iodáil (gan bhrainsí). I gcás scéimeanna comhinfheistíochta seachas UCITS arna gcomhchuibhiú faoi reachtaíocht Aontais Eorpaigh, tá sé ina cheangal go mbeadh an t-iontaobhaí nó an taisceánach corpraithe san Iodáil nó i mBallstát eile den Aontas Eorpach agus bunaithe trí bhrainse san Iodáil. Tá sé ina cheangal freisin go mbeadh cuideachtaí bainistíochta UCITS nach bhfuil comhchuibhithe faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh corpraithe san Iodáil (gan bhrainsí). Ní fhéadfaidh ach bainc, cuideachtaí árachais, cuideachtaí infheistíochta agus gnóthais a dhéanann bainistíocht ar UCITS arna gcomhchuibhiú faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh agus a bhfuil a gceannoifig dhlíthiúil san Aontas, chomh maith le UCITS corpraithe san Iodáil, bainistíocht a dhéanamh ar acmhainn ciste pinsin. Agus an ghníomhaíocht díolta ó dhoras go doras á soláthar acu, ní mór d'idirghabhálaithe úsáid a bhaint as díoltóirí airgeadais údaraithe a bhfuil cónaí orthu laistigh de chríoch Ballstáit den Aontas Eorpach. Ní féidir le hoifigí ionadaíocha idirghabhálaithe eachtracha gníomhaíochtaí a dhéanamh atá dírithe ar sheirbhísí infheistíochta a sholáthar.<br>LT: Chun críche bainistíocht sócmhainne, tá sé de cheangal cuideachta bainistíochta speisialaithe a ionchorprú (gan bhrainsí). Ní fhéadfaidh ach comhlachtaí ag a bhfuil a n-oifig chláraithe sa Liotuáin acu gníomhú mar thaisclanna le haghaidh na sócmhainní.<br>PT: Ní fhéadfar bainistíocht chistí pinsin a sholáthar ach ag cuideachtaí speisialaithe atá corpraithe sa Phortaingéil don chuspóir sin agus cuideachtaí árachais atá bunaithe sa Phortaingéil agus údaraithe chun gabháil do ghnó árachais saoil, nó d'eintitis atá údaraithe do bhainistíocht chistí pinsin i mBallstáit eile den Aontas Eorpach (neamhcheangailte i ndáil le brainsiú díreach ó thíortha nach Ballstáit den Aontas Eorpach iad).<br>RO: Ní cheadaítear do bhrainsí institiúidí eachtracha seirbhísí bainistíochta sócmhainní a sholáthar.<br>SK: Maidir le seirbhísí infheistíochta i bPoblacht na Slóvaice, féadfaidh bainc, cuideachtaí infheistíochta, cistí infheistíochta agus déileálaithe urrús iad a sholáthar, is é sin cuideachtaí a bhfuil foirm dhlíthiúil cuideachta comhstoic acu agus ag a bhfuil caipiteal cothromais i gcomhréir leis an dlí (gan bhrainsí).<br>SI: Neamhcheangailte i gcás cistí pinsin príobháideacha (cistí pinsean neamhéigeantacha).<br>SE: Ní mór go mbeadh bunaitheoir bainc taisce ina nduine nádúrtha ar a bhfuil cónaí san Aontas Eorpach orthu. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 13. SEIRBHÍSÍ SLÁINTE AGUS SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA[48]<br>(seirbhísí arna maoiniú go príobháideach amháin) | |
| A. Seirbhísí Ospidéil<br>(CPC 9311)<br>B. Seirbhísí Otharchairr<br>(CPC 93192)<br>C. Saoráidí cónaitheacha sláinte seachas seirbhísí ospidéil<br>(CPC 93193)<br>D. Seirbhísí sóisialta<br>(CPC 933) | AE: Tá rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha sa líonra sláinte agus sóisialta faoi réir lamháltais. D'fhéadfadh feidhm a bheith ag tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar atá orthu, bonneagar iompair, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua.<br>AT, SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí otharchairr.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ospidéil, seirbhísí otharchairr agus saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil.<br>CZ, FI, MT, SE, SK: Neamhcheangailte<br>HU, SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí sóisialta.<br>PL: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil agus seirbhísí sóisialta.<br>BE, UK: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil agus seirbhísí sóisialta seachas tithe téarnaimh agus scíthe agus tithe seanóirí.<br>CY: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí ospidéil, seirbhísí otharchairr, saoráidí sláinte cónaithe seachas seirbhísí ospidéil agus seirbhísí sóisialta seachas tithe téarnaimh agus scíthe agus tithe seanóirí. |
| 14. SEIRBHÍSÍ ATÁ GAOLMHAR LE TAISTEAL AGUS TURASÓIREACHT | |
| A. Óstáin, Bialanna agus Lónadóireacht<br>(CPC 641, CPC 642 agus CPC 643)<br>seachas lónadóireacht i seirbhísí aeriompair[49] | BG: Ceanglaítear ionchorprú a dhéanamh (gan brainsí).<br>IT: Cuirtear tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha i bhfeidhm ar bheáir, caiféanna agus bialanna. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na mbunaíochtaí atá ann cheana. |
| B. Seirbhísí Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turais (bainisteoirí turais san áireamh)<br>(CPC 7471) | BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>PT: Ceanglas maidir le comhdhéanamh cuideachta tráchtála a bhfuil bonn corparáideach sa Phortaingéil aici (neamhcheangailte i ndáil le brainsí).<br>CZ: Tástáil riachtanas eacnamaíoch bunaithe ar chritéar daonra. |
| C. Seirbhísí Treoraithe Turasóireachta<br>(CPC 7472) | BG, CY, HU, LT, MT, PL: Neamhcheangailte |

48 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

49 Tá lónadóireacht i seirbhísí aeriompair le fáil i SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR faoi 17.D.(a) Seirbhísí láimhseála ar an talamh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 15. SEIRBHÍSÍ ÁINEASA, CULTÚIR AGUS SPÓIRT (seachas seirbhísí closamhairc) | |
| A. Seirbhísí Siamsaíochta (lena n-áirítear Seirbhísí Amharclannaíocht, Bannaí Beo, Sorcais agus Dioscó) (CPC 9619) | CY, CZ, FI, MT, PL, RO, SI, SK: Neamhcheangailte<br>BG: Neamhcheangailte seachas i ndáil le seirbhísí siamsaíochta arna gcur ar fáil ag léiritheoirí amharclainne, grúpaí amhránaíochta, bannaí agus ceolfhoirne (CPC 96191), seirbhísí arna gcur ar fáil ar údair, cumadóirí, dealbhóirí, siamsóirí agus ealaíontóirí aonair eile (CPC 96192) agus seirbhísí coimhdeachta amharclainne (CPC 96193).<br>EE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí siamsaíochta eile (CPC 96199) ach amháin i ndáil le seirbhísí pictiúrlainne.<br>LV: Neamhcheangailte seachas i ndáil le seirbhísí oibrithe pictiúrlainne (cuid de CPC 96199). |
| B. Seirbhísí Gníomhaireachtaí Preasa agus Nuachta (CPC 962) | FR: An rannpháirtíocht eachtrach i gcuideachtaí a fhoilsíonn foilseacháin i bhFraincis, ní rachaidh sí thar 20 faoin gcéad de chaipiteal ná de chearta vótála na cuideachta. Bunú gníomhaireachtaí preasa ag infheisteoirí eachtracha, tá sé faoi réir cómhalartachta. |
| C. Seirbhísí leabharlainne, cartlainne, músaeim agus seirbhísí cultúir eile[50] (CPC 963) | BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE, UK: Neamhcheangailte<br>AT, LT: Tá rannpháirtíocht oibreoirí príobháideacha i leabharlanna, cartlanna, músaeim agus i líonra na seirbhísí cultúrtha eile faoi réir lamhháltais nó ceadúnais. |
| D. Seirbhísí spóirt (CPC 9641) | AT, SI: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí sciála scoile agus seirbhísí treoraithe sléibhe.<br>BG, CY, CZ, EE, LV, MT, PL, RO, SK: Neamhcheangailte |
| E. Seirbhísí Páirceanna Áineasa agus Trá (CPC 96491) | Forchoimeádas ar bith |
| 16. IOMPAR SEIRBHÍSÍ | |
| A. Iompar muirí[51] | |
| (a) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí (CPC 7211 lúide iompar cabatáiste náisiúnta).<br>(b) Iompar idirnáisiúnta lasta (CPC 7212 lúide iompar cabatáiste náisiúnta)[52] | AE: Neamhcheangailte i ndáil le bunú cuideachta cláraithe chun cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>BG, CY, DE, EE, ES, FR, FI, EL, IT, LT, LV, MT, PL, PT, RO, SI, SE: Seirbhísí friothála trí údarú. |

50 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

51 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le seirbhísí calafoirt agus seirbhísí iompair mhuirí eile a éilíonn úsáid an fhearainn phoiblí.

52 Áirítear leis an méid sin seirbhísí friothála agus gluaiseacht trealaimh ag soláthróirí iompair mhuirí idirnáisiúnta idir calafoirt atá suite sa Stát céanna nuair nach bhfuil aon ioncam i gceist.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. Iompar ar uiscebhealaí inmheánacha[53] | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7221)<br>(b) Iompar lasta<br>(CPC 7222) | AE: Le bearta atá bunaithe ar chomhaontuithe atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo maidir le rochtain ar uiscebhealaí intíre (lena n-áirítear comhaontuithe ag eascairt as nasc na Réine-Main-na Danóibe), forchoimeádtar roinnt ceart tráchta d'oibreoirí atá lonnaithe sna tíortha lena mbaineann agus lena gcomhlíontar critéir náisiúntachta maidir le húinéireacht. Na rialacháin lena gcuirtear chun feidhme Coinbhinsiún Mannheim um Loingseoireacht na Réine.<br>AE: Neamhcheangailte i ndáil le bunú cuideachta cláraithe chun cabhlach a oibriú faoi bhratach náisiúnta stát na bunaíochta.<br>AT: Coinníoll náisiúntachta chun cuideachta loingseoireachta a bhunú ag daoine nádúrtha. I gcás bunaíocht mar dhuine dlítheanach, coinníoll náisiúntachta don bhord stiúrthóirí agus don bhord maoirseachta. Cuideachta chláraithe nó bunú buan san Ostair mar cheangal. Ina theannta sin, ní mór formhór na scaireanna gnó a bheith i seilbh saoránach den Aontas Eorpach.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>FI: Ní féidir ach le longa a oibríonn faoi bhratach na Fionlainne seirbhísí a sholáthar. |
| C. Iompar d'iarnród[54]<br>(a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7111)<br>(b) Iompar lasta<br>(CPC 7112) | BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). |
| D. Iompar de bhóthar[55] | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7121 agus CPC 7122) | AE: Ní féidir le hinfheisteoirí coigríche seirbhísí iompair a sholáthar laistigh de Bhallstát den Aontas Eorpach (cabatáiste), seachas i gcás seirbhísí neamhsceidealaithe busanna gona n-oibreoir a fháil ar cíos.<br>AE: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha le haghaidh sheirbhísí tacsaí. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí reatha agus an tionchar orthu, dlús daonra, scaipeadh geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíocht nua a chruthú.<br>AT, BG: Ní féidir cearta eisiacha agus/nó údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach acu.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>FI, LV: Is gá údarú a fháil, ní thugtar d'fheithiclí atá cláraithe ar an gcoigríoch é.<br>LV, SE: Ceanglas ar eintitis bhunaithe feithiclí a bhfuil clárú náisiúnta acu a úsáid. |

[53] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le seirbhísí calafoirt agus seirbhísí eile iompair ar uiscebhealaí inmheánacha a éilíonn úsáid an fhearainn phoiblí.

[54] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le seirbhísí iompair d'iarnróid agus seirbhísí a éilíonn úsáid an fhearainn phoiblí.

[55] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | ES: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha le haghaidh CPC 7122. Na príomhchritéir: Éileamh áitiúil.<br>IT, PT: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha le haghaidh seirbhísí limisín. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí reatha agus an tionchar orthu, dlús daonra, scaipeadh geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíocht nua a chruthú.<br>ES, IE, IT: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha le haghaidh seirbhísí bus idirchathrach. Príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí reatha agus an tionchar orthu, dlús daonra, scaipeadh geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíocht nua a chruthú.<br>FR: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí bus idirchathracha. |
| (b) Iompar lasta[56]<br>(CPC 7123, seachas iompar poist ar féinchuntas[57]). | AT, BG: Ní féidir cearta eisiacha agus/nó údaruithe eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach acu.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>FI, LV: Is gá údarú a fháil, ní thugtar d'fheithiclí atá cláraithe ar an gcoigríoch é.<br>LV, SE: Ceanglas ar eintitis bhunaithe feithiclí a bhfuil clárú náisiúnta acu a úsáid.<br>IT, SK: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. Éileamh áitiúil an príomhchritéar. |
| E. Iompar earraí seachas breosla ar phíblíne[58][59]<br>(CPC 7139) | AT: Ní féidir cearta eisiacha a dheonú ach do náisiúnaigh den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach acu. |
| 17 SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR[60] | |
| A. Seirbhísí cúnta don Mhuiriompar[61]<br>(a) Seirbhísí Láimhseála Lasta Mhuirí<br>(b) Seirbhísí stórála agus trádstórais<br>(cuid de CPC 742)<br>(c) Seirbhísí imréitigh custaim<br>(d) Seirbhísí Stáisiúin Coimeádán agus Iosta<br>(e) Seirbhísí Gníomhaireachta Muirí<br>(f) Seirbhísí Seolta Lasta Mhuirí | AE: Neamhcheangailte le haghaidh soithí a fháil ar cíos le criú, seirbhísí brú agus tarraingthe agus seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair.<br>IT: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha le haghaidh seirbhísí láimhseála lasta ar muir. Na príomhchritéir: líon na mbunaíochtaí atá ann faoi láthair agus an tionchar atá orthu, dlús daonra, raon geografach, agus cruthú fostaíochta nua.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). Tá rannpháirtíocht i gcuideachtaí Bulgáracha teoranta do 49 faoin gcéad.<br>SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Slóivéine (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh. |

56 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí i roinnt Ballstát den Aontas Eorpach.

57 Cuid de CPC 71235, atá le fáil in SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE faoi 7.A. Seirbhísí poist agus cúiréireachta.

58 Tá iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.B.

59 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

60 Ní áirítear leis seo seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin ar threalamh iompair, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(l) 1 go 6.F.(l) 4.

61 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le seirbhísí calafoirt, maidir le seirbhísí cúnta don mhuiriompar a éilíonn úsáid an fhearainn phoiblí agus maidir le seirbhísí brú agus tarraingthe.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (g) Soithí a Ligean ar Cíos le Criú<br>(CPC 7213)<br>(h) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7214)<br>(i) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair<br>(cuid de CPC 745)<br>(j) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile (lena n-áirítear lónadóireacht)<br>(cuid de CPC 749) | |
| B. Seirbhísí cúnta don iompar ar uiscebhealaí intíre[62]<br>(a) Seirbhísí láimhseála lastais<br>(cuid de CPC 741)<br>(b) Seirbhísí stórála agus trádstórais<br>(cuid de CPC 742)<br>(c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta<br>(cuid de CPC 748)<br>(d) Soithí a Ligean ar Cíos le Criú<br>(CPC 7223)<br>(e) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7224)<br>(f) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar ar uiscebhealaí inmheánacha<br>(cuid de CPC 745)<br>(g) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de CPC 749) | AE: Le bearta atá bunaithe ar chomhaontuithe atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo maidir le rochtain ar uiscebhealaí intíre (lena n-áirítear comhaontuithe ag eascairt as nasc na Réine-Main-na Danóibe), forchoimeádtar roinnt ceart tráchta d'oibreoirí atá lonnaithe sna tíortha lena mbaineann agus lena gcomhlíontar critéir náisiúntachta maidir le húinéireacht. Na rialacháin lena gcuirtear chun feidhme Coinbhinsiún Mannheim um Loingseoireacht na Réine.<br>AE: Neamhcheangailte le haghaidh soithí a fháil ar cíos le criú, seirbhísí brú agus tarraingthe agus seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar ar uiscebhealaí inmheánacha.<br>AT: Coinníoll náisiúntachta chun cuideachta loingseoireachta a bhunú ag daoine nádúrtha. I gcás bunaíocht mar dhuine dlítheanach, coinníoll náisiúntachta don bhord stiúrthóirí agus don bhord maoirseachta. Cuideachta chláraithe nó bunú buan san Ostair mar cheangal. Ina theannta sin, ní mór formhór na scaireanna gnó a bheith i seilbh saoránach den Aontas Eorpach.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). Tá rannpháirtíocht i gcuideachtaí Bulgáracha teoranta do 49 faoin gcéad.<br>HU: D'fhéadfadh rannpháirtíocht an Stáit a bheith riachtanach i mbunaíocht.<br>SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Slóivéine (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh. |

62 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le seirbhísí calafoirt, maidir le seirbhísí cúnta don mhuiriompar a éilíonn úsáid an fhearainn phoiblí agus maidir le seirbhísí brú agus tarraingthe.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí cúnta don iompar iarnróid[63]<br>(a) Seirbhísí láimhseála lastais<br>(cuid de CPC 741)<br>(b) Seirbhísí stórála agus trádstórais<br>(cuid de CPC 742)<br>(c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta<br>(cuid de CPC 748)<br>(d) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7113)<br>(e) Seirbhísí tacaíochta<br>le haghaidh seirbhísí iompair iarnróid<br>(CPC 743)<br>(f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de CPC 749)<br>(g) Seirbhísí imréitigh custaim | BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). Tá rannphháirtíocht i gcuideachtaí Bulgáracha teoranta do 49 faoin gcéad<br>SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Slóivéine (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh<br>HU: Neamhcheangailte i gcomhair seirbhísí imréitigh custaim<br>PL: Srianta náisiúnta ag baint le hionadaíocht dhíreach i seirbhísí imréitigh custaim: ní féidir ach le gníomhairí custaim a bhfuil cónaí orthu i gcríoch an Aontais Eorpaigh í a dhéanamh.<br>FR: Neamhcheangailte ach amháin má dheonaítear cómhalartacht iomlán.<br>FI: Neamhcheangailte le haghaidh brainseáil dhíreach<br>NL: tá glacadh le daoine nádúrtha nó dlíthiúla le gníomhú mar ionadaithe custaim faoi réir rogha an chigire, mar a fhoráiltear dó ag airteagal 1(3) agus 1(9) den Acht um Chustaim Ghinearálta. Diúltófar cead isteach i gcás inar gearradh pianbhreith neamh-inchúlghairthe ar an iarratasóir as gníomh coiriúil le 5 bliana anuas. Ceanglaítear ar ionadaithe custaim nach bhfuil ina gcónaitheoir de chuid na hÍsiltíre nó nach bhfuil bunaithe inti dul i mbun cónaithe nó ionad seasta a bhunú san Ísiltír, sula ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí mar ionadaí custaim glactha. |
| D. Seirbhísí cúnta don iompar de bhóthar[64]<br>(a) Seirbhísí láimhseála lastais<br>(cuid de CPC 741)<br>(b) Seirbhísí stórála agus trádstórais<br>(cuid de CPC 742)<br>(c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta<br>(cuid de CPC 748)<br>(d) Feithiclí Tráchtála Bóthair a Ligean ar Cíos le hOibreoirí<br>(CPC 7124)<br>(e) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh trealamh iompair de bhóthar<br>(CPC 744)<br>(f) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de CPC 749)<br>(g) Seirbhísí imréitigh custaim | AT: Le haghaidh feithiclí tráchtála bóthair a ligean ar cíos le hoibreoirí, ní féidir údarú a dheonú ach do náisiúnaigh den Aontas Eorpach agus do dhaoine dlíthiúla de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil a gceanncheathrú san Aontas Eorpach acu.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). Tá rannphháirtíocht i gcuideachtaí Bulgáracha teoranta do 49 faoin gcéad.<br>FI: I gcás feithiclí bóthair tráchtála le hoibreoirí a ligean ar cíos, is gá údarú a fháil, gan a bheith leathnaithe chuig feithiclí atá cláraithe go heachtrach.<br>SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Slóivéine (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh.<br>HU: Neamhcheangailte i gcomhair seirbhísí imréitigh custaim<br>PL: Srianta náisiúnta ag baint le hionadaíocht dhíreach i seirbhísí imréitigh custaim: ní féidir ach le gníomhairí custaim a bhfuil cónaí orthu i gcríoch an Aontais Eorpaigh í a dhéanamh.<br>FR: Neamhcheangailte ach amháin má dheonaítear cómhalartacht iomlán.<br>FI: Neamhcheangailte le haghaidh brainseáil dhíreach<br>NL: tá glacadh le daoine nádúrtha nó dlíthiúla le gníomhú mar ionadaithe custaim faoi réir rogha an chigire, mar a fhoráiltear dó ag airteagal 1(3) agus 1(9) den Acht um Chustaim Ghinearálta. Diúltófar cead isteach i gcás inar gearradh pianbhreith neamh-inchúlghairthe ar an iarratasóir as gníomh coiriúil le 5 bliana anuas. Ceanglaítear ar ionadaithe custaim nach bhfuil ina gcónaitheoir de chuid na hÍsiltíre nó nach bhfuil bunaithe inti dul i mbun cónaithe nó ionad seasta a bhunú san Ísiltír, sula ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí mar ionadaí custaim glactha. |

63 Bíonn feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí nuair a éilíonn na seirbhísí úsáid an fhearainn phoiblí.

64 Bíonn feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí nuair a éilíonn na seirbhísí úsáid an fhearainn phoiblí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair | |
| (a) Seirbhísí láimhseála talún (lena n-áirítear lónadóireacht) | AE: Braitheann na catagóirí gníomhaíochtaí ar mhéid an aerfoirt. Is féidir líon na soláthraithe i ngach aerfort a theorannú mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil, agus do dhá sholáthraí ar a lú ar chúiseanna eile.<br>BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). |
| (b) Seirbhísí stórála agus trádstórais (cuid de CPC 742) | BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>PL: Le haghaidh seirbhísí stórála d'earraí reoite nó cuisnithe agus seirbhísí bulcstórála do leachtanna nó gháis, braitheann na catagóirí gníomhaíochtaí ar mhéid an aerfoirt. Is féidir líon na soláthraithe i ngach aerfort a theorannú mar gheall ar shrianta ar an méid spáis atá ar fáil, agus do dhá sholáthraí ar a lú ar chúiseanna eile. |
| (c) Seirbhísí gníomhaireachta iompair lasta (cuid de CPC 748) | BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>HU: Neamhcheangailte<br>SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Slóivéine (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh. |
| (d) Aerárthaí a ligean ar cíos le criú (CPC 734) | AE: Ní mór aerárthaí a úsáideann iompróirí de chuid an Aontais Eorpaigh a bheith cláraithe sa Bhallstát den Aontas Eorpach a bhfuil an t-iompróir á cheadúnú aige nó, má cheadaíonn an Ballstát ceadúnúcháin den Aontas Eorpach amhlaidh, in áit eile san Aontas Eorpach.<br>Chun bheith cláraithe, féadfar go mbeadh sé ina cheangal go mbeadh aerárthach faoi úinéireacht daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir náisiúntachta sonracha nó ag daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir shonracha maidir le húinéireacht caipitil agus rialú.<br>Ní mór na haerárthaí a bheith á n-oibriú ag aeriompróirí atá faoi úinéireacht daoine nádúrtha a chomhlíonann critéir náisiúntachta sonracha nó ag daoine dlítheanacha a chomhlíonann critéir shonracha maidir le húinéireacht caipitil agus rialú (lena n-áirítear náisiúntacht stiúrthóirí). |
| (e) Díolachán agus Margaíocht | AE: Oibleagáidí sonracha ar infheisteoirí a oibríonn córais áirithinte ar ríomhaire atá faoi úinéireacht nó faoi rialú aeriompróirí. |
| (f) Córas Áirithinte ar Ríomhaire | AE: Oibleagáidí sonracha ar infheisteoirí a oibríonn córais áirithinte ar ríomhaire atá faoi úinéireacht nó faoi rialú aeriompróirí. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (g) Bainistíocht aerfoirt[65] | BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>PL: Tá rannpháirtíocht eachtrach teoranta do 49 faoin gcéad. |
| (h) Seirbhísí imréitigh custaim | BG: Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú).<br>SI: Ní féidir ach le daoine dlítheanacha atá bunaithe i bPoblacht na Slóivéine (gan bhrainsí) imréiteach custaim a dhéanamh.<br>HU: Neamhcheangailte<br>PL: Srianta náisiúnta ag baint le hionadaíocht dhíreach i seirbhísí imréitigh custaim: ní féidir ach le gníomhairí custaim a bhfuil cónaí orthu i gcríoch an Aontais Eorpaigh í a dhéanamh.<br>FR: Neamhcheangailte ach amháin má dheonaítear cómhalartacht iomlán.<br>FI: Neamhcheangailte le haghaidh brainseáil dhíreach<br>NL: tá glacadh le daoine nádúrtha nó dlíthiúla le gníomhú mar ionadaithe custaim faoi réir rogha an chigire, mar a fhoráiltear dó ag airteagal 1(3) agus 1(9) den Acht um Chustaim Ghinearálta. Diúltófar cead isteach i gcás inar gearradh pianbhreith neamh-inchúlghairthe ar an iarratasóir as gníomh coiriúil le 5 bliana anuas. Ceanglaítear ar ionadaithe custaim nach bhfuil ina gcónaitheoir de chuid na hÍsiltíre nó nach bhfuil bunaithe inti dul i mbun cónaithe nó ionad seasta a bhunú san Ísiltír, sula ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí mar ionadaí custaim glactha. |
| E. Seirbhísí cúnta d'iompar earraí trí phíblíne seachas breosla[66]<br>(a) Seirbhísí stórála agus trádstórais le haghaidh earraí seachas breosla a iompraítear trí phíblínte[67]<br>(cuid de CPC 742) | Forchoimeádas ar bith |

65 Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.
66 Tá seirbhísí cúnta d'iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.C.
67 Tá feidhm ag na teorainneacha cothrománacha ar fhóntais phoiblí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 18. SEIRBHÍSÍ FUINNIMH | |
| A. Seirbhísí a Bhaineann leis an Mianadóireacht[68]<br>(CPC 883)[69] | Forchoimeádas ar bith |
| B. Iompar Breoslaí trí Phíblíne[70]<br>(CPC 7131) | AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, IE, IT, LV, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE, UK: Neamhcheangailte |
| C. Stóráil agus seirbhísí trádstórais le haghaidh breoslaí arna n-iompar trí phíblínte[71]<br>(cuid de CPC 742) | CY, CZ, MT, PL, SK: Féadfar cosc a chur ar infheisteoirí ó thíortha ar soláthróirí fuinnimh iad smacht a fháil ar an ngníomhaíocht. Neamhcheangailte i ndáil le brainseáil dhíreach (is gá corprú). |
| D. Seirbhísí trádála mórdhíola breoslaí soladacha, leachta agus gásacha agus táirgí gaolmhara (CPC 62271)<br>agus seirbhísí trádála mórdhíola i leictreachas, gaile agus uisce te[72] | AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí trádála mórdhíola leictreachais, gaile agus uisce the. |
| E. Seirbhísí Miondíola breosla mótair<br>(CPC 613)<br>F. Miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid (CPC 63297)<br>agus miondíol seirbhísí leictreachais (gáis neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the[73] | AE: Neamhcheangailte i ndáil le seirbhísí miondíola breosla mótair, leictreachais, gáis (neamhbhuidéalaithe), gaile agus uisce the.<br>BE, BG, DK, FR, IT, MT, PT: Le haghaidh miondíol ola breosla, gáis bhuidéalaithe, guail agus adhmaid, údarú ar le haghaidh siopaí ilrannacha (i gcás na Fraince, le haghaidh siopaí móra amháin) faoi réir tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. Príomhchritéir: líon na siopaí ilrannacha agus an tionchar orthu, dlús daonra, scaipeadh geografach, tionchar ar choinníollacha tráchta agus fostaíocht nua a chruthú. |

[68] Tá feidhm ag na teorainneacha cothrománacha ar fhóntais phoiblí.

[69] Folaítear leis an méid sin na seirbhísí seo a leanas a dhéantar ar bhonn táille nó conartha: seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le mianadóireacht, ullmhú láithreán talún, suiteáil rige talún, druileáil, seirbhísí giotán druileála, seirbhísí cásála agus feadánacha, innealtóireacht agus soláthar láibe, rialú solad, oibríochtaí speisialta iascaireachta agus i bpoll an tobair, rialú geolaíochta agus druileála láithreáin tobair, croí-thógáil, tástáil tobair, seirbhísí sreanglíne, soláthar agus oibriú sreabhán críochnaithe (sáile) a sholáthar agus suiteáil feistí críochnaithe, stroighniú (brúchaidéalú), seirbhísí spreagtha (braisteadh, aigéadú agus brúchaidéalú), seirbhísí foroibriúcháin agus deisithe tobair, stopadh nó tréigean tobair.
Ní áirítear leis seo rochtain dhíreach ar acmhainní nádúrtha ná saothrú na n-acmhainní sin.
Ní áirítear leis seo obair ullmhúcháin láithreáin le haghaidh mianadóireacht acmhainní seachas ola agus gás (CPC 5115), atá le fáil faoi 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA.

[70] Tá feidhm ag na teorainneacha cothrománacha ar fhóntais phoiblí.

[71] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

[72] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

[73] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| G. Seirbhísí a bhaineann le dáileadh fuinnimh[74]<br>(CPC 887) | AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, IE, HU, IT, LU, LT, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SE, UK: Neamhcheangailte, seachas le haghaidh seirbhísí sainchomhairle, agus sa chás sin: forchoimeádas ar bith.<br>SI: Neamhcheangailte seachas le haghaidh seirbhísí a bhaineann le dáileadh gáis, agus sa chás sin: forchoimeádas ar bith. |
| 19. SEIRBHÍSÍ EILE NACH nÁIRÍTEAR IN AON ÁIT EILE | |
| (a) Seirbhísí níocháin, glantacháin agus ruaimnithe<br>(CPC 9701) | Forchoimeádas ar bith |
| (b) Seirbhísí gruagaireachta<br>(CPC 97021) | IT: Cuirtear tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha i bhfeidhm ar bhonn cóir náisiúnta. Leis an tástáil ar riachtanais eacnamaíocha, nuair a chuirtear i bhfeidhm í, cuirtear teorainn le líon na bhfiontar. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnónna atá ann cheana. |
| (c) Seirbhísí cóireála cosmaidí, lámh-mhaisithe agus cos-mhaisithe<br>(CPC 97022) | IT: Cuirtear tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha i bhfeidhm ar bhonn cóir náisiúnta. Leis an tástáil ar riachtanais eacnamaíocha, nuair a chuirtear i bhfeidhm í, cuirtear teorainn le líon na bhfiontar. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnónna atá ann cheana. |
| (d) Seirbhísí cóireála áilleachta eile g.á.e.<br>(CPC 97029) | IT: Cuirtear tástálacha ar riachtanais eacnamaíocha i bhfeidhm ar bhonn cóir náisiúnta. Leis an tástáil ar riachtanais eacnamaíocha, nuair a chuirtear i bhfeidhm í, cuirtear teorainn le líon na bhfiontar. Príomhchritéir: an daonra agus dlús na ngnónna atá ann cheana. |
| (e) Seirbhísí Spa agus suathaireacht neamhtheiripeach, a mhéid a chuirtear ar fáil iad mar sheirbhísí scíthe folláine coirp seachas chun críoch leighis nó athshlánaithe[75][76]<br>CPC ver. 1.0 97230) | Forchoimeádas ar bith |
| (g) Seirbhísí nasctha teileachumarsáide<br>(CPC 7543) | Forchoimeádas ar bith |

[74] Seachas le haghaidh seirbhísí sainchomhairleoireachta, tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí.

[75] Tá suathaireacht theiripeach agus seirbhísí leighis theirmigh le fáil faoi 6.A.(h) Seirbhísí leighis, 6.A.(j) 2 Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine agus seirbhísí sláinte (13.A agus 13 C).

[76] Tá feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí maidir le seirbhísí Spa agus suathaireacht neamhtheiripeach a chuirtear ar fáil i réimsí fóntais phoiblí amhail foinsí uisce áirithe.

ROINN C

PEIRIÚ

1. Léirítear i liosta na ngealltanas thíos na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a gheall Peiriú de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo agus, trí bhíthin forchoimeádas, na teorainneacha maidir le rochtain ar an margadh agus ar chóir náisiúnta a bhfuil feidhm acu maidir le bunaíochtaí agus infheisteoirí ón bPáirtí eile sna hearnálacha sin. Tá an liosta comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

   (a) an chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina nglacann an Páirtí an gealltanas, agus raon feidhme an léirscaoilte a bhfuil feidhm ag na forchoimeádais maidir leis; agus

   (b) an dara colún ina dtugtar tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme agus ar an oibleagáid lena mbaineann (Rochtain ar an Margadh - MA - nó Cóireáil Náisiúnta - NT). Tá gealltanais MA agus NT neamhspleách; dá bhrí sin, mura bhfuil MA tiomanta i bhfo-earnáil (atá fágtha 'neamhcheangailte'), ní dhéantar an gealltanas NT a neamhbhailíochtú leis sin.

   Níl gealltanas tugtha maidir leis na hearnálacha nó na fo-earnálacha nach n-áirítear sa liosta seo a leanas.

2. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair a shainaithint:

(a) Ciallaíonn 'ISIC rev 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002; agus

(b) Ciallaíonn CPC an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991.

3. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta nuair nach rochtain ar an margadh ná teorannú ar chóir náisiúnta iad de réir bhrí Airteagail 112 agus 113 den Chomhaontú seo. Na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas a fháil, oibleagáidí seirbhíse uilíche a fháil, an gá aitheantas a fháil do cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a ghnóthú i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, ceanglas neamh-idirdhealaitheach nach ndéanfar gníomhaíochtaí áirithe i gcriosanna cosanta comhshaoil nó i limistéir a bhfuil leas stairiúil nó ealaíonta ar leith ag baint leo), fiú mura liostaítear iad, beidh feidhm acu in aon chás maidir le hinfheisteoirí an Pháirtí eile.

4. I gcomhréir le hAirteagal 107, mír 3 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais nó deontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

5. I gcomhréir le hAirteagal 112 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos ceanglais neamh-idirdhealaitheacha a mhéid a bhaineann le cineálacha foirme dlíthiúla bunaíochta.

6. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta gealltanas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL SAN ÁIREAMH SA LIOSTA SEO | MA, NT: Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cearta nó fabhair do mhionlaigh atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch agus do ghrúpa eitneacha. Chun críocha an fhorchoimeádais seo: ciallaíonn 'grúpaí eitneacha' pobail dhúchasacha agus tuatháanaigh[1].<br><br>Forchoimeádann Peiriú an ceart aon bheart a ghlacadh nó a choimeád ar bun a bhaineann le soláthar seirbhísí forfheidhmithe dlí agus seirbhísí ceartúcháin, agus na seirbhísí seo a leanas a mhéid is seirbhísí sóisialacha iad arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí: slándáil ioncaim agus árachas, slándáil shóisialta, leas sóisialta, oideachas poiblí, oiliúint phoiblí, sláinte agus cúram leanaí[2].<br><br>Forchoimeádann Peiriú an ceart aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ar leibhéal rialtais áitiúil, a bheidh i bhfeidhm ar dháta suibscríofa an Chomhaontaithe seo, a chuireann teorainn le Rochtain ar an Margadh (Airteagal 112 den Chomhaontú seo)[3].<br><br>Fóirdheontais<br>NT: Neamhcheangailte<br><br>Talamh nó maoin uisce<br>NT: Ní fhéadfaidh aon náisiúnach eachtrach, fiontar a bunaíodh faoin dlí eachtrach nó fiontar a bunaíodh faoi dhlí Pheiriú, agus atá faoi úinéireacht iomlán nó i bpáirt, go díreach nó go hindíreach, ag náisiúnaigh eachtracha, fáil a bheith acu nó a bheith ina n-úinéir, go díreach nó go hindíreach, faoi aon teideal, ar thalamh nó uisce (lena n-áirítear mianaigh, foraois nó foinsí fuinnimh) atá suite laistigh de 50 ciliméadar de theorainn Pheiriú. Féadfar eisceachtaí a údarú le Foraithne Uachtarach arna formheas ag Comhairle na nAirí i gcomhréir leis an dlí i gcásanna ina ndearbhaítear go sainráite go bhfuil riachtanas poiblí ann. |

[1] Ní bheidh feidhm ag an bhforchoimeádas sin, a mhéid a bhaineann leis an neamhréireacht, maidir leis na fo-earnálacha agus na modhanna a gheall Peiriú ina Sceideal Gealltanas ó 1994 (GATS/SC/69) ná maidir leis na modhnuithe a rinne Peiriú i ndoiciméid GATS/SC/69/Suppl.1 agus GATS/SC/Suppl.2 de GATS.

[2] Idem, fonóta 1.

[3] Idem, fonóta 1.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| | Oibrithe eachtrannacha a fhostú<br>MA, NT: Tabharfaidh gach fostóir i bPeiriú, neamhspleách ar a ngníomhaíocht nó ar a náisiúntacht, cóir fhabhrach do náisiúnaigh nuair a bheidh a fhostaithe á bhfostú acu.<br><br>Féadfaidh daoine nádúrtha eachtracha ar soláthraithe seirbhíse iad agus atá fostaithe i bPeiriú seirbhísí a sholáthar i bPeiriú faoi chonradh fostaíochta scríofa agus teoranta ó thaobh ama de, nach féidir a bheith níos faide ná 3 bliana. Féadfar an conradh a fhadú ina dhiaidh sin ar feadh tréimhsí ama den chineál céanna. Ní mór d'fhiontair a sholáthraíonn seirbhísí cruthúnas a thaispeáint ar thiomantas na cuideachta oiliúint a chur ar phearsanra náisiúnta sa ghairm chéanna.<br><br>Ní fhéadfaidh níos mó ná 20 faoin gcéad de líon iomlán na bhfostaithe i bhfiontar a bheith ina ndaoine nádúrtha eachtracha, ná ní fhéadfaidh a bpá a bheith níos mó ná 30 faoin gcéad den phárolla iomlán do phá agus tuarastail. Ní bheidh feidhm ag na céatadáin sin sna cásanna seo a leanas:<br>– nuair is é céile, tuismitheoir, leanbh nó siblín ag náisiúnach de Pheiriú an náisiúnach eachtrach atá ag soláthar na seirbhíse;<br>– nuair atá an pearsanra ag obair d'fhiontar eachtrach a sholáthraíonn seirbhísí iompair idirnáisiúnta talún, aeir agus uisce faoi bhratach agus clárú eachtrach;<br>– nuair a oibríonn an pearsanra eachtrach i mbanc ilnáisiúnta nó i bhfiontar a chuireann seirbhísí ilnáisiúnta ar fáil, faoi réir na ndlíthe lena rialaítear cásanna sonracha;<br>– i gcás infheisteoir coigríche, ar choinníoll go gcoimeádann a infheistíocht go buan i bPeiriú cúig cinn de Chraobh-Aonaid Cánach ar a laghad 'UITs — Unidad Impositiva Tributaria' le linn shaol a chonartha[4];<br>– i gcás ealaíontóirí, lúthchleasaithe nó soláthraithe seirbhíse eile atá ag gabháil do thaibhithe poiblí i gcríoch Pheiriú, ar feadh 3 mhí ar a mhéad in aghaidh na bliana;<br>– i gcás ina bhfuil víosa inimirceach ag náisiúnach eachtrach;<br>– i gcás náisiúnach eachtrach a bhfuil cómhalartacht saothair ag a thír thionscnaimh nó comhaontú dénáisiúntachta le Peiriú; agus<br>– nuair a sholáthraíonn pearsanra eachtrach seirbhísí i bPeiriú faoi chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach arna thabhairt i gcrích ag Rialtas Pheiriú. |

[4] Is é atá sa Chraobh-Aonad Cánach aonad a úsáidtear mar thagairt i rialacha cánachais chun an bonn cánach, asbhaintí, teorainneacha tionchair agus gnéithe eile den cháin a mheasann an reachtóir a bheith áisiúil a choinneáil i luachanna tairiseacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | Féadfaidh fostóirí tarscaoileadh a iarraidh do na céatadáin a bhaineann le líon na bhfostaithe eachtracha agus a scair de phárolla na cuideachta sna cásanna sin a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br>– sainphearsanra gairmiúil nó teicniúil;<br>– stiúrthóirí nó pearsanra bainistíochta le haghaidh gníomhaíocht ghnó nua nó gníomhaíocht ghnó ath-thiontaithe;<br>– múinteoirí fostaithe le haghaidh oideachas iar-mheánscoile, nó le haghaidh bunscoileanna agus ardscoileanna príobháideacha eachtracha; nó le haghaidh teagasc teanga i scoileanna príobháideacha áitiúla; nó le haghaidh sainionaid teanga;<br>– pearsanra atá ag obair d'fhiontair phoiblí nó phríobháideacha a bhfuil comhaontuithe conarthacha acu le heagraíochtaí poiblí, institiúidí poiblí nó fiontair phoiblí; agus<br>– in aon chás eile arna chinneadh le Foraithne Uachtarach de bhun critéir speisialtóireachta, cháilíochta nó taithí.<br><br>Na hAmharcealaíona, na Físealaíona, an Ceol agus an Fhoilsitheoireacht<br>Forchoimeádann Peiriú an ceart é a leagan síos mar choinníoll, i gcás aon bheart a bheith á ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun tacaíocht rialtais a fháil nó a chóiméad d'fhorbairt agus do tháirgeadh dearadh seodra, na n-amharcealaíon, na bhfísealaíon, an cheoil, agus na foilsitheoireachta, go mbainfeadh an faighteoir leibhéal nó céatadán áirithe d'ábhar cruthaitheach intíre amach.<br><br>Tionscal Closamhairc, Foilsitheoireacht agus Ceol<br>Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar do dhuine nádúrtha nó do dhuine dlítheanach de chuid an Pháirtí eile an chóir a chuireann an Páirtí eile sin ar dhaoine nádúrtha nó dlíthiúla i bPeiriú in earnálacha an chlosamhairc, na foilsitheoireachta agus an cheoil. |
| A. TALMHAÍOCHT, SEALGAIREACHT AGUS FORAOISEACHT<br>Seachas na gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí, amhail seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin | |
| 01. Talmhaíocht, sealgaireacht<br>(ISIC rev 3.1: 011, 012, 013, 014, 015) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 02. Foraoiseacht, lománaíocht<br>(ISIC rev 3.1: (020) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| B. IASCAIREACHT AGUS DOBHARSHAOTHRÚ<br>(ISIC rev. 3.1: 0501, 0502)<br>Seachas na gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí, amhail seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a bhaineann le hiascaireacht ar mhionscála a ghlacadh nó a choinneáil ar bun. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, féadfaidh Peiriú forálacha nó bearta a choinneáil do shoithí a bhfuil bratach eachtrach acu atá difriúil ó na cinn a bunaíodh le haghaidh soithí a bhfuil bratach Pheiriú ar foluain acu, agus ní léirmhíneofar é seo mar shárú ar Chóireáil Náisiúnta. |
| C. MIANADÓIREACHT AGUS CAIRÉALÚ<br>Seachas na gníomhaíochtaí a bhaineann le soláthar seirbhísí, amhail seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin | |
| 10. Mianadóireacht guail agus lignít; eastóscadh móna<br>(ISIC rev 3.1: (10) | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith |
| 11. Eastóscadh peitriliam amh agus gáis nádúrtha[5]<br>(ISIC rev 3.1: (1110) | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith |
| 12. Mianadóireacht mianta úráiniam agus tóiriam<br>(ISIC rev 3.1: (12) | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith |
| 13. Mianadóireacht mianta miotail<br>(ISIC rev 3.1: (13) | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith |

[5] Ní áirítear san Earnáil seo bruithniú mianraí ar bhonn táille nó conartha i réimsí ola nó gáis, a chumhdaítear i Seirbhísí Fuinnimh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| 14. Mianadóireacht agus cairéalú eile<br>(ISIC rev 3.1: (14) | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith |
| D. MONARAÍOCHT[6] | |
| 15. Monarú táirgí bia agus deochanna<br>(ISIC rev 3.1: (15) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 16. Monarú táirgí tobac<br>(ISIC rev 3.1: (16) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 17. Monarú teicstílí<br>(ISIC rev 3.1: (17) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 18. Monarú corpbhirt; treiscíniú agus ruaimniú fionnaidh<br>(ISIC rev 3.1: (18) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 19. Súdaireacht agus treiscíniú leathair; monarú bagáiste, málaí láimhe, diallaiteoireacht, úmacha agus coisbhirt<br>(ISIC rev 3.1: (19) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 20. Monarú adhmaid agus táirgí adhmaid agus coirc, seachas troscán; monarú rudaí tuí agus ábhar fite<br>(ISIC rev 3.1: (20) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 21. Monarú páipéir agus táirgí páipéir<br>(ISIC rev 3.1: (21) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

[6] Ní áirítear san Earnáil seo seirbhísí comhairleacha a bhaineann leis an tionscal monaraíochta, a chumhdaítear i Seirbhísí Gnó.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 22. Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta<br>(ISIC rev 3.1: 22) seachas foilsiú agus priontáil ar bhonn táille nó conartha[7] | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 23. Monarú cóic, táirgí peitriliam scagtha agus breosla núicléach<br>(ISIC rev 3.1: (23) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 24. Monarú ceimiceán agus táirgí ceimiceacha seachas pléascáin<br>(ISIC rev 3.1: 24 gan monarú pléascán a áireamh) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 25. Monarú táirgí rubair agus plaisteach<br>(ISIC rev 3.1: (25) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 26. Monarú táirgí eile mianracha neamh-mhiotalacha<br>(ISIC rev 3.1: (26) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 27. Monarú bunmhiotal<br>(ISIC rev 3.1: (27) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 28. Monarú táirgí miotail déanta, seachas innealra agus trealamh<br>(ISIC rev 3.1: (28) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

7 Clúdaítear priontáil ábhar pacáistithe i Seirbhísí Gnó.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 29. Monarú innealra agus trealaimh g.a.á.e. seachas monarú arm agus muinisean<br>(ISIC rev 3.1: 291, 2921, 2922, 2923, 2924, 2925, 2926, 2929, 293) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 30. Monarú innealra oifige, cuntasaíochta agus ríomhaireachta<br>(ISIC rev 3.1: (30) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 31. monarú innealra agus gairis leictrigh g.a.e.<br>(ISIC rev 3.1: (31) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 32. Monarú trealaimh agus gléasra raidió, teilifíse agus cumarsáide<br>(ISIC rev 3.1: (32) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 33. Monarú ionstraimí míochaine, beachtuirlisí agus ionstraimí optúla, uaireadóirí agus clog<br>(ISIC rev 3.1: (33) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 34. Monarú mótarfheithiclí, leantóirí agus leathleantóirí<br>(ISIC rev 3.1: (34) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 35. Monarú trealaimh iompair eile (neamh-mhíleata)[8]<br>(ISIC rev 3.1: (35) seachas longa cogaidh, eitleáin chogaidh agus trealamh iompair míleata eile a mhonarú) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

[8] Ní áirítear leis an bhfo-earnáil seo cothabháil, deisiú agus modhnú long agus seirbhísí inneall long.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 36. Monarú troscáin; monarú nach n-aicmítear in áit ar bith eile.<br>(ISIC rev 3.1: (36) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 37. Athchúrsáil<br>(ISIC rev 3.1: (37) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| E. SOLÁTHAR LEICTREACHAIS, GÁIS AGUS UISCE[9]<br><br>(cuid de ISIC rev 3.1: 4010, 4020 agus 4030) | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas go bhforchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i ndáil le soláthar poiblí uisce óil. |
| 1. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. SEIRBHÍSÍ GAIRMIÚLA | D'fhonn seirbhísí gairmiúla a sholáthar i bPeiriú, ní mór dioplómaí a fuarthas thar lear a bheith aitheanta ag an údarás inniúil i bPeiriú. Is gá cónaí a bheith ar dhuine i bPeiriú, gan aon idirdhealú náisiúntachta, chun a dhioplómaí a aithint. Thairis sin, i roinnt gairmeacha ceanglaítear ar dhuine a bheith ina chomhalta gníomhach den chomhlacht gairmiúil ábhartha chun an ghairm a chleachtadh. |
| (a) Seirbhísí Dlí<br>(CPC 861) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas go mbraitheann líon na bpost mar nótaire ar líon na n-áitritheoirí i ngach cathair.<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas nach bhféadfaidh ach náisiúnaigh de Pheiriú a rugadh i bPeiriú cleachtadh mar nótaire. |
| (b) Seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta<br>(CPC 862) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith seachas go gcomhdhéanfar cumainn iniúchóireachta go heisiach ag cuntasóirí poiblí atá ceadúnaithe agus ina gcónaí sa tír agus atá cáilithe go cuí ag Bord Cuntasóirí Poiblí Lima ('*Colegio de Contadores Públicos de Lima*'). Ní fhéadfaidh aon chomhpháirtí a bheith ina chomhalta de chumann iniúchóireachta eile i bPeiriú. |
| (c) Seirbhísí cánachais<br>(CPC 863) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

[9] Ní áirítear san Earnáil seo na seirbhísí tarchurtha agus dáileacháin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (d) Seirbhísí ailtireachta<br>(CPC 8671) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil.<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas go bhféadfadh difríocht a bheith i méid na táille clárúcháin le haghaidh na bPeiriúch agus le haghaidh eachtrannach. Ní fhéadfaidh cion na difríochta sin a bheith níos mó ná 12. Ar mhaithe le trédhearcacht níos fearr, is iad seo a leanas na táillí clárúcháin atá ann faoi láthair:<br>(a) US$250 do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil de chuid Pheiriú aige;<br>(b) US$400 do náisiúnach do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil eachtrach aige; nó<br>(c) US$3 000 do náisiúnach eachtrach agus céim ó ollscoil eachtrach aige.<br>Chomh maith leis sin, ní mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil. |
| (e) Seirbhísí innealtóireachta<br>(CPC 8672) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| (f) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(CPC 8673) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| (g) Seirbhísí pleanála uirbí agus ailtireachta tírdhreacha<br><br>(CPC 8674) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil.<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas go bhféadfadh difríocht a bheith i méid na táille clárúcháin le haghaidh na bPeiriúch agus le haghaidh eachtrannach. Ní fhéadfaidh cion na difríochta sin a bheith níos mó ná 12. Ar mhaithe le trédhearcacht níos fearr, is iad seo a leanas na táillí clárúcháin atá ann faoi láthair:<br>(a) US$250 do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil de chuid Pheiriú aige;<br>(b) US$400 do náisiúnach do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil eachtrach aige; nó<br>(c) US$3 000 do náisiúnach eachtrach agus céim ó ollscoil eachtrach aige.<br>Chomh maith leis sin, ní mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil. |
| (i) Seirbhísí Tréidliachta<br>(CPC 932) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| (j) seirbhísí a sholáthraíonn cnáimhseacha, altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine<br>(CPC 93191) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (k) Eile<br>An méid seo a leanas amháin:<br>Seirbhísí comhairliúcháin bainistíochta le haghaidh comhairle, treorach agus cúnaimh oibríochtúil a bhaineann le forbairt turasóireachta<br>(CPC 86509) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| B. AN RÍOMHAIREACHT AGUS SEIRBHÍSÍ ATÁ GAOLMHAR LEIS AN RÍOMHAIREACHT<br>(CPC 84) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| C. SEIRBHÍSÍ TAIGHDE AGUS FORBRAÍOCHTA<br>(CPC 85) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas go bhféadfadh gá a bheith le cead oibríochta nó údaraithe agus go bhféadfadh an t-údarás inniúil a shonrú nach mór ionadaí amháin nó níos mó ar ghníomhaíochtaí ábhartha i bPeiriú a bheith páirteach sa turas taiscéalaíochta, chun páirt a ghlacadh sa staidéar agus chun eolas a chur ar an staidéar agus ar a raon feidhme.<br><br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór do thionscadail taighde seandálaíochta faoi cheannas seandálaithe eachtracha seandálaí Peiriúch a fhostú a bhfuil taithí chreidiúnaithe aige agus atá cláraithe i gClárlann Náisiúnta na Seandálaithe mar chomhstiúrthóir eolaíochta nó mar fho-stiúrthóir ar an tionscadal. Beidh an comhstiúrthóir agus an fo-stiúrthóir rannpháirteach i gcur i gcrích iomlán an tionscadail (obair allamuigh agus oifige). |
| D. SEIRBHÍSÍ RÉADMHAOINE<br>(CPC 821 + 822) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| E. SEIRBHÍSÍ CÍOSA/LÉASAITHE GAN OIBREOIRÍ | |
| (a) A bhaineann le longa<br>(CPC 83103) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo a leanas:<br>Tuigtear gurb ionann 'Longúinéir Náisiúnta' nó 'Fiontar Náisiúnta Long' agus duine nádúrtha de náisiúntacht Pheiriú nó duine dlítheanach atá comhdhéanta i bPeiriú, a bhfuil a phríomh-shainchónaí agus a cheanncheathrú réadach agus éifeachtach i bPeiriú aige, a bhfuil sé mar ghnó aige seirbhísí iompair uisce a sholáthar i dtrácht náisiúnta nó i gcabatáiste[10] agus/nó i dtrácht idirnáisiúnta agus arb é an t-úinéir nó an léasaí é faoi léas airgeadais nó faoi chairt lom airgeadais, agus rogha ceannaigh éigeantaigh aige, i leith soitheach trádála amháin ar a laghad faoi bhratach Pheiriú agus a bhfuil an Cead Oibríochta ábhartha faighte aige ón Ard-Stiúrthóireacht um Iompar Uisceach ('*Dirección General de Transporte Acuático*'). |

[10] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le hiompar ar uisce iompar ar lochanna agus aibhneacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (b) A bhaineann le haerárthaí<br>(CPC 83104) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| (c) A bhaineann le Trealamh Iompair Eile<br>(CPC 83101, 83102, 83105)<br><br>(d) A bhaineann le hInnealra agus Trealamh Eile<br>(CPC 83106-83109)<br><br>(e) Eile<br>(CPC 832) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| F. SEIRBHÍSÍ GNÓ EILE | |
| (a) Seirbhísí fógraíochta<br>(CPC 871) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór 80 faoin gcéad ar a laghad d'ealaíontóirí náisiúnta a bheith i bhfógraíocht tráchtála a tháirgtear i bPeiriú. Gheobhaidh ealaíontóirí náisiúnta 60 faoin gcéad ar a laghad den phárolla iomlán le haghaidh pá agus tuarastal a íoctar le healaíontóirí. Rialóidh na céatadáin chéanna a leagtar síos sna míreanna roimhe seo obair an phearsanra theicniúil a bhaineann le fógraíocht tráchtála. |
| (b) Seirbhísí taighde margaidh agus seirbhísí pobalbhreitheanna<br>(CPC 864)<br><br>(c) Seirbhísí Sainchomhairleoireachta Bainistíochta<br>(CPC 865)<br><br>(d) Seirbhísí a bhaineann le sainchomhairleoireacht bainistíochta<br>(CPC 866)<br><br>(e) Seirbhísí tástála agus anailíse teicniúla<br>(CPC 8676) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (f) Seirbhísí a bhaineann le talmhaíocht, sealgaireacht agus foraoiseacht<br>(CPC 881) | |
| (g) Seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht<br>(CPC 882) | MA: Neamhcheangailte, ach forchoimeádas ar bith le haghaidh seirbhísí comhairleacha agus comhairliúcháin a bhaineann le hiascaireacht.<br><br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo a leanas:<br>Sula gcuirfear tús le hoibríochtaí, ní mór do longúinéirí soithí iascaireachta a bhfuil bratach choigríche ar foluain orthu litir ráthaíochta neamhchoinníollach, neamh-inchúlghairthe lena ngabhann forghníomhú uathoibríoch agus comhdhliteanas a thíolacadh, a bheidh bailí ar feadh tréimhse nach faide ná 30 lá féilire tar éis don chead iascaireachta dul in éag, arna heisiúint chun tairbhe agus chun sástacht na hAireachta Táirgeachta (‘*Ministerio de la Producción’*) ag institiúid airgeadais, baincéireachta nó árachais atá aitheanta ag an Maoirseoir ar Riarthóirí Baincéireachta, Árachais agus Cistí Pinsin Phríobháideacha (‘SBS - *Superintendencia de Banca, Seguros y AFP*’). Eiseofar an litir sin i méid is ionann agus 25 faoin gcéad den mhéid nach mór a íoc ar chearta iascaireachta.<br>Ní mór do longúinéir soithigh iascaireachta a bhfuil bratach eachtrach ar foluain air, nach bhfuil ar mhórscála agus a oibríonn in uiscí dlínse Pheiriú a bheith ag brath ar an gCóras um Rianú Satailíte ina árthach, ach amháin i gcás longúinéirí atá ag oibriú in iascaigh mhórimirceacha agus a bhfuil díolúine ón oibleagáid sin acu faoi Rún Aireachta.<br>Ní mór do shoithí iascaireachta a bhfuil bratach eachtrach ar foluain acu agus a bhfuil cead iascaireachta acu breathnóir teicniúil eolaíoch a bheith ar bord acu arna cheapadh ag Institiúid Mhara Pheiriú (IMARPE - *Instituto del Mar del Perú*’). Ní mór d’úinéir na loinge cóiríocht a chur ar fáil ar bord don ionadaí sin agus stipinn laethúil, nach mór a thaisceadh i gcuntas speisialta atá le riar ag IMARPE.<br>Ní mór d’úinéirí long soithí iascaireachta a bhfuil bratach eachtrach acu agus a oibríonn in uiscí dlínse Pheiriú 30 faoin gcéad ar a laghad de chriú Peiriúch a fhruiliú, faoi réir na reachtaíochta náisiúnta is infheidhme.<br>Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a bhaineann le hiascaireacht ar mhionscála a ghlacadh nó a choinneáil ar bun. |
| (h) Seirbhísí a bhaineann leis an mianadóireacht<br>(CPC 883+5115) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| (i) Seirbhísí a bhaineann le monarú<br>(CPC 884+885)<br><br>Ach amháin iad siúd san áireamh in CPC 88442 agus na seirbhísí dearadh seodra | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| (k) Seirbhísí maidir le socrúchán agus sholáthar pearsanra<br>(CPC 872) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| (l) Imscrúdú agus slándáil<br>(CPC 873) | MA: Forchoimeádas ar bith<br><br>NT: Forchoimeádas ar bith seachas go gcaithfidh daoine a fhostaítear mar fhaireoirí slándála a bheith ina náisiúnaigh de Pheiriú a rugadh i bPeiriú. Ní mór don bhainisteoir sinsearach fiontair a sholáthraíonn seirbhísí slándála a bheith ina náisiúnach de Pheiriú a rugadh i bPeiriú agus ní mór dó a bheith ina chónaí i bPeiriú. |
| (m) Seirbhísí gaolmhara comhairliúcháin eolaíochta agus teicniúla<br>(CPC 8675) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| (n) Trealamh a chothabháil agus a dheisiú (gan soithí muirí, aerárthaí nó trealamh iompair eile a chur san áireamh atá éagsúil leis na cinn a áirítear in CPC 6122)<br><br><br>An méid seo a leanas amháin:<br>(CPC 6122+633+7545+8861+8862+8864+ 8865+8866)<br><br>(o) Seirbhísí Glantacháin Foirgneamh<br>(CPC 874)<br><br>(p) Seirbhísí grianghrafadóireachta<br>(CPC 875)<br><br>(q) Seirbhísí pacáistithe<br>(CPC 876) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (r) Priontáil ábhair phacáistithe<br>(CPC 88442**)<br><br>(s) Seirbhísí coinbhinsiúin<br>(CPC 87909**) | |
| − Cothabháil agus deisiú soithí muirí (CPC 8868**)<br><br>− Cothabháil agus deisiú aerárthaí<br>(CPC 8868**)<br>− Cothabháil agus deisiú trealamh iompair iarnróid<br>(CPC 8868**)<br>− Cothabháil agus deisiú feithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompar bóthair<br>(CPC 6112, CPC 6122 agus CPC 8867**) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| t) Eile (CPC 8790), seachas:<br><br>− Seirbhísí rátála creidmheasa (CPC 87901)<br>− Seirbhísí deartha speisialtachta (CPC 87907**) agus seirbhísí deartha lámhcheardaíochta a shainaithnítear mar lámhcheardaíochtaí Peiriúcha<br>− Seirbhísí gnó eile nach n-aicmítear áit ar bith eile<br>(CPC 87909) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| Seirbhísí Breise eile, nach ionann iad agus na seirbhísí a bunaíodh in 1.F.t d'aicmiú W/120, arb iad amháin atá iontu:<br><br>Seirbhísí comhairleacha maidir le teileachumarsáid<br>(CPC 7544) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 2. SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE | Nóta Cothrománach:<br>Éilítear lamháltas nó údarú eile chun seirbhísí poist, cúiréireachta nó teileachumarsáide a sholáthar i bPeiriú.<br><br>Nóta Cothrománach - Post agus Cúiréireacht:<br>I gcás neamhréireacht idir gealltanais Earnáil an Phoist agus na Cúiréireachta agus gealltanais agus/nó reachtaíocht infheidhme Earnálacha an Aeriompair agus an iompair de Thalamh, beidh forlámhas ag gealltanais agus/nó ag reachtaíocht infheidhme na n-earnálacha sin.<br><br>Nóta Cothrománach - Teileachumarsáid:<br>I gcás seirbhísí breisluacha agus/nó seirbhísí faisnéise a shainítear i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta, forchoimeádann an Aireacht Iompair agus Cumarsáide an ceart chun na cásanna a chinneadh ina bhféadfadh sé go n-éileofaí lamháltas nó údarú chun na seirbhísí sin a sholáthar. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| SEIRBHÍSÍ POIST AGUS CÚIRÉIREACHTA | |
| Seirbhísí a bhaineann le hearraí poist[11]a láimhseáil[12] de réir an liosta fo-earnálacha seo a leanas, cibé acu le haghaidh cinn scríbe intíre nó eachtracha: (i) teachtaireachtaí scríofa a bhfuil seoladh orthu a láimhseáil ar aon chineál meáin fhisiciúil[13], lena n-áirítear seirbhís poist hibrideach agus post díreach, (ii) beartáin agus pacáistí a bhfuil seoladh orthu a láimhseáil[14], (iii) táirgí preasa a bhfuil seoladh orthu a láimhseáil[15], (iv) earraí dá dtagraítear in (i) go (iii) a láimhseáil mar phost cláraithe nó árachaithe, (v) seirbhísí mearsheachadta[16] le haghaidh earraí dá dtagraítear in (i) go (iii) thuas, vi) láimhseáil earraí nach bhfuil seoladh orthu, (vii) malartú doiciméad[17] | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas mar a léirítear sa nóta cothrománach a ghabhann leis an Earnáil seo. |

11 Ba cheart glacadh leis go n-áirítear imréiteach, sórtáil, iompar agus seachadadh leis an téarma 'láimhseáil.'

12 Tagraíonn 'earra poist' d'earraí a láimhseálann oibreoir tráchtála de chineál ar bith, bíodh sé poiblí nó príobháideach.

13 E.g. litir, cártaí poist.

14 Tá leabhair, catalóga san áireamh anseo thíos.

15 Irisleabhair, nuachtáin, tréimhseacháin.

16 Féadfaidh eilimintí breisluacha a bheith san áireamh sna seirbhísí mearsheachadta, chomh maith le luas agus iontaofacht níos fearr, eilimintí amhail bailiú ón bpointe tionscnaimh, seachadadh pearsanta chuig an seolaí, rianú agus lorgaireacht, an fhéidearthacht an ceann scríbe agus an seolaí a athrú faoi bhealach, dearbhú fála.

17 Modhanna a sholáthar, lena n-áirítear áitreabh ad hoc a sholáthar chomh maith le hiompar ag tríú páirtí, lena gceadaítear féinseachadadh trí mhalartú frithpháirteach earraí poist idir úsáideoirí a shuibscríobhann leis an tseirbhís sin. Tagraíonn earra poist d'earraí a láimhseálann oibreoir tráchtála de chineál ar bith, bíodh sé poiblí nó príobháideach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Eisiatar fo-earnálacha (i), (iv) agus (v), áfach, nuair a thagann siad faoi raon feidhme na seirbhísí a d'fhéadfaí a fhorchoimeád, is é sin: le haghaidh earraí comhfhreagrais ar lú a bpraghas ná 2.5 oiread na buntaraife poiblí, ar choinníoll go bhfuil meáchan níos lú ná 50 gram[18] iontu, móide an tseirbhís phoist chláraithe a úsáidtear le linn nósanna imeachta breithiúnacha nó riaracháin.<br>(CPC 751**, 71235**[19] agus 73210**[20]) | |

[18] Ciallaíonn 'earraí comhfhreagrais': teachtaireacht i bhfoirm scríofa ar aon chineál meáin fhisiciúil atá le hiompar agus le seachadadh chuig an seoladh a léiríonn an seoltóir ar an earra féin nó ar an gclúdach atá air. Ní fhéachtar ar leabhair, catalóga, nuachtáin ná tréimhseacháin mar earraí comhfhreagrais.

[19] Iompar poist ar féinchuntas trí mhodh talún ar bith.

[20] Iompar poist ar féinchuntas d'aer.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. SEIRBHÍSÍ TEILEACHUMARSÁIDE | |
| Gach seirbhís arb éard atá inti comharthaí a tharchur agus a ghlacadh ar aon mhodha leictreamaighnéadach[21], seachas craoltóireacht[22]<br><br>Ní chumhdaíonn na seirbhísí sin an ghníomhaíocht eacnamaíoch arb é atá inti ábhar a sholáthar a éilíonn seirbhísí teileachumarsáide le haghaidh a iompair | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo leanas:<br>(a) mar a léirítear sa Nóta cothrománach a ghabhann leis an Earnáil seo. Is féidir leis na daoine dlíthiúla arna gcomhdhéanamh faoi dhlí Pheiriú a bheith incháilithe le haghaidh lamháltais;<br>(b) toirmisctear an glao ar ais, a thuigtear mar thairiscint seirbhísí teileafóin chun iarrachtaí a dhéanamh glaonna a dhéanamh a tionscnaíodh sa tír agus é mar chuspóir acu glao ar ais a fháil agus cuireadh chun diailithe, a thagann ó bhunlíonra teileachumarsáide atá lonnaithe lasmuigh den chríoch náisiúnta. Níl feidhm ag an srian sin maidir le seirbhísí breisluacha agus/nó faisnéise;<br>(c) ní mór do sholáthar na seirbhíse le haghaidh cianchumarsáide náisiúnta agus idirnáisiúnta úsáid a bhaint as na seirbhísí iompróra arna bhforbairt ag fiontair a bhfuil lamháltas nó údarú acu arna ndeonú ag an Aireacht Iompair agus Cumarsáide; agus<br>(d) tá toirmeasc ar idirnasc idir seirbhísí príobháideacha.<br><br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo leanas:<br>(a) mar a léirítear sa Nóta cothrománach a ghabhann leis an Earnáil seo; agus<br>(b) toirmisctear an glao ar ais, a thuigtear mar thairiscint seirbhísí teileafóin chun iarrachtaí a dhéanamh glaonna a dhéanamh a tionscnaíodh sa tír agus é mar chuspóir acu glao ar ais a fháil agus cuireadh chun diailithe, a thagann ó bhunlíonra teileachumarsáide atá lonnaithe lasmuigh den chríoch náisiúnta. Níl feidhm ag an srian sin maidir le seirbhísí breisluacha agus/nó faisnéise. |

21 Ní áirítear sna seirbhísí sin faisnéis ar líne agus/nó próiseáil sonraí (lena n-áirítear próiseáil idirbheart) (cuid de CPC 843) atá le fáil faoi 1.B. (Seirbhísí Ríomhaireachta).

22 Sainmhínítear craoltóireacht mar an slabhra tarchurtha gan bhriseadh a theastaíonn chun comharthaí cláir teilifíse agus raidió a scaipeadh ar an bpobal i gcoitinne, ach ní chumhdaítear léi naisc inneachair idir oibreoirí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 3. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ INNEALTÓIREACHTA GAOLMHARA | |
| A. OBAIR FOIRGNÍOCHTA GINEARÁLTA LE hAGHAIDH FOIRGNEAMH<br>(CPC 512)<br><br>B. OBAIR FOIRGNÍOCHTA GINEARÁLTA LE hAGHAIDH INNEALTÓIREACHT SHIBHIALTA<br>(CPC 513)<br><br>C. SUITEÁIL AGUS OBAIR THIONÓIL<br>(CPC 514+516)<br><br>D. OBAIR CRÍOCHNAITHE AGUS BAILCHRÍOCHNAITHE FOIRGNEAMH<br>(CPC 517)<br><br>E. EILE<br>(CPC 511+515+518) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 4. SEIRBHÍSÍ DÁILEACHÁIN | |
| A. Seirbhísí Gníomhairí Coimisiúin<br>(CPC 621) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas 'neamhcheangailte' le haghaidh hidreacarbón<br>NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| B. SEIRBHÍSÍ TRÁDÁLA MÓRDHÍOLA (CPC 622), seachas táirgí a shainaithnítear mar lámhcheardaíocht Pheiriúch | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas 'neamhcheangailte' le haghaidh hidreacarbón<br>NT: Forchoimeádas ar bith |
| C. SEIRBHÍSÍ MIONDÍOLA | |
| – Seirbhísí miondíola bia (CPC 631), seachas alcól agus tobac<br>– Seirbhísí miondíola táirgí neamh-inite (CPC 632) seachas táirgí a shainaithnítear mar lámhcheardaíocht Pheiriúch | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| – Seirbhísí díolacháin mótarfheithiclí (CPC 6111)<br>Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear sa ghealltanas sin gníomhairí an choimisiúin agus seirbhísí trádála mórdhíola i mótarfheithiclí<br>– Seirbhísí díolacháin maidir le páirteanna agus gabhálais mótarfheithiclí (CPC 6113)<br>Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear sa ghealltanas sin gníomhairí an choimisiúin agus seirbhísí trádála mórdhíola i bpáirteanna agus gabhálas mótarfheithiclí | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| − Seirbhísí díolacháin maidir le gluaisrothair, mótair shneachta agus páirteanna agus gabhálais ghaolmhara díobh<br>(CPC 6121)<br>Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear sa ghealltanas sin gníomhairí an choimisiúin agus seirbhísí trádála mórdhíola i ngluaisrothair agus mótair shneachta agus sna páirteanna agus gabhálais ghaolmhara<br><br>− Trádáil mhórdhíola agus seirbhísí miondíola maidir le trealamh teileachumarsáide<br>(CPC 7542) | |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| D. SAINCHEADÚ<br>(CPC 8929)<br><br>Saincheadúnais amháin agus gan aon chearta eile le haghaidh úsáidí eisiacha eile | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 5. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS | Níl feidhm ag na gealltanais faoin roinn seo maidir leis na seirbhísí oideachais poiblí ná leis an oiliúint phoiblí. |
| A. SEIRBHÍSÍ BUNOIDEACHAIS<br>(CPC 921)<br><br>B. SEIRBHÍSÍ MEÁNOIDEACHAIS<br>(CPC 922)<br><br>C. SEIRBHÍSÍ ARDOIDEACHAIS<br>(CPC 923)<br><br>D. OIDEACHAIS AOSACH<br>(CPC 924)<br><br>E. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS EILE<br>(CPC 929)<br>An méid seo a leanas amháin:<br>– Ionaid le haghaidh staidéar cócaireachta<br>– Ionaid teanga | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 6. SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL | |
| A. SEIRBHÍSÍ SÉARACHAIS<br>(CPC 9401)<br><br>B. SEIRBHÍSÍ DIÚSCARTHA BRUSCAIR<br>(CPC 9402)<br><br>C. SLÁINTÍOCHT AGUS SEIRBHÍSÍ COMHCHOSÚLA<br>(CPC 9403)<br><br>D. SEIRBHÍSÍ GLANTACHÁIN GÁS SCEITE<br>(CPC 9404)<br><br>E. SEIRBHÍSÍ LAGHDAITHE TORAINN<br>(CPC 9405)<br><br>F. SEIRBHÍSÍ COSANTA DÚLRA AGUS TÍRDHREACHA<br>An méid seo a leanas amháin:<br>Feabhsú agus glanadh suas ithreach agus uiscí (CPC 94060**)<br><br>Cé is moite de[23]:<br>Seirbhísí bithshirtheoireacht nó sirtheoireachta bitheolaíche | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas 'neamhcheangailte' le haghaidh seirbhísí séarachais poiblí. |

[23] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, baineann an eisceacht seo leis na seirbhísí a luaitear in A go F.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 7. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | Chun tiomantas Pheiriú i leith Airteagal 112 den Chomhaontú seo (Rochtain ar an Margadh) a shoiléiriú, tá soláthraithe seirbhíse airgeadais a bhunaítear faoi dhlíthe Pheiriú faoi réir teorainneacha neamh-idirdhealaitheacha maidir le foirm dhlíthiúil[24].<br>Féadfaidh institiúidí eachtracha baincéireachta agus athárachais gníomhaíochtaí cur chun cinn a dhéanamh i bPeiriú trí ionadaí sa tír, gan iallach a bheith orthu cuideachta phoiblí theoranta a bhunú ar choinníoll go bhfuil siad údaraithe amhlaidh ag Maoirseoireacht Cuideachtaí Bainistíochta Cistí Baincéireachta, Árachais agus Pinsin (SBS). Ní fhéadfaidh ionadaithe dul i mbun oibríochtaí gnó iarbhír na bhfiontar a ndéanann siad ionadaíocht orthu[25].<br><br>Ní fhéadfaidh institiúidí eachtracha éilimh a dhéanamh trí bhealaí taidhleoireachta maidir le gnó nó oibríochtaí a dhéanann siad i bPeiriú ar bhonn cearta arna ndíorthú óna náisiúntacht.<br><br>Ní féidir le duine dlítheanach sa chóras airgeadais a bheith ina scairshealbhóir de dhuine dlítheanach eile den chineál céanna. Ní fholaíonn an téarma 'duine dlítheanach den chineál céanna' cineálacha eile daoine dlítheanacha a bhaineann leis an gcóras airgeadais atá éagsúil i gcineál leis an duine dlítheanach lena mbaineann. Ní bheidh feidhm ag an méid sin má cheannaítear scaireanna d'fhonn an duine dlítheanach a d'eisigh na scaireanna i gceist a thógáil ar láimh agus cumasc leis.<br><br>Daoine ar scairshealbhóirí tromlaigh díreacha nó neamhdhíreacha iad de dhuine dlítheanach a bhaineann leis an gcóras airgeadais, ní fhéadfaidh siad, go díreach nó go hindíreach, níos mó ná 5 faoin gcéad de na scaireanna i nduine dlítheanach eile den chineál céanna a shealbhú.<br><br>Tá tosaíocht dhlíthiúil ag creidiúnaithe a bhfuil sainchónaí orthu i bPeiriú maidir leis na sócmhainní atá lonnaithe i bPeiriú de bhrainse de sholáthraí seirbhísí airgeadais eachtrach, i gcás leachtú an fhiontair nó a bhrainse i bPeiriú.<br><br>Forchoimeádann Peiriú an ceart chun bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun in aghaidh oibleagáidí Airteagal 112 fomhíreanna (2)(a) agus (b) maidir leis an soláthar seirbhísí a thuairiscítear i bhfomhír (b) den sainmhíniú ar 'seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais' dá dtagraítear in Airteagal 152 den Chomhaontú seo. |

[24] Mar shampla, is iondúil nach foirmeacha dlíthiúla inghlactha iad comhpháirtíochtaí ná dílseánachta aonair do sholáthróirí seirbhísí airgeadais i bPeiriú. Níl sé i gceist leis an nóta seo ann féin difear a dhéanamh do rogha infheisteora de chuid an Pháirtí eile brainsí nó fochuideachtaí a bhunú.

[25] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhéadfaidh ionadaithe 1) cistí a ghabháil ná a chur go díreach i bPeiriú; ná 2) urrúis eachtracha a thairiscint ná a chur go díreach i bPeiriú.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| A. GACH SEIRBHÍS ÁRACHAIS AGUS GACH SEIRBHÍS ATÁ GAOLMHAR LEIS AN ÁRACHAS | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo a leanas:<br>Ní mór do sholáthraithe seirbhíse airgeadais an Pháirtí eile, a sholáthraíonn seirbhísí árachais agus atá bunaithe i bPeiriú trí bhrainse, caipiteal áirithe a shannadh dá bhrainse, nach mór a bheith lonnaithe i bPeiriú. Tá oibríochtaí an bhrainse teoranta ag a chaipiteal lonnaithe i bPeiriú.<br><br>Féadfaidh Peiriú a cheangal go gcaithfidh riarthóirí soláthraí seirbhísí airgeadais a bheith ina gcónaitheoirí i bPeiriú, agus go mbeidh mionlach den bhord stiúrthóirí comhdhéanta de náisiúnaigh de Pheiriú, atá ina gcónaí go pearsanta i gcríoch Pheiriú, nó teaglaim díobh. |
| B. SEIRBHÍSÍ BAINCÉIREACHTA AGUS SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS EILE<br>(GAN ÁRACHAS A ÁIREAMH) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo a leanas:<br>Ní mór do sholáthraithe seirbhíse airgeadais an Pháirtí eile, a sholáthraíonn seirbhísí baincéireachta agus atá bunaithe i bPeiriú trí bhrainse, caipiteal áirithe a shannadh dá bhrainse, nach mór a bheith lonnaithe i bPeiriú. Tá oibríochtaí an bhrainse teoranta ag a chaipiteal lonnaithe i bPeiriú.<br>Ní cheadaítear brainsí de bhainisteoirí cistí pinsin a bhunú.<br><br>Soláthraithe seirbhísí airgeadais atá bunaithe i bPeiriú chun seirbhísí airgeadais a sholáthar i margaí na n-urrús nó na dtráchtearraí nó seirbhísí airgeadais a bhaineann le bainistíocht sócmhainní, lena n-áirítear bainisteoirí cistí pinsin, ní mór iad a bhunú faoi dhlíthe Pheiriú. Dá bhrí sin, ní fhéadfar soláthraithe seirbhíse airgeadais de chuid an Pháirtí eile atá bunaithe i bPeiriú chun na seirbhísí airgeadais sin a sholáthar a bhunú mar bhrainsí ná mar ghníomhaireachtaí.<br><br>Féadfaidh Peiriú a cheangal go gcaithfidh riarthóirí soláthraí seirbhísí airgeadais a bheith ina gcónaitheoirí i bPeiriú, agus go mbeidh mionlach den bhord stiúrthóirí comhdhéanta de náisiúnaigh de Pheiriú, atá ina gcónaí go pearsanta i gcríoch Pheiriú, nó teaglaim díobh.<br><br>Féadfaidh Peiriú buntáistí nó cearta eisiacha a dheonú, gan teorainn, do cheann amháin nó níos mó de na heintitis airgeadais seo a leanas, fad is atá siad faoi úinéireacht an Stáit i bpáirt nó go hiomlán: Corporación Financiera de Desarrollo (COFIDE), Banco de la Nación, Banco Agropecuario, Fondo Mivivienda, Cajas Municipales de Ahorro y Crédito, agus an Caja Municipal de Crédito Popular. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | Seo a leanas samplaí de bhuntáistí den sórt sin[26]:<br>(a) Ní cheanglaítear ar Banco de la Nación ná Banco Agropecuario a riosca a éagsúlú; agus<br>(b) Féadfaidh na Cajas Municipales de Ahorro y Crédito comhthaobhacht a athshealbhaíonn siad a dhíol go díreach i gcásanna mainneachtana iasachta, de réir nósanna imeachta réamhbhunaithe.<br><br>Ní mór do sholáthraithe seirbhíse airgeadais a bhunaítear faoi dhlíthe Pheiriú agus urrúis fiachais a thairgtear i dtairiscint phríomha nó thánaisteach phoiblí i gcríoch Pheiriú a bheith rátáilte ag cuideachtaí rátála creidmheasa arna mbunú faoi dhlíthe Pheiriú. Féadfaidh gníomhaireachtaí rátála creidmheasa eile iad a rátáil freisin, ach sa bhreis ar an rátáil éigeantach amháin. |
| 9. SEIRBHÍSÍ ATÁ GAOLMHAR LE TAISTEAL AGUS TURASÓIREACHT | |
| A. ÓSTÁIN AGUS BIALANNA,<br>lena n-áirítear lónadóireacht<br>(CPC 641-643) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| B. SEIRBHÍSÍ GNÍOMHAIREACHTA TAISTIL AGUS TIONSCNÓRA TURAS<br>(CPC 7471) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| C. SEIRBHÍSÍ TREORAITHE TURASÓIREACHTA<br>(CPC 7472) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| 10. SEIRBHÍSÍ ÁINEASA, CULTÚIR AGUS SPÓIRT | |

[26] Ar mhaithe le cinnteacht níos mó, níl na buntáistí nó an ceart eisiach a fhéadfaidh Peiriú a dheonú do na heintitis shonraithe teoranta do na samplaí a luaitear.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| A. SEIRBHÍSÍ SIAMSAÍOCHTA<br>(CPC 9619) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór 80 faoin gcéad ar a laghad d'ealaíontóirí náisiúnta a bheith ar (a) aon léiriú closamhairc ealaíne baile agus (b) in aon taibhiú beo ealaíne baile. Gheobhaidh ealaíontóirí náisiúnta 60 faoin gcéad ar a laghad den phárolla iomlán le haghaidh pá agus tuarastal a íoctar le healaíontóirí. Rialóidh na céatadáin chéanna a leagtar síos sna míreanna roimhe seo obair an phearsanra theicniúil a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí ealaíne.<br>Is féidir le sorcas eachtrach fanacht i Peiriú leis an gcliar bunaidh ar feadh 90 lá ar a mhéad. Féadfar an tréimhse sin a fhadú ar feadh na tréimhse céanna. Má dhéantar í a leathnú, áireofar ar an sorcas eachtrach ar a laghad 30 faoin gcéad de náisiúnaigh de Pheiriú mar ealaíontóirí agus 15 faoin gcéad náisiúnaigh de Pheiriú mar theicneoirí. Beidh feidhm ag na céatadáin chéanna maidir le párolla tuarastal agus pá.<br>Is féidir le healaíontóirí eachtracha an 20 faoin gcéad eile a thaibhiú ar choinníoll go ndeimhneoidh siad go bhfuil conradh acu a rinneadh sular tháinig siad isteach sa tír, go bhfuil víosa ealaíontóra acu agus go bhfuil an pas idircheardchumainn comhfhreagrach acu.<br>Ní chuirfear na céatadáin a bhaineann le taibhiú beo ealaíne baile (dá dtagraítear in (b)) i bhfeidhm i gcás taibhithe arna ndéanamh ag cléir choigríche arna bhfruiliú amhlaidh lasmuigh de Pheiriú ar choinníoll gurb ionann a dtaibhiú agus an saothar nó an tsiamsaíocht ar fad agus go bhfuil siad cáilithe go cuí mar thaibhiú cultúrtha.<br>Ní mór do tharbhchomhraiceoir amháin ar a laghad de náisiúntacht Pheiriú páirt a ghlacadh in aon imeacht tarbhchomhraic. Ní mór do tharbhchomhraiceoir printíseach amháin ar a laghad de náisiúntacht Pheiriú páirt a ghlacadh i dtroideanna a bhfuil baint acu le tairbh óga. |
| B. SEIRBHÍSÍ ÁISÍNEACHTA NUACHTA<br>(CPC 962) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| C. SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE, CARTLAINNE, MÚSAEIM AGUS SEIRBHÍSÍ CULTÚIR EILE<br>(CPC 963) seachas CPC 96332 | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. SEIRBHÍSÍ SPÓIRT AGUS ÁINEASA EILE | |
| − Seirbhísí spóirt<br>(CPC 9641)<br>− Seirbhísí áineasa eile<br>(CPC 9649)<br>An méid seo a leanas amháin:<br>Seirbhísí páirceanna áineasa<br>(cuid de CPC 96491) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| − Seirbhísí áineasa eile<br>(CPC 9649)<br>An méid seo a leanas amháin:<br>Seirbhísí cearrbhachais agus gealltóireachta<br>(CPC 96492) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo a leanas:<br>Ní fhéadfaidh ach bunaíochtaí lóistín cúig réalta agus ceithre réalta casaíní cearrbhachais a bhunú ar a n-áitreabh.<br>Ní fhéadfar casaíní cearrbhachais a bhunú ach amháin i mbialanna turasóireachta cúig fhorc agus i bhfoirgnimh a dhearbhaítear mar shéadchomharthaí stairiúla, faoi réir údarú ón Institiúid Náisiúnta Cultúir.<br><br>NT: Forchoimeádas ar bith |
| 11. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR | |
| A. SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR<br><br>Iompar idirnáisiúnta (lasta agus paisinéirí)<br>(CPC 7211 agus 7212)<br>Seachas cabatáiste (mar a shainmhínítear i mír 1 de Nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo) | MA:<br>(a) Cuideachta chláraithe a bhunú chun flít a oibriú mar longúinéir náisiúnta nó mar Fhiontar Náisiúnta Long i bPeiriú: Neamhcheangailte<br>(b) Cineálacha eile láithreachta tráchtála chun seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta a sholáthar (mar a shainmhínítear i mír 2 de Nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo): forchoimeádas ar bith<br><br>NT:<br>(a) Cuideachta chláraithe a bhunú chun flít a oibriú mar longúinéir náisiúnta nó mar Fhiontar Náisiúnta Long i bPeiriú: Neamhcheangailte<br>(b) Cineálacha eile láithreachta tráchtála chun seirbhísí muiriompair idirnáisiúnta a sholáthar (mar a shainmhínítear i mír 2 de Nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo): forchoimeádas ar bith |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| | Cuirtear na seirbhísí seo a leanas ag an gcalafort ar fáil do sholáthróirí iompair mhuirí idirnáisiúnta ar théarmaí agus ar choinníollacha réasúnta agus neamh-idirdhealaitheacha.<br>(1) Píolótaíocht<br>(2) Cúnamh tuála agus tarraingthe<br>(3) Soláthar, breoslú agus uisciú<br>(4) Bailiú dramhaíola agus diúscairt dramhaíola<br>(5) Seirbhísí captaein calafoirt<br>(6) Áiseanna loingseoireachta<br>(7) Seirbhísí oibríochtúla ar tír atá riachtanach d'oibríochtaí long lena n-áirítear cumarsáid, uisce agus soláthairtí leictreacha<br>(8) Saoráidí éigeandála deisiúcháin<br>(9) Seirbhísí ancaireachta, calaithe agus feistithe |
| B. IOMPAR AR UISCEBHEALAÍ INMHEÁNACHA<br>(iompar idirnáisiúnta amháin)<br><br>− Iompar paisinéirí (CPC 7221)<br>− Iompar lasta (CPC 7222)<br>Seachas cabatáiste (mar a shainmhínítear i mír 1 de Nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo) | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas an méid seo a leanas:<br>Tuigtear gurb ionann 'Longúinéir Náisiúnta' nó 'Fiontar Náisiúnta Long' agus duine nádúrtha de náisiúntacht Pheiriú nó duine dlítheanach atá comhdhéanta i bPeiriú, a bhfuil a phríomh-shainchónaí agus a cheanncheathrú réadach agus éifeachtach i bPeiriú aige, a bhfuil sé mar ghnó aige seirbhísí iompair uisce a sholáthar i dtrácht [27]náisiúnta nó i gcabatáiste agus/nó i dtrácht idirnáisiúnta agus arb é an t-úinéir nó an léasaí é faoi léas airgeadais nó faoi chairt lom airgeadais, agus rogha ceannaigh éigeantaigh aige, i leith soitheach trádála amháin ar a laghad faoi bhratach Pheiriú agus a bhfuil an Cead Oibríochta ábhartha faighte aige ón Ard-Stiúrthóireacht um Iompar Uisceach.<br>Ní mór 51 faoin gcéad ar a laghad den stoc caipitil suibscríofa agus íoctha a bheith faoi úinéireacht saoránach de Pheiriú.<br>Ní mór do chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí, tromlach na stiúrthóirí, agus an Bainisteoir Ginearálta a bheith ina náisiúnaigh de Pheiriú agus ina gcónaí i bPeiriú.<br>Ní mór do chaptaen agus criú uile soithí a bhfuil bratach Pheiriú ar foluain acu a bheith ina náisiúnaigh de Pheiriú agus iad údaraithe ag an 'Dirección General de Capitanías y Guardacostas'. I gcásanna eisceachtúla agus tar éis a fhionnadh nach bhfuil aon phearsanra cáilithe Peiriúch a bhfuil taithí acu ar an gcineál sin soithigh ar fáil, d'fhéadfaí náisiúnaigh eachtracha a fhostú go dtí uasmhéid 15 faoin gcéad den chriú iomlán, agus ar feadh tréimhse theoranta ama. Ní bhaineann an eisceacht dheireanach sin le captaen an tsoithigh.<br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnach de Pheiriú a bheith ina phíolóta ceadúnaithe cuan. |
| D. IOMPAR TRÍD AN SPÁS<br>(CPC 733) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |

[27] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear le hiompar ar uisce iompar ar lochanna agus aibhneacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| E. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR D'IARNRÓD | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7111)<br><br>(b) Iompar lasta<br>(CPC 7112) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith |
| F. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR DE BHÓTHAR | |
8. ciallaíonn ‘seirbhísí seolta lasta’ an ghníomhaíocht arb í oibríochtaí loingseoireachta a eagrú agus faireachán a dhéanamh orthu thar ceann seoltóirí, trí iompar a shealbhú agus seirbhísí gaolmhara a shocrú, trí dhoiciméid a ullmhú agus trí fhaisnéis ghnó a sholáthar.

**IARSCRÍBHINN IX**

# FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE LÁITHREACHT SHEALADACH DAOINE NÁDÚRTHA CHUN CRÍOCH GNÓ

## FOSCRÍBHINN 1

## FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE PRÍOMHPHEARSANRA AGUS OILIÚNAITHE IARCHÉIME
(dá dtagraítear in Airteagal 124 den Chomhaontú seo)

### ROINN A

### AN CHOLÓIM

1. Léirítear sa liosta forchoimeádas thíos na gníomhaíochtaí eacnamaíocha arna léirscaoileadh ag an gColóim de bhun Airteagal 114 de Theideal IV (Trádáil i Seirbhísí, Bunaíocht agus Tráchtáil Leictreonach) den Chomhaontú seo a bhfuil feidhm ag teorainneacha maidir leo ar phríomhphearsanra agus oiliúnaithe iarchéime i gcomhréir le hAirteagal 124 den Chomhaontú seo agus sonraítear leis an liosta thíos na teorainneacha sin. Tá an liosta comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

   (a) an chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina bhfuil feidhm ag teorainneacha; agus

(b) an dara colún lena ndéantar tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme.

2. Ní ghabhann an Cholóim aon ghealltanas uirthi féin i ndáil le príomhphearsanra ná oiliúnaithe iarchéime i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil léirscaoilte (atá fós neamhcheangailte) de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo.

3. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair a shainaithint:

(a) Ciallaíonn 'ISIC rev 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002.

(b) Ciallaíonn 'CPC' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991.

4. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta, ná bearta maidir le coinníollacha fostaíochta, oibre agus slándála sóisialta nuair nach teorannú iad de réir bhrí Airteagail 112 agus 113 den Chomhaontú seo. Na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas a fháil, an gá aitheantas a fháil ar cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, an gá sainchónaí dlíthiúil a bheith acu sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an gá rialacháin agus cleachtais náisiúnta maidir le pá íosta agus comhaontuithe pá comhchoiteanna sa tír óstach a chomhlíonadh), fiú mura bhfuil siad liostaithe, tá feidhm acu in aon chás maidir le príomhphearsanra agus le hoiliúnaithe iarchéime infheisteoirí an Pháirtí eile.

5. I gcomhréir le hAirteagal 107, mír 3 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

6. Tá an liosta thíos gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha mar a thuairiscítear sa liosta gealltanas maidir le bunaíocht.

7. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta gealltanas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Mionlaigh agus grúpaí eitneacha<br><br>Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de réir cearta nó roghanna do mhionlaigh agus do ghrúpaí eitneacha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch, lena n-áirítear maidir leis na tailte comhchoiteanna atá i seilbh grúpaí eitneacha i gcomhréir le hAirteagal 63 den Constitución Política de Colombia. Iad seo a leanas na grúpaí eitneacha sa Cholóim: daoine dúchasacha agus Róm, pobail Afracacha-Colómacha agus pobal Raizal Oileánra San Andrés, Providencia agus Santa Catalina. |
| GACH EARNÁIL | Léirithe Traidisiúnta<br><br>Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de réir cearta nó fabhar do phobail áitiúla maidir le tacaíocht agus forbairt léirithe a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha dholáimhsithe a dhearbhaítear de bhun Resolución Uimh. 0168 de 2005. |
| GACH EARNÁIL | Ní mór d'aon fhostóir a bhfuil foireann de níos mó ná deichniúr fostaithe aige an Cholómaigh a fhostú i gcion nach lú ná 90 faoin gcéad d'fhoireann na ngnáthfhostaithe agus 80 faoin gcéad ar a laghad de na fostaithe oilte nó de na speisialtóirí oilte, den fhoireann riaracháin nó de na daoine i bpoist freagrachta. |
| GACH EARNÁIL | Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha nó dlíthiúla lena bpríomhoifig i saorphort San Andrés, Providencia, agus Santa Catalina seirbhísí a sholáthar sa réigiún seo. |
| 2. IASCAIREACHT AGUS DOBHARSHAOTHRÚ<br>(ISIC rev. 3.1: 0501, 0502) seachas seirbhísí comhairle agus sainchomhairle | Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh den Cholóim gabháil d'iascaireacht cheardaíochta |
| 6. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| . A. Seirbhísí Gairmiúla | |
| (b) 1. Seirbhísí Cuntasaíochta agus Leabharchoimeádta<br>(CPC 862)<br><br>(c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(CPC 863) | Ní fhéadfaidh ach daoine atá cláraithe le *Junta Central de Contadores* cleachtadh mar chuntasóirí. Ní mór sainchónaí leanúnach a bheith ar náisiúnach eachtrach sa Cholóim ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh an iarraidh ar chlárú agus ní mór taithí chuntasaíochta a bheith léirithe aige a rinneadh i gcríoch na Colóime ar feadh tréimhse nach lú ná bliain amháin. |
| C. Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta | |
| (a) Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta sna heolaíochtaí nádúrtha<br>(CPC 851) | Ní foláir d'aon duine eachtrach a bheartaíonn taighde eolaíoch a dhéanamh ar an éagsúlacht bhitheolaíoch i gcríoch na Colóime taighdeoir amháin ar a laghad de chuid na Colóime a dhéanamh páirteach sa taighde nó san anailís ar thorthaí an taighde. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| F. Seirbhísí Gnó Eile | |
| (g) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a Bhaineann le hIascach (cuid de CPC 882 | Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh den Cholóim gabháil d'iascaireacht cheardaíochta |
| 12. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS<br><br>A. Árachas agus seirbhísí atá gaolmhar leis an árachas | Ní fhéadfaidh náisiúnach eachtrach a bhfuil cónaí air sa Cholóim le níos lú ná bliain seirbhísí a sholáthar sa Cholóim mar ghníomhaire árachais. |
| 16. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR | |
| A. Iompar muirí | I soithí brataí de chuid na Colóime agus i soithí a bhfuil bratach choigríche ar foluain acu (seachas soithí a bhaineann le hiascaireacht) a oibríonn in uiscí dlínse na Colóime ar feadh tréimhse níos faide ná 6 mhí, leanúnach nó thréimhsiúil, ní mór don chaptaen, d'oifigigh agus d'ochtó (80) faoin gcéad den chuid eile den chriú a bheith ina gColómaigh ó dháta eisiúna an cheada faoi seach.<br>Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh den Cholóim píolótaíocht a dhéanamh ar fharraigí agus ar aibhneacha críochacha na Colóime. |
| (a) Iompar paisinéirí (CPC 7221) | |
| (b) Iompar lasta (CPC 7112) | |
| B. Iompar ar Uiscebhealaí Inmheánacha | Ní fhéadfaidh ach náisiúnaigh den Cholóim píolótaíocht a dhéanamh ar fharraigí agus ar aibhneacha críochacha na Colóime. |
| (a) Iompar paisinéirí (CPC 7221) | |
| (b) Iompar lasta (CPC 7222) | |
| (g) Soithí a Ligean ar Cíos le Criú (CPC 72130) | |
| Seirbhísí Custaim | Chun na seirbhísí seo a leanas a fheidhmiú: idirghabháil chustaim, idirghabháil le haghaidh seirbhísí poist ('*intermediación para servicios postales*') agus 'mensajeria especializada'[1] (lena n-áirítear mearsheachadadh), marsantacht a thaisceadh, marsantacht a iompar faoi rialú custaim, nó seirbhísí lastais idirnáisiúnta, nó gníomhú mar Bhuanúsáideoirí Custaim ('*Usuarios Aduaneros Permanentes*') nó Úsáideoirí Móronnmhairiúcháin ('*Usuarios Altamente Exportadores*'), ní mór sainchónaí a bheith ar dhuine sa Cholóim nó ionadaí sainchónaitheach a bheith aige atá freagrach de réir dlí as a chuid gníomhaíochtaí sa Cholóim. |

[1] Ciallaíonn '*Servicio de mensajería especializada*' an aicme seirbhísí poist a sholáthraítear go neamhspleách ar na líonraí oifigiúla poist don phost náisiúnta agus idirnáisiúnta, agus a éilíonn nósanna imeachta speisialta a chur i bhfeidhm agus a ghlacadh chun post agus nithe poist eile a iompraítear ar tír agus san aer laistigh de chríoch na Colóime nó uaithi a fháil, a bhailiú agus a sheachadadh go pearsanta.

ROINN B

PÁIRTÍ AE

Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas:

| | |
|---|---|
| AT | An Ostair |
| BE | An Bheilg |
| BG | An Bhulgáir |
| CY | An Chipir |
| CZ | Poblacht na Seice |
| DE | An Ghearmáin |
| DK | An Danmhairg |
| ES | An Spáinn |
| EE | An Eastóin |
| AE | an tAontas Eorpach, lena Bhallstáit uile san áireamh |
| FI | An Fhionlainn |
| FR | An Fhrainc |
| EL | An Ghréig |
| HU | An Ungáir |
| IE | Éire |
| IT | An Iodáil |
| LV | an Laitvia |
| LT | An Liotuáin |
| LU | Lucsamburg |
| MT | Málta |
| NL | an Ísiltír |
| PL | An Pholainn |
| PT | An Phortaingéil |

RO An Rómáin

SK Poblacht na Slóvaice

SI An tSlóivéin

SE An tSualainn

UK an Ríocht Aontaithe

1. Léirítear sa liosta forchoimeádas thíos na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a léirscaoileadh de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo a bhfuil feidhm ag teorainneacha maidir leo ar phríomhphearsanra agus oiliúnaithe iarchéime i gcomhréir le hAirteagal 124 den Chomhaontú seo agus sonraítear leis an liosta thíos na teorainneacha sin. Tá na liostaí comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

   (a) an chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina bhfuil feidhm ag teorainneacha; agus

   (b) an dara colún lena ndéantar tuairisc ar na teorainneacha is infheidhme.

   I gcás nach n-áirítear sa cholún dá dtagraítear faoi fhomhír (b) ach forchoimeádais a bhaineann go sonrach le Ballstáit an Aontais Eorpaigh, tugann na Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nach luaitear ann gealltanais faoi leith san earnáil lena mbaineann gan forchoimeádais[1].

   Ní ghabhann an tAontas Eorpach ná a Bhallstáit aon ghealltanas orthu féin i ndáil le príomhphearsanra ná oiliúnaithe iarchéime i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil léirscaoilte (atá fós neamhcheangailte) de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo.

[1] Ní dochar easpa forchoimeádas is sonrach do Bhallstáit den Aontas Eorpach in earnáil ar leith d'fhorchoimeádais chothrománacha nó d'fhorchoimeádais earnála ar fud an Aontais Eorpaigh a bhféadfadh feidhm a bheith acu.

2. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair a shainaithint:

(a) Ciallaíonn 'ISIC rev 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002;

(b) Ciallaíonn CPC an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991; agus

(c) Ciallaíonn 'CPC leagan 1.0' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC ver. 1.0 1998.

3. Ní bheidh feidhm ag gealltanais do phríomhphearsanra agus d'oiliúnaithe iarchéime i gcásanna inarb é aidhm nó éifeacht a láithreachta sealadaí cur isteach ar thoradh aon díospóide nó idirbheartaíochta saothair nó bainistíochta, nó difear a dhéanamh dóibh ar shlí eile.

4. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta, ná bearta maidir le coinníollacha fostaíochta, oibre agus slándála sóisialta nuair nach teorannú iad de réir bhrí Airteagail 112 agus 113 den Chomhaontú seo. Na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas a fháil, an gá aitheantas a fháil ar cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, an gá sainchónaí dlíthiúil a bheith acu sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an gá rialacháin agus cleachtais náisiúnta maidir le pá íosta agus comhaontuithe pá comhchoiteanna sa tír óstach a chomhlíonadh), fiú mura bhfuil siad liostaithe, tá feidhm acu in aon chás maidir le príomhphearsanra agus le hoiliúnaithe iarchéime infheisteoirí de chuid Páirtí eile. I gcomhréir le hAirteagal 107, mír 3 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

5. Leanfaidh gach ceanglas a bhaineann le dlíthe agus rialacháin an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát maidir le bearta iontrála, fanachta, oibre agus slándála sóisialta d'fheidhm a bheith acu, lena n-áirítear rialacháin a bhaineann le tréimhse fanachta, pá íosta chomh maith le comhaontuithe comhchoiteanna pá, fiú mura liostaítear thíos iad.

6. Tá an liosta thíos gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha mar a thuairiscítear sa liosta gealltanas maidir le bunaíocht.

7. Sna hearnálacha sin ina gcuirtear tástálacha riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm, is iad a bpríomhchritéir measúnú a dhéanamh ar staid ábhartha an mhargaidh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh nó sa réigiún ina bhfuil an tseirbhís le soláthar, lena n-áirítear maidir le líon na soláthróirí seirbhísí atá ann cheana agus an tionchar orthu.

8. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta forchoimeádas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Tástáil riachtanas eacnamaíoch<br>BG, HU: Ní mór tástáil riachtanas eacnamaíoch a dhéanamh le haghaidh oiliúnaithe iarchéime. |
| GACH EARNÁIL | Raon feidhme na n-aistrithe ionchorparáideacha<br>BG: Ní rachaidh líon na n-aistrithe ionchorparáideacha thar 10 faoin gcéad de mheánlíon bliantúil na saoránach den Aontas Eorpach atá fostaithe ag an duine dlítheanach Bulgárach faoi seach: I gcás níos lú ná 100 duine a bheith fostaithe, féadfaidh líon na n-aistrithe ionchorparáideacha, faoi réir údaraithe, a bheith níos mó ná 10 faoin gcéad.<br>HU: Neamhcheangailte i ndáil le daoine nádúrtha a bhí ina gcomhpháirtí i duine dlítheanach de chuid Páirtí eile. |
| GACH EARNÁIL | Stiúrthóirí bainistíochta agus iniúchóirí<br>AT: Ní mór do stiúrthóirí bainistíochta brainsí daoine dlítheanacha a bheith i gcónaí san Ostair; ní mór sainchónaí a bheith san Ostair ar dhaoine nádúrtha atá freagrach i nduine dlítheanach nó i mbrainse as Acht Trádála na hOstaire a urramú.<br>FI: Tá cead trádála ag teastáil ó eachtrannach atá i mbun trádála mar fhiontraí príobháideach san Fhionlainn agus ní mór dó a bheith ina chónaí go buan san Aontas Eorpach. Le haghaidh gach earnáil, cé is moite de sheirbhísí teileachumarsáide, coinníoll náisiúntachta agus ceanglas cónaitheachta le haghaidh stiúrthóirí bainistíochta cuideachta teoranta. Le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide, cónaitheacht bhuan don stiúrthóir bainistíochta.<br>FR: Tá údarú sonrach ag teastáil ó stiúrthóir bainistíochta ar ghníomhaíocht thionsclaíoch, tráchtála nó cheardaíochta, mura sealbhóir cead cónaitheachta é.<br>RO: Saoránaigh den Rómáin a bheidh i bhformhór iniúchóirí na gcuideachtaí tráchtála agus a n-ionadaithe.<br>SE: Beidh cónaí sa tSualainn ar stiúrthóir bainistíochta duine dhlítheanaigh nó brainse. |
| GACH EARNÁIL | Aitheantas<br>AE: Níl feidhm ag na treoracha ón Aontas Eorpach maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí ach amháin maidir le náisiúnaigh den Aontas Eorpach. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialáilte a chleachtadh i mBallstát amháin den Aontas Eorpach, ní dheonaítear an ceart chun cleachtadh i mBallstát eile den Aontas Eorpach[2]. |

[2] Ionas gur féidir le náisiúnaigh tríú tír aitheantas a fháil ar fud an Aontais Eorpaigh dá gcáilíochtaí, is gá Comhaontú um Aitheantas Frithpháirteach arna chaibidil laistigh den chreat a shainítear in Airteagal 129 den Chomhaontú seo.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 4. DÉANTÚSAÍOCHT[3] | |
| H. Foilsiú, priontáil agus atáirgeadh meán taifeadta<br>(ISIC rev 3.1: 22), seachas foilsiú agus priontáil ar bhonn táille nó conartha[4] | IT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh foilsitheoirí.<br>PL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh príomheagarthóir nuachtán agus irisí.<br>SE: Ceanglais chónaitheachta le haghaidh foilsitheoirí agus úinéirí cuideachtaí foilsitheoireachta agus clódóireachta. |
| 6. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. Seirbhísí Gairmiúla | |
| (a) Seirbhísí Dlí<br>(CPC 861)[5]<br>seachas doiciméid dlí agus doiciméid dlí agus seirbhísí deimhniúcháin arna soláthar ag gairmithe dlí a bhfuil feidhmeanna poiblí de chúram orthu, amhail nótairí, *huissiers de justice* nó *officiers publics et ministériels* eile | AT, CY, ES, EL, LT, MT, RO, SK: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, atá riachtanach chun dlí baile (an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát) a chleachtadh, faoi réir coinníoll náisiúntachta. Le haghaidh ES, féadfaidh na húdaráis inniúla tarscaoiltí náisiúntachta a dheonú.<br>BE, FI: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, a cheanglaítear le haghaidh seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla, faoi réir coinníoll náisiúntachta, mar aon le ceanglais chónaitheachta. Sa Bheilg, baineann cuótaí le teacht os comhair an '*Cour de cassation*' i gcásanna neamhchoiriúla.<br>BG: Ní féidir le dlíodóirí eachtracha ach seirbhísí ionadaíochta dlíthiúla a sholáthar do náisiúnach dá dtír dhúchais agus faoi réir cómhalartachta agus comhair le dlíodóir Bulgárach. Le haghaidh seirbhísí idirghabhála dlí, tá buanchónaí de dhíth.<br>FR: Tá rochtain dlíodóirí ar ghairm an 'avocat auprès de la Cour de Cassation' agus 'avocat auprès du Conseil d'Etat' faoi réir cuótaí agus coinníoll náisiúntachta.<br>HU: Tá glaoch iomlán chun an Bharra faoi réir coinníoll náisiúntachta, mar aon le ceanglais chónaitheachta. I gcás dlíodóirí eachtracha, tá raon feidhme na ngníomhaíochtaí dlíthiúla teoranta do chomhairle dlí a sholáthar, rud a chaithfidh tarlú ar bhonn conradh comhoibrithe arna thabhairt i gcrích le haturnae nó le gnólacht dlí de chuid na hUngáire. |

[3] Ní áirítear leis an earnáil seo seirbhísí comhairle a bhaineann le monaraíocht, atá le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(h).

[4] Tá foilsiú agus priontáil ar bhonn táille nó conartha le fáil in SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(p).

[5] Áirítear leis seo seirbhísí comhairle dlí, seirbhísí ionadaíochta dlí, seirbhísí eadrána dlíthiúla, seirbhísí idir-réitigh/idirghabhála, agus seirbhísí doiciméadachta agus deimhniúcháin dlí.
Ní údaraítear soláthar seirbhísí dlí ach amháin i gcomhlíonadh an dlí idirnáisiúnta phoiblí, dhlí an Aontais Eorpaigh agus dhlí aon dlínse ina bhfuil an soláthraí seirbhíse nó a phearsanra cáilithe chun cleachtadh mar dhlíodóir, agus, amhail soláthar seirbhísí eile, tá sé faoi réir ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Le haghaidh dlíodóirí a sholáthraíonn seirbhísí dlí i ndáil leis an dlí idirnáisiúnta poiblí agus leis an dlí eachtrach, d'fhéadfadh sé gurb é a bheadh iontu *inter alia* cóid eitice áitiúla a chomhlíonadh, teideal baile a úsáid (ach amháin má tá aitheantas leis an teideal óstach faighte) ceanglais árachais, clárú simplí le Barra na tíre óstaí nó ligean isteach simplithe i mBarra na tíre óstaí trí thástáil inniúlachta agus sainchónaí dlíthiúil nó gairmiúil sa tír óstach. I bprionsabal, is dlíodóir lánchháilithe a glaodh chun an Bharra san Aontas Eorpach agus é ag gníomhú go pearsanta a dhéanfaidh seirbhísí dlí i ndáil le dlí an Aontais Eorpaigh a chur i gcrích, agus is é dlíodóir lánchháilithe a glaodh chun an Bharra sa Bhallstát sin den Aontas Eorpach agus é ag gníomhú go pearsanta a chuirfidh seirbhísí dlí i gcrích i bprionsabal, nó is trí dhlíodóir lánchháilithe a chuirfear i gcrích iad i bprionsabal. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh glaoch iomlán chun an Bharra sa Bhallstát ábhartha den Aontas Eorpach riachtanach le haghaidh ionadaíocht os comhair Cúirteanna agus údarás inniúil eile san Aontas Eorpach ós rud é go mbaineann sé le cleachtas dhlí nós imeachta an Aontais Eorpaigh agus dlí nós imeachta náisiúnta. I roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, áfach, ceadaítear do dhlíodóirí eachtracha nár glaoch isteach go hiomlán chun an Bharra iad ionadaíocht a dhéanamh in imeachtaí sibhialta do pháirtí ar náisiúnach é nó ar de chuid an Stáit é ina bhfuil an dlíodóir i dteideal cleachtadh.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | LV: Ceanglas náisiúntachta le haghaidh aturnaetha faoi mhionn, agus is dóibh atá ionadaíocht dhlíthiúil in imeachtaí coiriúla forchoimeádta.<br>DK: Tá margaíocht gníomhaíochtaí comhairle dlí teoranta do dhlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach cleachtaidh acu. Ceanglas maidir le scrúdú dlí Danmhargach d'fhonn ceadúnas Danmhargach a fháil.<br>LU: Coinníoll náisiúntachta maidir le seirbhísí dlí a sholáthar i ndáil le dlí Lucsamburg agus dlí an Aontais Eorpaigh.<br>SE: Tá glaoch iomlán chun an Bharra, nach bhfuil riachtanach ach amháin chun an teideal Sualannach 'advokat' a úsáid, faoi réir ceanglas cónaitheachta. |
| (b) 1. Seirbhísí Cuntasaíochta agus Leabharchoimeádta<br>(CPC 86212 seachas 'seirbhísí iniúchóireachta', CPC 86213, CPC 86219 agus CPC 86220) | FR: Tá soláthar seirbhísí cuntasaíochta agus leabharchoimeádta ag brath ar chinneadh ón Aire Eacnamaíochta, Airgeadais agus Tionscail, i gcomhaontú leis an Aire Gnóthaí Eachtracha. Ní fhéadfaidh an ceanglas cónaitheachta a bheith níos faide ná 5 bliana. |
| (b) 2. Seirbhísí iniúchóireachta<br>(CPC 86211 agus 86212 seachas seirbhísí cuntasaíochta) | AT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh ionadaíocht os comhair na n-údarás inniúil agus chun iniúchtaí a dhéanamh dá bhforáiltear i ndlíthe sonracha na hOstaire (e.g. dlí na gcuideachtaí comhstoic, dlí an stocmhalartáin, an dlí baincéireachta, etc.)<br>DK: Ceanglas cónaitheachta.<br>ES: Coinníoll na náisiúntachta le haghaidh iniúchóirí reachtúla agus riarthóirí, stiúrthóirí agus comhpháirtithe cuideachtaí seachas iad siúd a chumhdaítear leis an 8ú Treoir CEE maidir le dlí na gcuideachtaí.<br>FI: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh duine amháin ar a laghad d'iniúchóirí ar chuideachta Fionlannach Dliteanais.<br>EL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh iniúchóirí reachtúla.<br>IT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh riarthóirí, stiúrthóirí agus comhpháirtithe cuideachtaí seachas iad siúd a chumhdaítear leis an 8ú Treoir CEE maidir le dlí na gcuideachtaí. Ceanglas cónaitheachta le haghaidh iniúchóirí aonair.<br>SE: Ní fhéadfaidh ach iniúchóirí atá formheasta sa tSualainn seirbhísí iniúchóireachta dlí a dhéanamh in eintitis dhlítheanacha áirithe, a.o. i ngach cuideachta theoranta. Ní mór cónaí a dhéanamh chun formheas a fháil. |
| (c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(CPC 863)[6] | AT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh ionadaíocht os comhair údarás inniúil.<br>BG, SI: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí.<br>HU: Ceanglas cónaitheachta |

6 Ní áirítear leis seo seirbhísí comhairle dlí ná seirbhísí ionadaíochta dlí maidir le cúrsaí cánach, atá le fáil faoi 1.A.(a). Seirbhísí dlí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (d) Seirbhísí ailtireachta<br>agus<br>(e) Pleanáil uirbeach agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br>(CPC 8671 agus CPC 8674) | EE: Ní mór duine freagrach amháin ar a laghad (bainisteoir tionscadail nó comhairleoir) a bheith ian chónaí san Eastóin<br>BG: Ní mór taithí 2 bhliain ar a laghad a bheith ag speisialtóirí eachtracha i réimse na tógála. Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí pleanála uirbí agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br>EL, HU, SK: Ceanglas cónaitheachta |
| (f) Seirbhísí innealtóireachta<br>agus<br>(g) Seirbhísí innealtóireachta comhtháite<br>(CPC 8672 agus CPC 8673) | EE: Ní mór duine freagrach amháin ar a laghad (bainisteoir tionscadail nó comhairleoir) a bheith ian chónaí san Eastóin<br>BG: Ní mór taithí 2 bhliain ar a laghad a bheith ag speisialtóirí eachtracha i réimse na tógála.<br>EL, HU, SK: Ceanglas cónaitheachta. |
| (h) Seirbhísí leighis (síceolaithe san áireamh) agus Seirbhísí fiaclóireachta<br>(CPC 9312 agus cuid de CPC 85201) | CZ, IT, SK: Ceanglas cónaitheachta.<br>CZ, EE, RO, SK: Ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>BE, LU: Le haghaidh oiliúnaithe iarchéime, údarú ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>BG, CY, MT: Coinníoll náisiúntachta.<br>DE: Coinníoll náisiúntacht is féidir a tharscaoileadh ar bhonn eisceachtúil i gcásanna a bhaineann le leas na sláinte poiblí.<br>DK: Is féidir údarú teoranta a thabhairt chun feidhm shonrach a chomhlíonadh ar feadh 18 mí ar a mhéad agus is gá cónaí ina leith.<br>FR: Coinníoll náisiúntachta. Mar sin féin, is féidir rochtain a fháil laistigh de chuótaí a bhunaítear go bliantúil.<br>LV: Le haghaidh chleachtadh ghairm na míochaine ceanglaítear cead a fháil ón údarás sláinte áitiúil, bunaithe ar riachtanais eacnamaíocha do dhochtúirí agus d'fhiaclóirí i réigiún ar leith.<br>PL: Ní mór d'eachtrannaigh cead a fháil chun gairm na míochaine a chleachtadh. Tá cearta toghcháin teoranta ag dochtúirí leighis eachtracha laistigh de na seomraí gairmiúla.<br>PT: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh síceolaithe. |
| (i) Seirbhísí Tréidliachta<br>(CPC 932) | BG, CY, DE, EE, EL, FR, HU, MT, SI: Coinníoll náisiúntachta.<br>CZ, SK: Coinníoll náisiúntachta agus ceanglas cónaitheachta.<br>IT: Ceanglas cónaitheachta.<br>PL: Ceanglas náisiúntachta. Féadfaidh eachtrannaigh iarratas a dhéanamh ar chead cleachtadh |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (j) 1. Seirbhísí cnáimhseachais<br>(cuid de CPC 93191) | AT: D'fhonn cleachtas gairmiúil a bhunú san Ostair, ní mór don duine lena mbaineann an ghairm i dtrácht a chleachtadh ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh an gcleachtas gairmiúil sin a chur ar bun.<br>BE, LU: Le haghaidh oiliúnaithe iarchéime, údarú ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>CZ, CY, EE, RO, SK: Ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>FR: Coinníoll náisiúntachta. Mar sin féin, is féidir rochtain a fháil laistigh de chuótaí a bhunaítear go bliantúil.<br>HU: Coinníoll náisiúntachta.<br>IT: Ceanglas cónaitheachta.<br>LV: Riachtanais eacnamaíocha arna gcinneadh de réir líon iomlán na gcnáimhseach sa réigiún ar leith, arna n-údarú ag údaráis sláinte áitiúla.<br>PL: Coinníoll náisiúntachta. Féadfaidh eachtrannaigh iarratas a dhéanamh ar chead cleachtadh. |
| (j) 2. Seirbhísí a sholáthraíonn Altraí, Fisiteiripeoirí agus Pearsanra paraimhíochaine<br>(cuid de CPC 93191) | AT: Ní cheadaítear soláthróirí eachtracha amháin sna gníomhaíochtaí seo a leanas: altraí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí ceirde, teiripeoirí lógó, diaitéiteoirí agus saineolaithe cothúcháin. D'fhonn cleachtas gairmiúil a bhunú san Ostair, ní mór don duine lena mbaineann an ghairm i dtrácht a chleachtadh ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh an gcleachtas gairmiúil sin a chur ar bun.<br>BE, FR, LU: Le haghaidh oiliúnaithe iarchéime, údarú ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>CY, CZ, EE, RO, SK: Ceanglaítear údarú a fháil ó na húdaráis inniúla le haghaidh daoine nádúrtha eachtracha.<br>HU: Coinníoll náisiúntachta.<br>DK: Is féidir údarú teoranta a thabhairt chun feidhm shonrach a chomhlíonadh ar feadh 18 mí ar a mhéad agus is gá cónaí ina leith.<br>CY, CZ, EL, IT: Faoi réir tástáil riachtanas eacnamaíoch: bíonn an cinneadh faoi réir folúntas agus ganntanas réigiúnach.<br>LV: Riachtanais eacnamaíocha arna gcinneadh de réir líon iomlán na n-altraí sa réigiún ar leith, arna n-údarú ag údaráis sláinte áitiúla. |
| (k) Miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha<br>(CPC 63211)<br>agus seirbhísí eile arna soláthar ag cógaiseoirí[7] | FR: Coinníoll náisiúntachta. Laistigh de chuótaí bunaithe, áfach, is féidir rochtain a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír ar choinníoll go bhfuil chéim de chuid na Fraince sa chógaisíocht ag an soláthraí seirbhíse.<br>DE, EL, SK: Coinníoll náisiúntachta<br>HU: Coinníoll náisiúntachta seachas le haghaidh miondíol earraí cógaisíochta agus miondíol earraí leighis agus ortaipéideacha (CPC 63211).<br>IT, PT: Ceanglas cónaitheachta. |

7 Tá soláthar cógas don phobal i gcoitinne, amhail soláthar seirbhísí eile, faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnaithe agus cáilíochta is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. Mar riail ghinearálta, tá an ghníomhaíocht seo forchoimeádta do chógaiseoirí. I roinnt Ballstát den Aontas Eorpach, ní fhorchoimeádtar do chógaiseoirí ach soláthar drugaí ar oideas.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| D. Seirbhísí Réadmhaoine[8] | |
| (a) A bhaineann le maoin faoi úinéireachta nó maoin ar léas (CPC 821) | FR, HU, IT, PT: Ceanglas cónaitheachta.<br>LV, MT, SI: Coinníoll náisiúntachta. |
| (b) Ar tháille nó ar bhonn conartha (CPC 822) | DK: Ceanglas cónaitheachta mura ndéanann Gníomhaireacht Tráchtála agus Cuideachtaí na Danmhairge é a tharscaoileadh.<br>FR, HU, IT, PT: Ceanglas cónaitheachta<br>LV, MT, SI: Coinníoll náisiúntachta. |
| E. Seirbhísí Cíosa/Léasaithe gan Oibreoirí | |
| (e) A bhaineann le hearraí pearsanta agus earraí tí (CPC 832) | AE: Coinníoll náisiúntachta d'oiliúnaithe iarchéime.<br>AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, FI, FR, EL, IE, IT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE, UK: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí |
| (f) Trealamh teileachumarsáide a chur amach ar cíos (CPC 7541) | AE: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime. |
| F. Seirbhísí Gnó Eile | |
| (e) Seirbhísí Tástála agus Anailíse Teicniúla (CPC 8676) | IT, PT: Ceanglais chónaitheachta le haghaidh le bitheolaithe agus anailísithe ceimiceach. |
| (f) Seirbhísí Comhairle agus Sainchomhairleoireachta a bhaineann le Talmhaíocht, Sealgaireacht agus Foraoiseacht (cuid de CPC 881) | IT: Ceanglais chónaitheachta le haghaidh agranamaithe agus '*periti agrari*'. |
| (j) 2. Seirbhísí Slándála (CPC 87302, CPC 87303, CPC 87304 agus CPC 87305) | BE: Coinníoll náisiúntachta agus ceanglas cónaitheachta le haghaidh pearsanra bainistíochta.<br>BG, CY, CZ, EE, LV, LT, MT, PL, RO, SI, SK: Coinníoll náisiúntachta agus ceanglas cónaitheachta.<br>DK: Coinníoll náisiúntachta agus ceanglas cónaitheachta le haghaidh bainisteoirí agus seirbhísí garda aerfoirt.<br>ES, PT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh pearsanra speisialaithe.<br>FR: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh stiúrthóirí agus stiúrthóirí bainistíochta.<br>IT: Tá coinníoll náisiúntacht agus ceanglas cónaitheachta ann chun an t-údarú a fháil atá riachtanach chun seirbhísí gharda slándála a sholáthar chomh maith nithe luachmhara a iompar. |

[8] Baineann an tseirbhís lena mbaineann le gairm an ghníomhaire réadmhaoine agus ní dhéanann sí difear d'aon chearta agus/nó srianta ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha a cheannaíonn réadmhaoin.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (k) Seirbhísí Gaolmhara Sainchomhairleoireachta Eolaíochta agus Teicniúla<br>(CPC 8675) | BG: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí.<br>DE: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh suirbhéirí arna gceapadh go poiblí.<br>FR: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh oibríochtaí 'suirbhéireachta' a bhaineann le cearta maoine a bhunú agus le dlí na talún.<br>IT, PT: Ceanglas cónaitheachta. |
| (l) (1). Cothabháil agus deisiú soithí<br>(cuid de CPC 8868) | MT: Coinníoll náisiúntachta. |
| (l) (2). Cothabháil agus deisiú trealamh iompair iarnróid<br>(cuid de CPC 8868) | LV: Coinníoll náisiúntachta. |
| (l) (3). Cothabháil agus deisiú mótarfheithiclí, gluaisrothar, mótar sneachta agus trealamh iompar bóthair<br>(CPC 6112, CPC 6122, cuid de CPC 8867 agus cuid de CPC 8868) | AE: Chun mótarfheithiclí, gluaisrothair agus mótair shneachta a chothabháil agus a dheisiú, coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime. |
| (l) (5). Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin do tháirgí miotail, innealra (neamh-oifige), trealamh (neamh-iompair agus neamh-oifige) agus earraí pearsanta agus tí[9]<br>(CPC 633, CPC 7545, CPC 8861, CPC 8862, CPC 8864, CPC 8865 agus CPC 8866) | AE: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime. |
| (m) Seirbhísí Glantacháin Foirgneamh<br>(CPC 874) | CY, EE, MT, PL, RO, SI: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí. |
| (n) Seirbhísí Grianghrafadóireachta<br>(CPC 875) | LV: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí grianghrafadóireachta speisialtachta.<br>PL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh le seirbhísí aer-ghrianghrafadóireachta. |
| (p) Priontáil agus Foilsitheoireacht<br>(CPC 88442) | SE: Ceanglais chónaitheachta le haghaidh foilsitheoirí agus úinéirí cuideachtaí foilsitheoireachta agus clódóireachta |
| (r) 1. Seirbhísí Aistriúcháin agus Ateangaireachta<br>(CPC 87905) | FI: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh aistritheoirí deimhnithe<br>DK: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh aistritheoirí agus ateangairí poiblí údaraithe, mura rud é gur tharscaoil Gníomhaireacht Tráchtála agus Cuideachtaí na Danmhairge é. |
| (q) Seirbhísí Coinbhinsiúin<br>(cuid de CPC 87909) | SI: Coinníoll náisiúntachta. |

[9] Seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin trealaimh iompair (CPC 6112, 6122, 8867 agus CPC 8868) le fáil faoi 6.F.(l) 1 go 6.F.(l) 4.
Tá seirbhísí cothabhála agus deisithe innealra agus trealamh oifige lena n-áirítear ríomhairí (CPC 845) le fáil faoi 6.B. Seirbhísí Ríomhaireachta.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (r) 3. Seirbhísí Gníomhaireachta Bailiúcháin (CPC 87902) | BE, EL, IT: Coinníoll náisiúntachta. |
| (r) 4. Seirbhísí tuairiscithe creidmheasa (CPC 87901) | BE, EL, IT: Coinníoll náisiúntachta. |
| (r) 5. Seirbhísí dúbailte (CPC 87904)[10] | AT, BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE, UK: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime.<br>LV: Tástáil riachtanas eacnamaíochta le haghaidh speisialtóirí agus coinníoll náisiúntachta le haghaidh oiliúnaithe iarchéime. |
| 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA INNEALTÓIREACHTA (CPC 511, CPC 512, CPC 513, CPC 514, CPC 515, CPC 516, CPC 517 agus CPC 518) | BG: Ní mór taithí 2 bhliain ar a laghad a bheith ag speisialtóirí eachtracha i réimse na tógála. |
| 9. SEIRBHÍSÍ DÁILEACHÁIN (seachas dáileadh arm, muinisean agus ábhar cogaidh) | |
| C. Seirbhísí Miondíola[11] | |
| (c) Seirbhísí miondíola bia (CPC 631) | FR: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh tobacadóirí (i.e. buraliste) |
| 10. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS (seirbhísí arna maoiniú go príobháideach amháin) | |
| A. Seirbhísí Bunoideachais (CPC 921) | FR: Coinníoll náisiúntachta. Mar sin féin, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír údarú a fháil ó údaráis inniúla chun institiúid oideachais a bhunú agus a stiúradh agus chun teagasc a dhéanamh.<br>IT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh soláthraithe seirbhíse atá údaraithe chun dioplómaí Stát-aitheanta a eisiúint.<br>EL: coinníoll náisiúntachta le haghaidh múinteoirí. |
| B. Seirbhísí Meánoideachais (CPC 922) | FR: Coinníoll náisiúntachta. Mar sin féin, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír údarú a fháil ó údaráis inniúla chun institiúid oideachais a bhunú agus a stiúradh agus chun teagasc a dhéanamh.<br>IT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh soláthraithe seirbhíse atá údaraithe chun dioplómaí Stát-aitheanta a eisiúint.<br>EL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh múinteoirí.<br>LV: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí oideachasúla teicniúla agus gairmiúla de chineál meánscoile do mhic léinn faoi mhíchumas (CPC 9224) |

[10] Ní áirítear leis seo seirbhísí priontála, a thagann faoi CPC 88442 agus atá le fáil faoi 6.F (p).

[11] Ní áirítear leis seo seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.B. agus 6.F.(l). Ní áirítear leis seo seirbhísí miondíola táirgí fuinnimh atá le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.E agus 18.F.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí Ardoideachais (CPC 923) | FR: Coinníoll náisiúntachta. Mar sin féin, féadfaidh náisiúnaigh tríú tír údarú a fháil ó údaráis inniúla chun institiúid oideachais a bhunú agus a stiúradh agus chun teagasc a dhéanamh.<br>CZ, SK: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí ardoideachais seachas seirbhísí iar-mheánscoile teicniúla agus gairmoideachais (CPC 92310).<br>IT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh soláthraithe seirbhíse atá údaraithe chun dioplómaí Stát-aitheanta a eisiúint.<br>DK: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh ollúna. |
| 12. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | |
| A. Árachas agus seirbhísí atá gaolmhar leis an árachas | AT: Ní mór go gcuimseodh bainisteoirí oifige brainse beirt nádúrtha ar a bhfuil cónaí san Ostair.<br>EE: Le haghaidh árachas dírigh, ní fhéadfar saoránaigh ó thíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a áireamh i gcomhlacht bainistíochta cuideachta comhstoic árachais a bhfuil rannpháirtíocht chaipitil eachtrach aige ach amháin i gcomhréir leis an rannpháirtíocht eachtrach agus ní fhéadfar níos mó ná leath de chomhaltaí an ghrúpa bainistíochta a áireamh. Ní mór do cheann bainistíochta fochuideachta nó cuideachta neamhspleách cónaí go buan san Eastóin.<br>ES: Ceanglas cónaitheachta agus 3 bliana taithí le haghaidh ghairm na hachtúireachta.<br>IT: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh ghairm na hachtúireachta.<br>FI: Beidh a n-áit chónaithe san Aontas Eorpach ag na stiúrthóirí bainistíochta agus ag iniúchóir amháin ar a laghad ar chuideachta árachais, ach amháin má tá díolúine deonaithe ag na húdaráis inniúla. Ní mór do ghníomhaire ginearálta cuideachta árachais a áit chónaithe a bheith aige san Fhionlainn, mura bhfuil ceannoifig na cuideachta san Aontas Eorpach.<br>PL: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh idirghabhálaithe árachais |
| B. Seirbhísí baincéireachta agus seirbhísí airgeadais eile (seachas árachas) | BG: Tá cónaí buan sa Bhulgáir ina cheangal ar na stiúrthóirí feidhmiúcháin agus ar an ngníomhaire bainistíochta.<br>FI: Beidh a n-áit chónaithe san Aontas Eorpach ag na stiúrthóirí bainistíochta agus ag iniúchóir amháin ar a laghad institiúidí creidmheasa, ach amháin má tá díolúine deonaithe ag an Údarás Maoirseachta Airgeadais. Beidh áit chónaithe an bhróicéara (duine aonair) ar mhalartú díorthach san Aontas Eorpach.<br>IT: Coinníoll cónaitheachta laistigh de chríoch Ballstáit den Aontas Eorpach le haghaidh 'promotori di servizi finanziari' (díoltóirí airgeadais)<br>LT: Ní mór bainisteoir amháin ar a laghad a bheith ina shaoránach den Aontas Eorpach.<br>PL: Ceanglas náisiúntachta do cheann amháin ar a laghad de na feidhmeannaigh bhainc. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 13. SEIRBHÍSÍ SLÁINTE AGUS SEIRBHÍSÍ SÓISIALTA<br>(seirbhísí arna maoiniú go príobháideach amháin)<br>A. Seirbhísí Ospidéil<br>(CPC 9311)<br>B. Seirbhísí Otharchairr<br>(CPC 93192)<br>C. Saoráidí cónaitheacha sláinte seachas seirbhísí ospidéil<br>(CPC 93193)<br>E. Seirbhísí sóisialta<br>(CPC 933) | FR: Cuireann an t-údarú is gá le haghaidh rochtain ar fheidhmeanna bainistíochta infhaighteacht bainisteoirí áitiúla san áireamh.<br>LV: Tástálacha riachtanas eacnamaíoch le haghaidh dochtúirí, fiaclóirí, mná cabhrach, altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine.<br>PL: Ní mór d'eachtrannaigh cead a fháil chun gairm na míochaine a chleachtadh. Tá cearta toghcháin teoranta ag dochtúirí leighis eachtracha laistigh de na seomraí gairmiúla. |
| 14. SEIRBHÍSÍ ATÁ GAOLMHAR LE TAISTEAL AGUS TURASÓIREACHT | |
| A. Óstáin, Bialanna agus Lónadóireacht<br>(CPC 641, CPC 642 agus CPC 643) seachas lónadóireacht i seirbhísí aeriompair[12] | BG: Níl an líon bainisteoirí eachtracha leis an líon bainisteoirí ar saoránaigh den Bhulgáir iad a shárú, i gcásanna ina sáraíonn sciar an phobail (sciar stáit agus/nó bardasach) i gcaipiteal cothromais cuideachta Bulgáraí 50 faoin gcéad |
| B. Seirbhísí Gníomhaireachtaí Taistil agus Tionscnóirí Turais (bainisteoirí turais san áireamh)<br>(CPC 7471) | BG: Níl an líon bainisteoirí eachtracha leis an líon bainisteoirí ar saoránaigh den Bhulgáir iad a shárú, i gcásanna ina sáraíonn sciar an phobail (sciar stáit agus/nó bardasach) i gcaipiteal cothromais cuideachta Bulgáraí 50 faoin gcéad |
| C. Seirbhísí Treoraithe Turasóireachta<br>(CPC 7472) | ES, FR, EL, IT, PL, PT: Coinníoll náisiúntachta<br>ES, IT: Forchoimeádtar d'eagraíochtaí áitiúla treoraithe turasóireachta an ceart chun an ghairm sin a chleachtadh |
| 15. SEIRBHÍSÍ ÁINEASA, CULTÚIR AGUS SPÓIRT<br>(seachas seirbhísí closamhairc) | |
| A. Seirbhísí Siamsaíochta (lena n-áirítear Seirbhísí Amharclannaíocht, Bannaí Beo, Sorcais agus Dioscó)<br>(CPC 9619) | FR: Tá an t-údarú is gá le haghaidh rochtain ar fheidhmeanna bainistíochta faoi réir coinníoll náisiúntachta nuair is gá údarú a fháil ar feadh níos mó ná dhá bhliain |

[12] Tá lónadóireacht i seirbhísí aeriompair le fáil i SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR faoi 17.D.(a). Seirbhísí láimhseála ar an talamh

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 16. IOMPAR<br>SEIRBHÍSÍ | |
| A. Iompar muirí | |
| (a) Iompar idirnáisiúnta paisinéirí (CPC 7211 lúide iompar cabatáiste náisiúnta).<br>(b) Iompar idirnáisiúnta lasta (CPC 7212 lúide iompar cabatáiste náisiúnta)[13] | AE: Coinníoll náisiúntachta maidir le criúnna long<br>AT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh fhormhór na stiúrthóirí bainistíochta |
| D. Iompar de bhóthar | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7121 agus CPC 7122) | AT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh daoine agus scairshealbhóirí atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh do dhuine dlítheanach nó do chomhpháirtíocht<br>DK: Coinníoll náisiúntachta agus ceanglas cónaitheachta le haghaidh bainisteoirí.<br>BG, MT: Coinníoll náisiúntachta |
| (b) Iompar lasta<br>(CPC 7123, seachas iompar poist ar féinchuntas[14]). | AT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh daoine agus scairshealbhóirí atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh do dhuine dlítheanach nó do chomhpháirtíocht<br>BG, MT: Coinníoll náisiúntachta |
| E. Iompar earraí seachas breosla ar phíblíne[15]<br>(CPC 7139) | AT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh stiúrthóirí bainistíochta. |
| 17 SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR[16] | |
| A. Seirbhísí cúnta don Mhuiriompar<br>(a) Seirbhísí Láimhseála Lasta Mhuirí<br>(b) Seirbhísí stórála agus trádstórais (cuid de CPC 742)<br>(c) Seirbhísí imréitigh custaim<br>(d) Seirbhísí Stáisiúin Coimeádán agus Iosta<br>(e) Seirbhísí Gníomhaireachta Muirí<br>(f) Seirbhísí Seolta Lasta Mhuirí | AE: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh criúnna chun seirbhísí brú, tarraingthe, agus le haghaidh seirbhísí tacaíochta don iompar muirí.<br>AT: Coinníoll náisiúntachta d'fhormhór na stiúrthóirí bainistíochta do (a), (d), (h), (g), (h), agus (i).<br><br>BG, MT: Coinníoll náisiúntachta<br>DK: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>EL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>IT: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh '*raccomandatorio marittimo*' |

13 Áirítear leis an méid sin seirbhísí friothála agus gluaiseacht trealaimh ag soláthróirí iompair mhuirí idirnáisiúnta idir calafoirt atá suite sa Stát céanna nuair nach bhfuil aon ioncam i gceist

14 Cuid de CPC 71235, atá le fáil in SEIRBHÍSÍ CUMARSÁIDE faoi 7.A. Seirbhísí poist agus cúiréireachta.

15 Tá iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.B.

16 Ní áirítear leis seo seirbhísí cothabhála agus deisiúcháin ar threalamh iompair, atá le fáil i SEIRBHÍSÍ GNÓ faoi 6.F.(l) 1 go 6.F.(l) 4.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (g) Soithí a ligean ar Cíos le Criú<br>(CPC 7213)<br>(h) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7214)<br>(i) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh muiriompair<br>(cuid de CPC 745)<br>(j) Seirbhísí tacaíochta agus cúnta eile<br>(cuid de CPC 749) | |
| B. Seirbhísí cúnta don iompar ar uiscebhealaí intíre<br>(e) Seirbhísí brú agus tarraingthe<br>(CPC 7224)<br>(f) Seirbhísí tacaíochta le haghaidh iompar ar uiscebhealaí inmheánacha<br>(cuid de CPC 745) | AE: Coinníoll náisiúntachta maidir le criúnna |
| C. Seirbhísí cúnta don iompar de bhóthar<br>(d) Feithiclí Tráchtála Bóthair a Ligean ar Cíos le hOibreoirí<br>(CPC 7124)<br>(e) Seirbhísí imréitigh custaim | AT: Coinníoll náisiúntachta do dhaoine agus do scairshealbhóirí atá i dteideal ionadaíocht a dhéanamh ar dhuine dlítheanach nó ar chomhpháirtíocht chun feithiclí bóthair tráchtála a fháil ar cíos le seirbhísí oibreoirí.<br>BG, MT: Coinníoll náisiúntachta<br>DK: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>EL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>PL: Srianta náisiúnta ag baint le hionadaíocht dhíreach i seirbhísí imréitigh custaim: ní féidir ach le gníomhairí custaim a bhfuil cónaí orthu i gcríoch an Aontais Eorpaigh í a dhéanamh.<br>FR: Neamhcheangailte ach amháin má dheonaítear cómhalartacht iomlán.<br>NL: Tá glacadh le daoine nádúrtha nó dlíthiúla le gníomhú mar ionadaithe custaim faoi réir rogha an chigire, mar a fhoráiltear dó ag airteagal 1(3) agus 1(9) den Acht um Chustaim Ghinearálta. Diúltófar cead isteach i gcás inar gearradh pianbhreith neamh-inchúlghairthe ar an iarratasóir as gníomh coiriúil le 5 bliana anuas. Ceanglaítear ar ionadaithe custaim nach bhfuil ina gcónaitheoir de chuid na hÍsiltíre nó nach bhfuil bunaithe inti dul i mbun cónaithe nó ionad seasta a bhunú san Ísiltír, sula ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí mar ionadaí custaim glactha. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
| --- | --- |
| D. Seirbhísí cúnta don iompar iarnróid[17]<br>(a) Seirbhísí imréitigh custaim | BG, MT: Coinníoll náisiúntachta<br>DK: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>EL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>PL: Srianta náisiúnta ag baint le hionadaíocht dhíreach i seirbhísí imréitigh custaim: ní féidir ach le gníomhairí custaim a bhfuil cónaí orthu i gcríoch an Aontais Eorpaigh í a dhéanamh.<br>FR: Neamhcheangailte ach amháin má dheonaítear cómhalartacht iomlán.<br>NL: Tá glacadh le daoine nádúrtha nó dlíthiúla le gníomhú mar ionadaithe custaim faoi réir rogha an chigire, mar a fhoráiltear dó ag airteagal 1(3) agus 1(9) den Acht um Chustaim Ghinearálta. Diúltófar cead isteach i gcás inar gearradh pianbhreith neamh-inchúlghairthe ar an iarratasóir as gníomh coiriúil le 5 bliana anuas. Ceanglaítear ar ionadaithe custaim nach bhfuil ina gcónaitheoir de chuid na hÍsiltíre nó nach bhfuil bunaithe inti dul i mbun cónaithe nó ionad seasta a bhunú san Ísiltír, sula ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí mar ionadaí custaim glactha. |
| E. Seirbhísí cúnta do sheirbhísí aeriompair<br>(a) Seirbhísí imréitigh custaim | BG, MT: Coinníoll náisiúntachta<br>DK: Ceanglas cónaitheachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>EL: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh seirbhísí imréitigh custaim<br>PL: Srianta náisiúnta ag baint le hionadaíocht dhíreach i seirbhísí imréitigh custaim: ní féidir ach le gníomhairí custaim a bhfuil cónaí orthu i gcríoch an Aontais Eorpaigh í a dhéanamh.<br>FR: Neamhcheangailte ach amháin má dheonaítear cómhalartacht iomlán.<br>NL: Tá glacadh le daoine nádúrtha nó dlíthiúla le gníomhú mar ionadaithe custaim faoi réir rogha an chigire, mar a fhoráiltear dó ag airteagal 1(3) agus 1(9) den Acht um Chustaim Ghinearálta. Diúltófar cead isteach i gcás inar gearradh pianbhreith neamh-inchúlghairthe ar an iarratasóir as gníomh coiriúil le 5 bliana anuas. Ceanglaítear ar ionadaithe custaim nach bhfuil ina gcónaitheoir de chuid na hÍsiltíre nó nach bhfuil bunaithe inti dul i mbun cónaithe nó ionad seasta a bhunú san Ísiltír, sula ndéanfaidh siad gníomhaíochtaí mar ionadaí custaim glactha. |

[17] Bíonn feidhm ag an teorainn chothrománach ar fhóntais phoiblí nuair a éilíonn na seirbhísí úsáid an fhearainn phoiblí.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| F. Seirbhísí cúnta d'iompar earraí trí phíblíne seachas breosla[18]<br>(a) Seirbhísí stórála agus trádstórais le haghaidh earraí seachas breosla a iompraítear trí phíblínte<br>(cuid de CPC 742) | AT: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh stiúrthóirí bainistíochta. |
| 18. SEIRBHÍSÍ FUINNIMH | |
| A. Seirbhísí a Bhaineann leis an Mianadóireacht<br>(CPC 883)[19] | SK: Ceanglas cónaitheachta. |
| 19. SEIRBHÍSÍ EILE NACH nÁIRÍTEAR IN AON ÁIT EILE | |
| (a) Seirbhísí níocháin, glantacháin agus ruaimnithe<br>(CPC 9701) | AE: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime |
| (b) Seirbhísí gruagaireachta<br>(CPC 97021) | BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE, UK: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime.<br>AT: Coinníoll náisiúntachta d'oiliúnaithe iarchéime. |

[18] Tá seirbhísí cúnta d'iompar breoslaí trí phíblíne le fáil i SEIRBHÍSÍ FUINNIMH faoi 18.C.

[19] Folaítear leis an méid sin na seirbhísí seo a leanas a dhéantar ar bhonn táille nó conartha: seirbhísí comhairleacha agus sainchomhairleoireachta a bhaineann le mianadóireacht, ullmhú láithreán talún, suiteáil rige talún, druileáil, seirbhísí giotán druileála, seirbhísí cásála agus feadánacha, innealtóireacht agus soláthar láibe, rialú solad, oibríochtaí speisialta iascaireachta agus i bpoll an tobair, rialú geolaíochta agus druileála láithreáin tobair, croí-thógáil, tástáil tobair, seirbhísí sreanglíne, soláthar agus oibriú sreabhán críochnaithe (sáile) a sholáthar agus suiteáil feistí críochnaithe, stroighniú (brúchaidéalú), seirbhísí spreagtha (braisteadh, aigéadú agus brúchaidéalú), seirbhísí foroibriúcháin agus deisithe tobair, stopadh nó tréigean tobair.
Ní áirítear leis seo rochtain dhíreach ar acmhainní nádúrtha ná saothrú na n-acmhainní sin.
Ní áirítear leis seo obair ullmhúcháin láithreáin le haghaidh mianadóireacht acmhainní seachas ola agus gás (CPC 5115), atá le fáil faoi 8. SEIRBHÍSÍ FOIRGNÍOCHTA.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (c) Seirbhísí cóireála cosmaidí, lámh-mhaisithe agus cos-mhaisithe (CPC 97022) | BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE, UK: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime.<br>AT: Coinníoll náisiúntachta d'oiliúnaithe iarchéime. |
| (d) Seirbhísí cóireála áilleachta eile g.á.e. (CPC 97029) | BE, BG, CY, CZ, DE, DK, ES, EE, FI, FR, EL, HU, IE, IT, LV, LT, LU, MT, NL, PL, PT, RO, SK, SI, SE, UK: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime.<br>AT: Coinníoll náisiúntachta d'oiliúnaithe iarchéime. |
| (e) Seirbhísí Spa agus suathaireacht neamhtheiripeach, a mhéid a chuirtear ar fáil iad mar sheirbhísí scíthe folláine coirp seachas chun críoch leighis nó athshlánaithe[20] CPC ver. 1.0 97230) | AE: Coinníoll náisiúntachta le haghaidh speisialtóirí agus oiliúnaithe iarchéime. |

[20] Tá suathaireacht theiripeach agus seirbhísí leighis theirmigh le fáil faoi 6.A.(h) Seirbhísí leighis, 6.A.(j) 2 Seirbhísí a sholáthraíonn altraí, fisiteiripeoirí agus pearsanra paraimhíochaine agus seirbhísí sláinte (13.A agus 13 C).

ROINN C

PEIRIÚ

1. Léirítear sa liosta forchoimeádas thíos na gníomhaíochtaí eacnamaíocha a gealladh de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo a bhfuil feidhm ag teorainneacha maidir leo ar phríomhphearsanra agus oiliúnaithe iarchéime i gcomhréir le hAirteagal 124 den Chomhaontú seo agus sonraítear leis an liosta thíos na teorainneacha sin. Tá na liostaí comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

   (a) an chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina bhfuil feidhm ag forchoimeádais; agus

   (b) an dara colún ina dtugtar tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme, an modh seachadta agus an oibleagáid lena mbaineann (Rochtain ar an Margadh - MA - nó Cóireáil Náisiúnta - NT). Tá gealltanais MA agus NT neamhspleách.

   Ní ghabhann Peiriú aon ghealltanas uirthi féin i ndáil le príomhphearsanra ná oiliúnaithe iarchéime i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nár gealladh (atá fós neamhcheangailte) de bhun Airteagal 114 den Chomhaontú seo.

2. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair a shainaithint:

(a) Ciallaíonn 'ISIC rev 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002; agus

(b) Ciallaíonn CPC an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991.

3. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta, ná bearta maidir le coinníollacha fostaíochta, oibre agus slándála sóisialta nuair nach teorannú iad de réir bhrí Airteagail 112 agus 113 den Chomhaontú seo. Na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas a fháil, an gá aitheantas a fháil ar cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, an gá sainchónaí dlíthiúil a bheith acu sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an gá rialacháin agus cleachtais náisiúnta maidir le pá íosta agus comhaontuithe pá comhchoiteanna sa tír óstach a chomhlíonadh), fiú mura bhfuil siad liostaithe, tá feidhm acu in aon chás maidir le príomhphearsanra agus le hoiliúnaithe iarchéime infheisteoir an Pháirtí eile.

4. I gcomhréir mír 3 d'Airteagal 107 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais nó deontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

5. Tá an liosta thíos gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha mar a thuairiscítear sa liosta gealltanas maidir le bunaíocht.

6. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta gealltanas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL SAN ÁIREAMH SA LIOSTA SEO | Nóta: Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, i gcomhréir le Teideal IV den Chomhaontú seo, tá an Roinn seo faoi réir na bhforchoimeádas maidir le Bunaíocht agus Soláthar Trasteorann Seirbhísí. Sa chiall sin, tá na forchoimeádais a liostaítear sna Ranna sin infheidhme maidir leis an roinn seo.<br><br>Tá feidhm ag na gealltanais sin maidir le gach earnáil a liostaítear faoi na liostaí le haghaidh na Ranna maidir le Trádáil Trasteorann i Seirbhísí agus Bunaíocht in earnálacha seirbhíse agus neamh-sheirbhíse. Tagraíonn an liosta earnála thíos atá i gceangal leis seo do na hearnálacha sin ar fíor an méid seo a leanas ina leith:<br>(i) Glactar leis go bhfuil gealltanais 'neamhcheangailte' ag tagairt don Roinn chothrománach. Ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag aon oibleagáid ar Phríomhphearsanra ná ar Oiliúnaithe Iarchéimithe maidir leis an earnáil nó leis an bhfo-earnáil sin.<br>(ii) Liostaítear go díreach na gealltanais maidir le Rochtain ar an Margadh agus Cóir Náisiúnta. Ciallaíonn sé sin go bhfuil srianta breise earnáilsonracha faoi leith i dteannta na srianta cothrománacha.<br>(iii) nuair nach luaitear an réimse, ach gur tugadh faoin earnáil i liosta na Seirbhísí Trasteorann nó na bunaíochta, ciallaíonn sé go bhfuil feidhm ag catagóir na bpríomhphearsanra agus na n-oiliúnaithe iarchéime gan aon srian.<br><br>Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar cearta nó fabhair do mhionlaigh atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch agus do ghrúpa eitneacha. Chun críocha an fhorchoimeádais seo: ciallaíonn 'grúpaí eitneacha' pobail dhúchasacha agus tuathánaigh[1].<br><br>Forchoimeádann Peiriú an ceart aon bheart a ghlacadh nó a choimeád ar bun a bhaineann le soláthar seirbhísí forfheidhmithe dlí agus seirbhísí ceartúcháin, agus na seirbhísí seo a leanas a mhéid is seirbhísí sóisialacha iad arna mbunú nó arna gcothabháil chun críche poiblí: slándáil ioncaim agus árachas, slándáil shóisialta, leas sóisialta, oideachas poiblí, oiliúint phoiblí, sláinte agus cúram leanaí[2]. |

[1] Ní bheidh feidhm ag an bhforchoimeádas sin, a mhéid a bhaineann leis an neamhréireacht, maidir leis na fo-earnálacha agus na modhanna a gheall Peiriú ina Sceideal Gealltanas ó 1994 (GATS/SC/69) ná maidir leis na modhnuithe a rinne Peiriú i ndoiciméid GATS/SC/69/Suppl.1 agus GATS/SC/Suppl.2 de GATS.

[2] Idem, fonóta 1.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | Oibrithe eachtrannacha a fhostú<br>Féadfaidh na haistrithe ionchorparáideacha, chomh maith leis na hoiliúnaithe iarchéime, seirbhísí a sholáthar i bPeiriú faoi réir na mbeart seo a leanas:<br>– ní mór conradh saothair a bheith acu dhéantar i bhfoirm scríofa le tréimhse shocraithe agus ní mór don Aireacht Saothair (‘Ministerio de Trabajo’) é a fhormheas roimhe ré mar choinníoll chun údarú dul isteach mar oibrí a fháil;<br>– is é 3 bliana uastréimhse an chonartha, agus féadfar síneadh a chur léi ina dhiaidh sin go ceann tréimhsí ama comhchosúla;<br>– gealltanas oiliúint a chur ar phearsanra náisiúnta sa ghairm chéanna;<br>– tabharfaidh gach fostóir i bPeiriú, neamhspleách ar a ngníomhaíocht nó ar a náisiúntacht, cóir fhabhrach do náisiúnaigh nuair a bheidh a fhostaithe á bhfostú acu; agus<br>– ní fhéadfaidh níos mó ná 20 faoin gcéad de líon iomlán na bhfostaithe i bhfiontar a bheith ina ndaoine nádúrtha eachtracha, ná ní fhéadfaidh a bpá a bheith níos mó ná 30 faoin gcéad den phárolla iomlán do phá agus tuarastail.<br><br>Ní bheidh feidhm ag na céatadáin sin sna cásanna seo a leanas:<br>– nuair is é céile, tuismitheoir, leanbh nó siblín ag náisiúnach de Pheiriú an náisiúnach eachtrach atá ag soláthar na seirbhíse;<br>– nuair atá an pearsanra ag obair d’fhiontar eachtrach a sholáthraíonn seirbhísí iompair idirnáisiúnta talún, aeir agus uisce faoi bhratach agus clárú eachtrach;<br>– nuair a oibríonn an pearsanra eachtrach i mbanc ilnáisiúnta nó i bhfiontar a chuireann seirbhísí ilnáisiúnta ar fáil, faoi réir na ndlíthe lena rialaítear cásanna sonracha;<br>– i gcás infheisteoir coigríche, ar choinníoll go gcoimeádann a infheistíocht go buan i bPeiriú cúig cinn de Chraobh-Aonaid Cánach ar a laghad ‘UITs — Unidad Impositiva Tributaria’ le linn shaol a chonartha[3];<br>– i gcás ealaíontóirí, lúthchleasaithe nó soláthraithe seirbhíse eile atá ag gabháil do thaibhithe poiblí i gcríoch Pheiriú, ar feadh 3 mhí ar a mhéad in aghaidh na bliana;<br>– i gcás ina bhfuil víosa inimirceach ag náisiúnach eachtrach;<br>– i gcás náisiúnach eachtrach a bhfuil cómhalartacht saothair ag a thír thionscnaimh nó comhaontú dénáisiúntachta le Peiriú; agus<br>– nuair a sholáthraíonn pearsanra eachtrach seirbhísí i bPeiriú faoi chomhaontú déthaobhach nó iltaobhach arna thabhairt i gcrích ag Rialtas Pheiriú. |

[3] Is é atá sa Chraobh-Aonad Cánach aonad a úsáidtear mar thagairt i rialacha cánachais chun an bonn cánach, asbhaintí, teorainneacha tionchair agus gnéithe eile den cháin a mheasann an reachtóir a bheith áisiúil a choinneáil i luachanna tairiseacha.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| | Féadfaidh fostóirí tarscaoileadh a iarraidh do na céatadáin a bhaineann le líon na bhfostaithe eachtracha agus a scair de phárolla na cuideachta sna cásanna sin a bhaineann leis an méid seo a leanas:<br>– sainphearsanra gairmiúil nó teicniúil;<br>– stiúrthóirí nó pearsanra bainistíochta le haghaidh gníomhaíocht ghnó nua nó gníomhaíocht ghnó ath-thiontaithe;<br>– múinteoirí fostaithe le haghaidh oideachas iar-mheánscoile, nó le haghaidh bunscoileanna agus ardscoileanna príobháideacha eachtracha; nó le haghaidh teagasc teanga i scoileanna príobháideacha áitiúla; nó le haghaidh sainionaid teanga;<br>– pearsanra atá ag obair d'fhiontair phoiblí nó phríobháideacha a bhfuil comhaontuithe conarthacha acu le heagraíochtaí poiblí, institiúidí poiblí nó fiontair phoiblí; agus<br>– in aon chás eile arna chinneadh le Foraithne Uachtarach de bhun critéir speisialtóireachta, cháilíochta nó taithí.<br><br>Féadfaidh Peiriú a cheangal ar náisiúnach de chuid an Pháirtí eile atá ag lorg dul isteach go sealadach i bPeiriú faoin Roinn seo, víosa nó ceanglas coibhéiseach a fháil roimh dhul isteach dó.<br><br>Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, coinníonn an ghníomhaireacht imirce an t-údarás ar bun chun an t-údarú le haghaidh dul isteach sealadach nó fanacht sealadach na ndaoine a chumhdaítear faoin Roinn seo a dheonú nó a dhiúltú.<br><br>Na hAmharcealaíona, na Físealaíona, an Ceol agus an Fhoilsitheoireacht<br>Forchoimeádann Peiriú an ceart é a leagan síos mar choinníoll, i gcás aon bheart a bheith á ghlacadh nó a choinneáil ar bun chun tacaíocht rialtais a fháil nó a chóiméad d'fhorbairt agus do tháirgeadh dearadh seodra, na n-amharcealaíon, na bhfísealaíon, an cheoil, agus na foilsitheoireachta, go mbainfeadh an faighteoir leibhéal nó céatadán áirithe d'ábhar cruthaitheach intíre amach.<br><br>Tionscal Closamhairc, Foilsitheoireacht agus Ceol<br>Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena dtugtar do dhuine nádúrtha nó do dhuine dlítheanach de chuid an Pháirtí eile an chóir a chuireann an Páirtí eile sin ar dhaoine nádúrtha nó dlíthiúla i bPeiriú in earnálacha an chlosamhairc, na foilsitheoireachta agus an cheoil. |
| 1. SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. SEIRBHÍSÍ GAIRMIÚLA | D'fhonn seirbhísí gairmiúla a sholáthar i bPeiriú, ní mór dioplómaí a fuarthas thar lear a bheith aitheanta ag an údarás inniúil i bPeiriú. Is gá cónaí a bheith ar dhuine i bPeiriú, gan aon idirdhealú náisiúntachta, chun a dhioplómaí a aithint. Thairis sin, i roinnt gairmeacha ceanglaítear ar dhuine a bheith ina chomhalta gníomhach den chomhlacht gairmiúil ábhartha chun an ghairm a chleachtadh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| (a) Seirbhísí Dlí<br>(CPC 861) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas go mbraitheann líon na bpost mar nótaire ar líon na n-áitritheoirí i ngach cathair.<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas nach bhféadfaidh ach náisiúnaigh de Pheiriú a rugadh i bPeiriú cleachtadh mar nótaire. |
| (b) Seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta agus leabharchoimeádta<br>(CPC 862) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas go gcomhdhéanfar cumainn iniúchóireachta go heisiach ag cuntasóirí poiblí atá ceadúnaithe agus ina gcónaí sa tír agus atá cáilithe go cuí ag Bord Cuntasóirí Poiblí Lima ('*Colegio de Contadores Públicos de Lima*'). Ní fhéadfaidh aon chomhpháirtí a bheith ina chomhalta de chumann iniúchóireachta eile i bPeiriú. |
| (d) Seirbhísí ailtireachta<br>(CPC 8671) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil.<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas go bhféadfadh difríocht a bheith i méid na táille clárúcháin le haghaidh na bPeiriúch agus le haghaidh eachtrannach. Ní fhéadfaidh cion na difríochta sin a bheith níos mó ná 12. Ar mhaithe le trédhearcacht níos fearr, is iad seo a leanas na táillí clárúcháin atá ann faoi láthair:<br>(a) US$250 do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil de chuid Pheiriú aige;<br>(b) US$400 do náisiúnach do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil eachtrach aige; nó<br>(c) US$3 000 do náisiúnach eachtrach agus céim ó ollscoil eachtrach aige.<br>Chomh maith leis sin, ní mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil. |
| (g) Pleanáil uirbeach agus ailtireacht tírdhreacha seirbhísí<br>(CPC 8674) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil.<br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas go bhféadfadh difríocht a bheith i méid na táille clárúcháin le haghaidh na bPeiriúch agus le haghaidh eachtrannach. Ní fhéadfaidh cion na difríochta sin a bheith níos mó ná 12. Ar mhaithe le trédhearcacht níos fearr, is iad seo a leanas na táillí clárúcháin atá ann faoi láthair:<br>(a) US$250 do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil de chuid Pheiriú aige;<br>(b) US$400 do náisiúnach do náisiúnach de Pheiriú agus céim ó ollscoil eachtrach aige; nó<br>(c) US$3 000 do náisiúnach eachtrach agus céim ó ollscoil eachtrach aige.<br>Chomh maith leis sin, ní mór d'ailtirí eachtracha neamhchónaitheacha conradh comhlachais a bheith acu le hailtire Peiriúch atá ina chónaí i bPeiriú chun clárú sealadach a fháil. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. SEIRBHÍSÍ TAIGHDE AGUS FORBRAÍOCHTA (CPC 85) | MA: Forchoimeádas ar bith, seachas go bhféadfadh gá a bheith le cead oibríochta nó údaraithe agus go bhféadfadh an t-údarás inniúil a shonrú nach mór ionadaí amháin nó níos mó ar ghníomhaíochtaí ábhartha i bPeiriú a bheith páirteach sa turas taiscéalaíochta, chun páirt a ghlacadh sa staidéar agus chun eolas a chur ar an staidéar agus ar a raon feidhme.<br><br>NT: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór do thionscadail taighde seandálaíochta faoi cheannas seandálaithe eachtracha seandálaí Peiriúch a fhostú a bhfuil taithí chreidiúnaithe aige agus atá cláraithe i gClárlann Náisiúnta na Seandálaithe mar chomhstiúrthóir eolaíochta nó mar fho-stiúrthóir ar an tionscadal. Beidh an comhstiúrthóir agus an fo-stiúrthóir rannpháirteach i gcur i gcrích iomlán an tionscadail (obair allamuigh agus oifige). |
| F. SEIRBHÍSÍ GNÓ EILE | |
| (a) Seirbhísí fógraíochta (CPC 871) | MA, NT: Forchoimeádas ar bith, seachas nach mór 80 faoin gcéad ar a laghad d'ealaíontóirí náisiúnta a bheith i bhfógraíocht tráchtála a tháirgtear i bPeiriú. Gheobhaidh ealaíontóirí náisiúnta 60 faoin gcéad ar a laghad den phárolla iomlán le haghaidh pá agus tuarastal a íoctar le healaíontóirí. Rialóidh na céatadáin chéanna a leagtar síos sna míreanna roimhe seo obair an phearsanra theicniúil a bhaineann le fógraíocht tráchtála. |
| (g) Seirbhísí a bhaineann leis an iascaireacht (CPC 882) | MA, NT: Ní mór do shoithí iascaireachta a bhfuil bratach eachtrach ar foluain acu agus a bhfuil cead iascaireachta acu breathnóir teicniúil eolaíoch a bheith ar bord acu arna cheapadh ag Institiúid Mhara Pheiriú ('IMARPE - *Instituto del Mar del Perú*'). Ní mór d'úinéir na loinge cóiríocht a chur ar fáil ar bord don ionadaí sin agus stipinn laethúil, nach mór a thaisceadh i gcuntas speisialta atá le riar ag IMARPE.<br>Ní mór d'úinéirí long soithí iascaireachta a bhfuil bratach eachtrach acu agus a oibríonn in uiscí dlínse Pheiriú 30 faoin gcéad ar a laghad de chriú Peiriúch a fhruiliú, faoi réir na reachtaíochta náisiúnta is infheidhme.<br>Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a bhaineann le hiascaireacht ar mhionscála a ghlacadh nó a choinneáil ar bun. |
| (l) Imscrúdú agus slándáil (CPC 873) | NT: Forchoimeádas ar bith seachas go gcaithfidh daoine a fhostaítear mar fhaireoirí slándála a bheith ina náisiúnaigh de Pheiriú a rugadh i bPeiriú. Ní mór don bhainisteoir sinsearach fiontair a sholáthraíonn seirbhísí slándála a bheith ina náisiúnach de Pheiriú a rugadh i bPeiriú agus ní mór dó a bheith ina chónaí i bPeiriú. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 5. SEIRBHÍSÍ OIDEACHAIS | Níl feidhm ag na gealltanais faoin roinn seo maidir leis na seirbhísí oideachais poiblí ná leis an oiliúint phoiblí.<br>Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le daoine nádúrtha a chuireann seirbhísí oideachais ar fáil, lena n-áirítear múinteoirí agus pearsanra cúnta a dhéanann seirbhísí oideachais i mbunoideachas agus in oideachas níos fearr lena n-áirítear '*educación técnico productiva*' (oiliúint theicniúil agus tháirgiúil) chomh maith le daoine eile a chuireann seirbhísí a bhaineann le hoideachas ar fáil lena n-áirítear urraitheoirí institiúidí oideachais ar aon leibhéal nó ag aon chéim den chóras oideachais. |
| A. SEIRBHÍSÍ BUNOIDEACHAIS (CPC 921)<br><br>B. SEIRBHÍSÍ MEÁNOIDEACHAIS (CPC 922)<br><br>C. SEIRBHÍSÍ ARDOIDEACHAIS (CPC 923)<br><br>D. OIDEACHAIS AOSACH (CPC 924) | MA: Neamhcheangailte |
| 6. SEIRBHÍSÍ COMHSHAOIL | MA: Neamhcheangailte<br>NT: Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun maidir leis an bpríomhphearsanra agus na hoiliúnaithe iarchéime i soláthar poiblí uisce inólta agus seirbhísí séarachais poiblí. |
| 7. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS | NT: Féadfaidh Peiriú a cheangal go gcaithfidh riarthóirí soláthraí seirbhísí airgeadais a bheith ina gcónaitheoirí i bPeiriú, agus go mbeidh mionlach den bhord stiúrthóirí comhdhéanta de náisiúnaigh de Pheiriú, atá ina gcónaí go pearsanta i gcríoch Pheiriú, nó teaglaim díobh. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 10. ÁINEAS, CULTÚR AGUS SPÓRT<br>SEIRBHÍSÍ SPÓIRT | |
| A. SEIRBHÍSÍ SIAMSAÍOCHTA | MA, NT: ní mór 80 faoin gcéad ar a laghad d'ealaíontóirí náisiúnta a bheith in (a) aon léiriú closamhairc ealaíne baile agus (b) aon taibhiú beo ealaíne baile. Gheobhaidh ealaíontóirí náisiúnta 60 faoin gcéad ar a laghad den phárolla iomlán le haghaidh pá agus tuarastal a íoctar le healaíontóirí. Rialóidh na céatadáin chéanna a leagtar síos sna míreanna roimhe seo obair an phearsanra theicniúil a bhfuil baint acu le gníomhaíochtaí ealaíne.<br>Is féidir le sorcas eachtrach fanacht i Peiriú leis an gcliar bunaidh ar feadh 90 lá ar a mhéad. Féadfar an tréimhse sin a fhadú ar feadh na tréimhse céanna. Má dhéantar í a leathnú, áireofar ar an sorcas eachtrach ar a laghad 30 faoin gcéad de náisiúnaigh de Pheiriú mar ealaíontóirí agus 15 faoin gcéad náisiúnaigh de Pheiriú mar theicneoirí. Beidh feidhm ag na céatadáin chéanna maidir le párolla tuarastal agus pá.<br>Is féidir le healaíontóirí eachtracha an 20 faoin gcéad eile a thaibhiú ar choinníoll go ndeimhneoidh siad go bhfuil conradh acu a rinneadh sular tháinig siad isteach sa tír, go bhfuil víosa ealaíontóra acu agus go bhfuil an pas idircheardchumainn comhfhreagrach acu.<br>Ní chuirfear na céatadáin a bhaineann le taibhiú beo ealaíne baile (dá dtagraítear in (b)) i bhfeidhm i gcás taibhithe arna ndéanamh ag cléir choigríche arna bhfruiliú amhlaidh lasmuigh de Pheiriú ar choinníoll gurb ionann a dtaibhiú agus an saothar nó an tsiamsaíocht ar fad agus go bhfuil siad cáilithe go cuí mar thaibhiú cultúrtha.<br>Ní mór do tharbhchomhraiceoir amháin ar a laghad de náisiúntacht Pheiriú páirt a ghlacadh in aon imeacht tarbhchomhraic. Ní mór do tharbhchomhraiceoir printíseach amháin ar a laghad de náisiúntacht Pheiriú páirt a ghlacadh i dtroideanna a bhfuil baint acu le tairbh óga. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| 11. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR | |
| A. SEIRBHÍSÍ MUIRIOMPAIR<br><br>Iompar idirnáisiúnta (lasta agus paisinéirí) (CPC 7211 agus 7212)<br>Seachas cabatáiste (mar a shainmhínítear i mír 1 de Nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo)<br><br>B. IOMPAR AR UISCEBHEALAÍ INMHEÁNACHA<br>(iompar idirnáisiúnta amháin)<br><br>– Iompar paisinéirí CPC 7221)<br>– Iompar lasta (CPC 7222)<br>Seachas cabatáiste (mar a shainmhínítear i mír 1 de Nóta 1 a ghabhann leis an Roinn seo) | – Ní mór do chathaoirleach an bhoird stiúrthóirí, tromlach na stiúrthóirí, agus an Bainisteoir Ginearálta a bheith ina náisiúnaigh de Pheiriú agus ina gcónaí i bPeiriú.<br>– Ní mór do chaptaen agus criú uile soithí a bhfuil bratach Pheiriú ar foluain acu a bheith ina náisiúnaigh de Pheiriú agus iad údaraithe ag an 'Dirección General de Capitanías y Guardacostas'. I gcásanna eisceachtúla agus tar éis a fhionnadh nach bhfuil aon phearsanra cáilithe Peiriúch a bhfuil taithí acu ar an gcineál sin soithigh ar fáil, d'fhéadfaí náisiúnaigh eachtracha a fhostú go dtí uasmhéid 15 faoin gcéad den chriú iomlán, agus ar feadh tréimhse theoranta ama. Ní bhaineann an eisceacht dheireanach sin le captaen an tsoithigh.<br>– Ní fhéadfaidh ach náisiúnach de Pheiriú a bheith ina phíolóta ceadúnaithe cuan. |
| F. SEIRBHÍSÍ IOMPAIR DE BHÓTHAR | |
| (a) Iompar paisinéirí<br>(CPC 7121+7122)<br><br>(b) Iompar lasta<br>(CPC 7123)<br><br>Seachas iompar cabatáiste de bhóthar | Forchoimeádann Peiriú an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun a bhaineann le hiompar idirnáisiúnta ar thalamh lasta nó paisinéirí i limistéir teorann. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR | |
| A. SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON MHUIRIOMPAR<br><br>B. SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR AR UISCEBHEALAÍ INTÍRE | NT: Ní fhéadfaidh ach saoránaigh de Pheiriú clárú i gClárlann na nOibrithe Calafoirt. Is duine nádúrtha é oibrí calafoirt a dhéanann, faoi stiúir fostóir calafoirt, seirbhísí sonracha a mbíonn cúraimí i gceist leo a bhaineann le hobair chalafoirt amhail: stíbheadóir, 'tarjador;, 'winchero', 'gruero', 'portalonero', 'levantador de costado de nave', i measc nithe eile a bhunaítear i ngach calafort de réir fhoralálacha an dlí.<br><br>I gcás seirbhísí imréitigh custaim, ní mór don ionadaí dlíthiúil agus do gach Stiúrthóir agus Bainisteoir a bheith ina gcónaí i bPeiriú. Ní mór don ionadaí dlíthiúil corparáideach a bheith ina náisiúnach de Pheiriú. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní gá gurb é an t-ionadaí dlíthiúil corparáideach Bainisteoir Ginearálta na bhfiontar imréitigh custaim. |
| C. SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR IARNRÓID | I gcás seirbhísí imréitigh custaim, ní mór don ionadaí dlíthiúil agus do gach Stiúrthóir agus Bainisteoir a bheith ina gcónaí i bPeiriú. Ní mór don ionadaí dlíthiúil corparáideach a bheith ina náisiúnach de Pheiriú. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní gá gurb é an t-ionadaí dlíthiúil corparáideach Bainisteoir Ginearálta na bhfiontar imréitigh custaim. |
| D. SEIRBHÍSÍ CÚNTA DON IOMPAR DE BHÓTHAR | I gcás seirbhísí imréitigh custaim, ní mór don ionadaí dlíthiúil agus do gach Stiúrthóir agus Bainisteoir a bheith ina gcónaí i bPeiriú. Ní mór don ionadaí dlíthiúil corparáideach a bheith ina náisiúnach de Pheiriú. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní gá gurb é an t-ionadaí dlíthiúil corparáideach Bainisteoir Ginearálta na bhfiontar imréitigh custaim. |
| E. SEIRBHÍSÍ CÚNTA DO SHEIRBHÍSÍ AERIOMPAIR | I gcás seirbhísí imréitigh custaim, ní mór don ionadaí dlíthiúil agus do gach Stiúrthóir agus Bainisteoir a bheith ina gcónaí i bPeiriú. Ní mór don ionadaí dlíthiúil corparáideach a bheith ina náisiúnach de Pheiriú. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní gá gurb é an t-ionadaí dlíthiúil corparáideach Bainisteoir Ginearálta na bhfiontar imréitigh custaim. |
| SEIRBHÍSÍ FUINNIMH<br>SEIRBHÍSÍ A BHAINEANN LE TAISCÉALAÍOCHT AGUS TÁIRGEADH | Chun conarthaí taiscéalaíochta a dhéanamh, ní mór d'fhiontair eachtracha brainse nó cuideachta a bhunú i gcomhréir leis an *Ley General de Sociedades*, ní mór sainchónaí a bheith orthu i bpríomhchathair Phoblacht Pheiriú, agus ní mór dóibh náisiúnach de Pheiriú a cheapadh mar ionadaí. Ní mór do dhaoine nádúrtha eachtracha a bheith cláraithe sa Chlárlann Phoiblí agus gníomhaire a cheapadh ar náisiúnach de Pheiriú é agus atá ina chónaí i bpríomhchathair Phoblacht Pheiriú. |

FOSCRÍBHINN 2

FORCHOIMEÁDAIS MAIDIR LE SOLÁTHRÓIRÍ SEIRBHÍSÍ CONARTHACHA AGUS GAIRMITHE NEAMHSPLEÁCHA
(dá dtagraítear in Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú seo)

ROINN A

AN CHOLÓIM

1. Léirítear sa liosta forchoimeádas thíos na hearnálacha seirbhísí arna léirscaoileadh ag an gColóim de bhun Airteagail 126 agus 127 de Theideal IV (Trádáil i Seirbhísí, Bunaíocht agus Tráchtáil Leictreonach) den Chomhaontú seo agus a bhfuil feidhm ag teorainneacha ar sholáthraithe seirbhíse conarthacha agus gairmithe neamhspleácha maidir leo. Tá an liosta comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

(a) an chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina bhfuil feidhm ag teorainneacha;

(b) an dara colún lena ndéantar tuairisc ar na forchoimeádais is infheidhme.

2. Ní ghabhann an Cholóim aon ghealltanas uirthi féin i ndáil le príomhphearsanra ná oiliúnaithe iarchéime i ngníomhaíochtaí eacnamaíocha nach bhfuil léirscaoilte (atá fós neamhcheangailte) de bhun Airteagail 126 agus 127 den Chomhaontú seo.

3. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair a shainaithint:

(a) Ciallaíonn 'ISIC rev 3.1' an Rangúchán Tionsclaíoch Caighdeánach Idirnáisiúnta i dtaca le gach Gníomhaíocht Eacnamaíoch mar atá leagtha amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M Uimh. 4, ISIC REV 3.1, 2002.

(b) Ciallaíonn 'CPC' an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991.

4. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta, ná bearta maidir le coinníollacha fostaíochta, oibre agus slándála sóisialta nuair nach teorannú iad de réir bhrí Airteagail 112 agus 113 den Chomhaontú seo. Na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas a fháil, an gá aitheantas a fháil ar cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, an gá sainchónaí dlíthiúil a bheith acu sa chríoch ina ndéantar an ghníomhaíocht eacnamaíoch, an gá rialacháin agus cleachtais náisiúnta maidir le pá íosta agus comhaontuithe pá comhchoiteanna sa tír óstach a chomhlíonadh), fiú mura bhfuil siad liostaithe, tá feidhm acu in aon chás maidir le príomhphearsanra agus le hoiliúnaithe iarchéime infheisteoirí an Pháirtí eile.

5. I gcomhréir le hAirteagal 107, mír 3 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

6. Tá an liosta thíos gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha mar a thuairiscítear sa liosta gealltanas maidir le bunaíocht.

7. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta gealltanas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL | Mionlaigh agus grúpaí eitneacha<br><br>Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de réir cearta nó roghanna do mhionlaigh agus do ghrúpaí eitneacha atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta nó eacnamaíoch, lena n-áirítear maidir leis na tailte comhchoiteanna atá i seilbh grúpaí eitneacha i gcomhréir le hAirteagal 63 den Constitución Política de Colombia. Iad seo a leanas na grúpaí eitneacha sa Cholóim: daoine dúchasacha agus Róm, pobail Afracacha-Colómacha agus pobal Raizal Oileánra San Andrés, Providencia agus Santa Catalina. |
| GACH EARNÁIL | Léirithe Traidisiúnta<br><br>Forchoimeádann an Cholóim an ceart chun aon bheart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun de réir cearta nó fabhar do phobail áitiúla maidir le tacaíocht agus forbairt léirithe a bhaineann le hoidhreacht chultúrtha dholáimhsithe a dhearbhaítear de bhun Resolución Uimh. 0168 de 2005. |
| GACH EARNÁIL | Ní mór d'aon fhostóir a bhfuil foireann de níos mó ná deichniúr fostaithe aige an Cholómaigh a fhostú i gcion nach lú ná 90 faoin gcéad d'fhoireann na ngnáthfhostaithe agus 80 faoin gcéad ar a laghad de na fostaithe oilte nó de na speisialtóirí oilte, den fhoireann riaracháin nó de na daoine i bpoist freagrachta. |
| GACH EARNÁIL | Ní fhéadfaidh ach daoine nádúrtha nó dlíthiúla lena bpríomhoifig i saorphort San Andrés, Providencia, agus Santa Catalina seirbhísí a sholáthar sa réigiún seo. |
| 6. . SEIRBHÍSÍ GNÓ | |
| A. Seirbhísí Gairmiúla | |
| (b) 1. Seirbhísí Cuntasaíochta agus Leabharchoimeádta<br>(CPC 862)<br><br>(c) Seirbhísí comhairleacha cánachais<br>(CPC 863) | Ní fhéadfaidh ach daoine atá cláraithe le *Junta Central de Contadores* cleachtadh mar chuntasóirí. Ní mór sainchónaí leanúnach a bheith ar náisiúnach eachtrach sa Cholóim ar feadh 3 bliana ar a laghad roimh an iarraidh ar chlárú agus ní mór taithí chuntasaíochta a bheith léirithe aige a rinneadh i gcríoch na Colóime ar feadh tréimhse nach lú ná bliain amháin. Féadfar an taithí sin a fháil le linn staidéar cuntasaíochta poiblí nó ina dhiaidh sin. |

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| C. Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta | |
| (a) Seirbhísí Taighde agus Forbraíochta sna heolaíochtaí fisiciúla | Ní foláir d’aon duine eachtrach a bheartaíonn taighde eolaíoch a dhéanamh ar an éagsúlacht bhitheolaíoch i gcríoch na Colóime taighdeoir amháin ar a laghad de chuid na Colóime a dhéanamh páirteach sa taighde nó san anailís ar thorthaí an taighde.<br><br>Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní thugtar aghaidh leis an mbeart seo ar chearta aon duine i ndáil le taighde nó anailís eolaíochta. |
| 12. SEIRBHÍSÍ AIRGEADAIS<br><br>A. Árachas agus seirbhísí atá gaolmhar leis an árachas | Ní fhéadfaidh náisiúnach eachtrach a bhfuil cónaí air sa Cholóim le níos lú ná bliain seirbhísí a sholáthar sa Cholóim mar ghníomhaire árachais. |
| 15. SEIRBHÍSÍ ÁINEASA, CULTÚIR AGUS SPÓIRT (seachas seirbhísí closamhairc)<br><br>B. Seirbhísí áisíneachta nuachta (CPC 962) | Caithfidh stiúrthóir nó bainisteoir ginearálta nuachtáin arna fhoilsiú sa Cholóim a dhíríonn ar pholaitíocht na Colóime a bheith ina náisiúnach den Cholóim. |

ROINN B

PÁIRTÍ AE

Úsáidtear na giorrúcháin seo a leanas:

| | |
|---|---|
| AT | An Ostair |
| BE | An Bheilg |
| BG | An Bhulgáir |
| CY | An Chipir |
| CZ | Poblacht na Seice |
| DE | An Ghearmáin |
| DK | An Danmhairg |
| ES | An Spáinn |
| EE | An Eastóin |
| AE | an tAontas Eorpach, lena Bhallstáit uile san áireamh |
| FI | An Fhionlainn |
| FR | An Fhrainc |
| EL | An Ghréig |
| HU | An Ungáir |
| IE | Éire |
| IT | An Iodáil |
| LV | an Laitvia |
| LT | An Liotuáin |
| LU | Lucsamburg |
| MT | Málta |
| NL | an Ísiltír |
| PL | An Pholainn |
| PT | An Phortaingéil |

RO An Rómáin

SK Poblacht na Slóvaice

SI An tSlóivéin

SE An tSualainn

UK an Ríocht Aontaithe

1. Léirítear sa liosta forchoimeádas thíos na hearnálacha seirbhísí atá léirscaoilte ag an bPáirtí AE de bhun Airteagail 126, míreanna 2 agus 3 agus 127, míreanna 2 agus 3 den Chomhaontú seo agus na teorainneacha idirdhealaitheacha sonracha a bhfuil feidhm acu maidir leis.

   Tá na liostaí comhdhéanta de na heilimintí seo a leanas:

   (a) an chéad cholún lena léirítear an earnáil nó an fho-earnáil ina bhfuil feidhm ag teorainneacha; agus

   (b) an dara colún lena ndéantar tuairisc ar na teorainneacha is infheidhme;

   I gcás nach mbeidh feidhm ag aon teorainneacha sonracha, seachas na teorainneacha sin a shonraítear i dTeideal IV den Chomhaontú seo, maidir le soláthróirí seirbhíse conarthacha (dá ngairtear 'SSC' anseo feasta) agus gairmithe neamhspleácha (dá ngairtear 'GN anseo feasta), inscríobhtar 'forchoimeádas as bith' in aice leis an mBallstát nó leis na Ballstáit ábhartha de chuid an Aontais Eorpaigh.

2. Maidir le hearnálacha agus fo-earnálacha aonair shainaithint: Ciallaíonn CPC an tAicmiú Lárnach Táirgí mar a leagtar amach in Oifig Staidrimh na Náisiún Aontaithe, Páipéir Staidrimh, Sraith M, Uimh. 77, CPC sealadach, 1991.

3. Ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le ceanglais agus nósanna imeachta cáilithe, caighdeáin theicniúla agus ceanglais cheadúnúcháin agus nósanna imeachta, ná bearta maidir le coinníollacha fostaíochta, oibre agus slándála sóisialta nuair nach teorannú idirdhealaitheach iad de réir bhrí Airteagail 126, míreanna 2 agus 3 agus 127, míreanna 2 agus 3 agus Airteagal 127, míreanna 2 agus 3 den Chomhaontú seo. Na bearta sin (e.g. an gá ceadúnas a fháil, an gá aitheantas a fháil ar cháilíochtaí in earnálacha rialáilte, pas a fháil i scrúduithe sonracha, lena n-áirítear scrúduithe teanga, an gá sainchónaí dlíthiúil a bheith acu áit a ndéantar an ghníomhaíocht, an gá rialacháin agus cleachtais náisiúnta maidir le pá íosta agus comhaontuithe pá comhchoiteanna sa tír óstach a chomhlíonadh), fiú mura bhfuil siad liostaithe, tá feidhm acu in aon chás maidir le CSS agus IP de chuid Páirtí eile.

4. I gcomhréir le hAirteagal 107, mír 3 den Chomhaontú seo, ní áirítear sa liosta thíos bearta a bhaineann le fóirdheontais arna ndeonú ag na Páirtithe.

5. Leanfaidh gach ceanglas a bhaineann le dlíthe agus rialacháin an Aontais Eorpaigh agus a Bhallstát maidir le bearta iontrála, fanachta, oibre agus slándála sóisialta d'fheidhm a bheith acu, lena n-áirítear rialacháin a bhaineann le tréimhse fanachta, pá íosta chomh maith le comhaontuithe comhchoiteanna pá, fiú mura liostaítear thíos iad.

6. Tá an liosta thíos gan dochar do mhonaplachtaí poiblí agus cearta eisiacha mar a thuairiscítear sa liosta gealltanas maidir le bunaíocht.

7. Sna hearnálacha sin ina gcuirtear tástálacha riachtanas eacnamaíoch i bhfeidhm, is iad a bpríomhchritéir measúnú a dhéanamh ar staid ábhartha an mhargaidh sa Bhallstát den Aontas Eorpach nó sa réigiún ina bhfuil an tseirbhís le soláthar, lena n-áirítear maidir le líon na soláthróirí seirbhísí atá ann cheana agus an tionchar orthu.

8. Ní bheidh aon éifeacht féin-fhorghníomhaithe ag na cearta agus na hoibleagáidí a eascraíonn as an liosta forchoimeádas sin agus dá bhrí sin ní thabharfar aon chearta go díreach leo do dhaoine nádúrtha aonair ná do dhaoine dlítheanacha aonair.

9. Ní bheidh feidhm ag gealltanais maidir le CSS agus IP i gcásanna inarb é aidhm nó éifeacht a láithreachta sealadaí cur isteach ar thoradh aon díospóide nó idirbheartaíochta saothair nó bainistíochta, nó difear a dhéanamh dóibh ar shlí eile.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| GACH EARNÁIL[1] | Idirthréimhsí<br>BG, RO: Tiocfaidh na gealltanais i bhfeidhm le héifeacht ón 1 Eanáir 2014.<br><br>AT, BE, DE, DK, EL, ES, FI, FR, IE, IT, LU, NL, PT, SE, UK: Forchoimeádas ar bith.<br><br>Aitheantas<br><br>AE: Níl feidhm ag na treoracha ón Aontas Eorpach maidir le haitheantas frithpháirteach dioplómaí ach maidir le náisiúnaigh den Bhallstáit den Aontas Eorpach. Leis an gceart chun seirbhís ghairmiúil rialáilte a chleachtadh i mBallstát amháin den Aontas Eorpach, ní dheonaítear an ceart chun cleachtadh i mBallstát eile den Aontas Eorpach[2]. |
| Seirbhísí Comhairleacha Dlí maidir le dlí idirnáisiúnta poiblí agus dlí eachtrach (i.e dlí seachas dlí an Aontais Eorpaigh)<br>(cuid de CPC 861)[3] | AT, CY, DE, EE, IE, LU, NL, SE, UK: Forchoimeádas ar bith.<br>ES, IT, EL, PL: Tástáil riachtanas eacnamaíoch le haghaidh IP.<br>LV: Tástáil riachtanas eacnamaíoch le haghaidh CSS.<br>BE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás CSS nuair a bhíonn an pá bliantúil os cionn an méid atá sainithe ag na dlíthe agus na rialacháin ábhartha.<br>BG, CZ, DK, FI, HU, LT, MT, PT, RO, SI, SK: Tástálacha riachtanas eacnamaíoch.<br>DK: Tá margaíocht gníomhaíochtaí comhairle dlí teoranta do dhlíodóirí a bhfuil ceadúnas Danmhargach cleachtaidh acu. Ceanglas maidir le scrúdú dlí Danmhargach d'fhonn ceadúnas Danmhargach a fháil.<br>FR: Tá cead isteach iomlán (simplithe) chuig an mBarra ag teastáil trí thriail inniúlachta. |
| Seirbhísí Cuntasaíochta agus Leabharchoimeádta<br>(CPC 86212 seachas 'seirbhísí iniúchóireachta', CPC 86213, CPC 86219 agus CPC 86220) | CY, DE, EE, ES, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE, UK: Forchoimeádas ar bith.<br>AT: Ní mór don fhostóir a bheith ina bhall den chomhlacht gairmiúil ábhartha sa tír bhaile ina bhfuil a leithéid de chomhlacht.<br>BE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás CSS nuair a bhíonn an pá bliantúil os cionn an méid atá sainithe ag na dlíthe agus na rialacháin ábhartha.<br>FR: Ceanglais údarúcháin.<br>BG, CZ, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, PT, RO, SK: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha. |

[1] Nóta maidir le trédhearcacht le haghaidh BE: i gcás inarb iomchuí, tá an méid bliantúil pá socraithe faoi láthair ag 33,677 (Márta 2007).

[2] Ionas gur féidir le náisiúnaigh tríú tír aitheantas a fháil ar fud an Aontais Eorpaigh dá gcáilíochtaí, is gá Comhaontú um Aitheantas Frithpháirteach arna chaibidil laistigh den chreat a shainítear in Airteagal 129 den Chomhaontú seo.

[3] Tá soláthar na seirbhísí seo, amhail soláthar seirbhísí eile, faoi réir ceanglais agus nósanna imeachta ceadúnaithe is infheidhme i mBallstáit an Aontais Eorpaigh. D'fhéadfadh sé gurb é a bheadh iontu *inter alia* cóid eitice áitiúla a chomhlíonadh, teideal baile a úsáid (ach amháin má tá aitheantas leis an teideal óstach faighte) ceanglais árachais, clárú simplí le Barra na tíre óstaí nó ligean isteach simplithe i mBarra na tíre óstaí trí thástáil inniúlachta agus sainchónaí dlíthiúil nó gairmiúil sa tír óstach.

| Earnáil nó fo-earnáil | Tuairisc ar na forchoimeádais |
|---|---|
| Seirbhísí Comhairleacha Cánachais (CPC 863)[4] | CY, DE, EE, ES, FR, IE, IT, LU, NL, PL, SI, SE, UK: Forchoimeádas ar bith.<br>AT: Ní mór don fhostóir a bheith ina bhall den chomhlacht gairmiúil ábhartha sa tír bhaile ina bhfuil a leithéid de chomhlacht; coinníoll náisiúntachta le haghaidh ionadaíocht os comhair údarás inniúil.<br>BE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás CSS nuair a bhíonn an pá bliantúil os cionn an méid atá sainithe ag na dlíthe agus na rialacháin ábhartha.<br>BG, CZ, DK, EL, FI, HU, LT, LV, MT, RO, SK: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha.<br>PT: Neamhcheangailte.<br>HU: Ceanglas cónaitheachta. |
| Seirbhísí ailtireachta<br>agus<br>Pleanáil uirbeach agus seirbhísí ailtireachta tírdhreacha<br>(CPC 8671 agus CPC 8674) | CY, EE, EL, FR, IE, LU, MT, NL, SI, SE, UK: Forchoimeádas ar bith.<br>ES, IT, PL: Tástáil riachtanas eacnamaíoch le haghaidh IP.<br>LV: Tástáil riachtanas eacnamaíoch le haghaidh CSS.<br>FI: Ní mór don duine nádúrtha a léiriú go bhfuil eolas speisialta aige a bhaineann leis an tseirbhís atá á soláthar.<br>BE: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás CSS nuair a bhíonn an pá bliantúil os cionn an méid atá sainithe ag na dlíthe agus na rialacháin ábhartha.<br>DK: Tástáil riachtanas eacnamaíoch, ach amháin i gcás tréimhsí fanachta CSS suas le 3 mhí.<br>BG, CZ, DE, FI, HU, LT, PT, RO, SK: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha.<br>AT: Seirbhísí pleanála amháin, sa chás seo a leanas: Tástáil ar riachtanais eacnamaíocha.<br>HU: Ceanglas cónaitheachta. |
